


tuarascáil bhliantúil 13/14

institiúid teicneolaíochta chorcaí

www.cit.ie




Clár Cistí Struchtúrtha AE na hÉireann
2007 - 2013

Cómhainithe ag Rialtas na hÉireann
agus Aontas na hEorpa



CISTÍ STRUCHTÚRTHA
AONTAS NA HEORPA





Campas Bhaile an Easpaig CIT




Ceolscoil Chorcaí CIT



Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT



Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann



Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

tuarascáil bhliantúil 13/14

www.cit.ie

Is fada agus is oirirc í stair Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT). Ba ann don Royal Cork Institution, ar féidir féachaint uirthi mar réamhtheachtaí ag Coláiste na hOllscoile, Corcaí agus ag Coláiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí araon, chomh luath leis an mbliain 1802 agus bronnadh a Cairt Ríoga uirthi sa bhliain 1807. Thuill sí cáil ar leith i ngeall ar a hoideachas i gcúrsaí ceimice. Rinneadh í a chónascadh leis an Royal Society for the Promotion of Fine Art sa bhliain 1825 agus fuair an Royal Cork Institution nua fairsingthe seilbh ar Theach an Chustaim in 1832.

Cuireadh an School of Design ar bun i gCorcaigh in 1850 agus forbraíodh í mar an Crawford Municipal School of Art, a tháinig ar an saol go foirmiúil ag Plás Emmet in 1885. Bhog an Scoil go dtí an Crawford Municipal Technical Institution i Sráid Sharman Crawford in 1980 agus athainmníodh í mar Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford in 1986.

Bunaíodh an Technical Institute Committee de chuid Bhardas Chorcaí in 1901 agus d'fhorbair sé sin an t-oideachas teicniúil i gCorcaigh tuilleadh. Sa bhliain 1909 socraíodh Coláiste Teicniúil a bhunú agus osclaíodh é in 1912 agus The Crawford Municipal Technical Institute mar ainm air. Ainmníodh an institiúid as an Uasal A F Sharman Crawford a thug an suíomh i Sráid Fitton mar a thugtaí uirthi an uair úd. Cé go dtéann a bunús siar go dtí an Royal Cork Institution, ba é an gar-réamhtheachtaí a bhí aici ná an School of Science a bunaíodh in 1854, agus a tháinig faoi cheannas an Choiste um Theagasc Teicniúil de chuid an Bhardais in 1901.

Bhí teagasc le fáil ón Crawford Municipal Technical Institute nua i raon leathan ábhar teicniúil. Ar feadh tréimhse sna 1920aidí, bhí sí rannpháirteach i gcéim san innealtóireacht i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Tháinig méadú ar raon a cuid cúrsaí i gcaitheamh na mblianta. Cuireadh diplóma de chuid Ollscoil Náisiúnta na hÉireann ar bun i dTeicneolaíocht Cheimiceáin, i gcomhar agus le bainteach Choláiste na hOllscoile, Corcaigh sa bhliain 1941. Bunaíodh cúrsa in Innealtóireacht Mhara in 1944. Sa bhliain 1955, tugadh isteach an chéad Teastas dhá bhliain in Eolaíocht Thionsclaíochta. Sna 1960aidí tháinig cúrsaí éagsúla in Innealtóireacht Shibhialta, sa Leictreonaic agus in Innealtóireacht Mheicniúil ar an saol.

Sa bhliain 1963, aistríodh na cúrsaí foirgníochta ón Institiúid, a bhí plódaithe, go dtí Scoil na Foirgníochta nua ag Sráid an Mhuilinn Sábhadóireachta. Ina dhiaidh sin aistríodh Rannóg Ceirdeanna Leictreacha an Choláiste go dtí Sráid Phóil, Corcaigh. Bhí ranganna eile innealtóireachta ar siúl sa Deanery, Sráid an Déin.

Tháinig an Coláiste Teicniúil Réigiúnach nua ar an bhfód i mí Dheireadh Fómhair 1974. Rinne sé an Crawford Municipal Institute, an síneadh ar Scoil na Foirgníochta agus Innealtóireachta Leictirí a bhí lonnaithe roimhe sin i Sráid Phóil a chuimsiú. Aistríodh roinnt cúrsaí gnó agus foirne go dtí an Coláiste nua ó Scoil Ghnó CGO Chathair Chorcaí ag Oileán Morrison. D'oscail Taoiseach na huair, Seán Ó Loinsigh TD, an foirgneamh go hoifigiúil i mí Eanáir, 1977.

Mar thoradh ar athbhreithniú náisiúnta ar dhaonchumhacht, iarradh ar Institiúidí Ard-Oideachais tograí a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais in 1978 le haghaidh cúrsaí nua céime a chuirfeadh le scileanna daonchumhachta céimithe an fhórsa oibre in Éirinn. Mhol Coláiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí faoi stiúr a Phríomhaí James P Roche ceithre chúrsa céime, Innealtóireacht Cheimiceach (Teicneolaíocht), Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonaice, Innealtóireacht Mheicniúil, agus Ríomhaireacht. Bhí dianghníomhaíocht ar siúl sa choláiste chun ábhar cúrsa a ullmhú do na cúrsaí agus chun creidiúnú a lorg ó Chomhairle Náisiúnta na gCáilíochtaí Oideachais. D'éirigh leis an tionscnamh agus bronnadh a gcuid pár ar chéad chéimithe na gcúrsaí sin in 1983. Thuill na cúrsaí an-mheas ó na páirtithe leasmhara sa tsochaí agus sa tionsclaíocht. Ina dhiaidh sin thug Institiúid Innealtóirí Éireann creidiúnú do na cúrsaí le haghaidh bhallaíocht ghairmiúil na hInstitiúide agus thug ballaíocht san Institiúid do chéimithe na gcúrsaí sin in Innealtóireacht Cheimiceach (Teicneolaíocht), Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonaice, agus Innealtóireacht Mheicniúil. Thug Institiúid na hInnealtóirí Ceimiceacha creidiúnú ar leith don chéim in Innealtóireacht Cheimiceach (Teicneolaíocht) le haghaidh bhallaíocht chorparáideach na hInstitiúide.

Tionóladh na 25ú Comórtais Idirnáisiúnta do Phrintísigh i gColáiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí ó 2 – 17 Meán Fómhair 1979. Tionóladh na Comórtais féin i dtríocha is ceithre scil ceirde i gcampas Bhaile an Easpaig go príomha agus bhí cúig thír déag ón Eoraip, ón Áise agus ó Mheiriceá san iomaíocht. Sheas an dian-ullmhúchán do na comórtais níos mó ná bliain agus ba ghá láithreáin theicniúla ar ardshonraíocht a ullmhú. Bhí breis is sé chéad iomaitheoir agus feidhmeannach ar an láthair agus ba mhór an cúram é cóiríocht a aimsiú do na cuairteoirí sin in óstáin na cathrach agus an chontae. Rinneadh ócáidí sóisialta a réiteach go cúramach do na haíonna agus bhí cuid mhaith imeachtaí cultúrtha agus cuairteanna ar áiteanna áille sa réigiún i gceist. Léiríodh ardleibhéal sástachta le cur i láthair na n-imeachtaí cultúrtha Gaelacha. D'oscail an tAire Oideachais, John Wilson TD, na comórtais agus bhronn an tAire Saothair, Gene Fitzgerald TD, na duaiseanna ag an searmanas dúnta. Thug Uachtarán na hÉireann, an Dr Pádraig Ó hLarghaile, cuairt ar na comórtais. Mheas idir chuairoteoirí agus an Roinn Oideachais gur éirigh thar barr go hidirnáisiúnta leis na himeachtaí agus bhí Éire sa tríú háit i dtábla na mbonn. Chuir an imeacht go mór le cáil idirnáisiúnta na hÉireann mar ionad don leibhéal is airde d'ullmhúchán agus éachtaí teicniúla.

Rinneadh aonán féinrialaithe den Choláiste ar 1 Eanáir 1993, tar éis dó bheith ina institiúid oideachais roimhe sin faoi smacht Choiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí. Rinne Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992, soláthar freisin do dhá fhoras oideachais eile a bhí á rialú ag an CGO agus a bhí le bunú mar scoileanna de chuid an Choláiste Theicniúil Réigiúnaigh, mar atá, Ceolscoil Chorcaí agus Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford.

Le linn na tréimhse 1993 go dtí 2003 tháinig méadú mór ar líon na gcúrsaí agus ar líon na mac léinn ag gach leibhéal san Institiúid. Ba é ba chúis leis sin ná méadú ar an éileamh ar chéimithe oilte chun fostaíocht a ghlacadh i ngeilleagar ardteicneolaíochta a bhí á fhorbairt go tréan. Rinneadh athchóiriú mór ar cheardlanna agus ar shaotharlanna i gcaitheamh na tréimhse sin, a raibh mar thoradh air caighdeán oideachais a bhí feabhsaithe go mór do mhic léinn na Institiúide.

Ar 18 Nollaig 1997 rinne Micheál Martin TD, Aire Oideachais agus Eolaíochta, an Coláiste a athainmniú mar "Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí".

In 1998 rinne grúpa athbhreithnithe idirnáisiúnta athbhreithniú ar CIT agus, mar thoradh ar a gcuid moltaí, chinn an Rialtas in 1999 go dtabharfaí cumhacht don Institiúid a cuid Diplómaí agus Teastas féin a bhronnadh de réir gnáthaimh a comhaontaíodh le Comhairle Náisiúnta na gDámhachtainí Oideachais. Ba é sin an chéad chéim i dtarlmligean údarais d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí chun a céimeanna oideachais féin a bhronnadh.

In Deireadh Fómhair 2004, ghlac Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (CNMÉ) i Rinn an Scidigh, Co. Chorcaí lena chéad chohórt neach léinn. Aistríodh an Roinn Staidéar Mara a bhí suite i gCampas Bhaile an Easpaig de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí go dtí an tsaoráid i Rinn an Scidigh. Is comhcholáiste de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí é CNMÉ atá i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann agus Focus Education Ltd. Déanann an Coláiste freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna an chabhlaigh trádála agus ar riachtanais neamh-mhíleata na Seirbhíse Cabhlaigh agus cuireann sé raon leathan seirbhísí oiliúna ar fáil don tionscal muirí. Is comhpháirtí príobháideach é Focus Education Ltd. atá freagrach as bainistiú saoráidí ag an gColáiste.

Rinne HETAC lánúdarás dámhachtana a tharmligean don Institiúid dá cuid Clár Múinte uile go dtí Leibhéal 9 (Máistreacht Mhúinte) agus an leibhéal sin san áireamh de chuid Údarás Náisiúnta na gCáilíochtaí (NQAI) i mí an Mheithimh 2005.

Rinne HETAC lánúdarás dámhachtana a tharmligean dámhachtainí a dhéanamh ag Leibhéal 9 (Máistreacht Taighde) i ndisciplíní éagsúla Innealtóireachta agus Eolaíochta i Meitheamh 2005.

Ar 19 Meán Fómhair 2005, rinne Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna údarás dámhachtana a tharmligean d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí chun a cuid céimeanna PhD féin a bhronnadh agus ar an dóigh sin rinneadh an t-údarás dámhachtana Leibhéal 8, 9 agus 10 a chomhlánú. Rinneadh an tarmligean le comhaontú NQAI agus cuireadh i bhfeidhm é ar na réimsí léinn áit a bhfuil an Institiúid creidiúnaithe chun clár taighde a choinneáil. Anois tá cumhachtaí dámhachtana céimeanna ag an Institiúid atá inchomparáide le hollscoileanna in Éirinn. Cabhróidh an t-údarás seo dámhachtainí a bhronnadh suas go dtí leibhéal PhD le forbairt leanúnach an taighde cheannródaíoch san Eolaíocht agus san Innealtóireacht in CIT.

Le linn na tréimhse 2005 – 2007, cuireadh críoch le agus áitíodh sraith foirgneamh duaiseora d'ardchighdeán, mar atá Lárionad na Mac Léinn, an tÁras Riaracháin, an tÁras Turasóireachta agus Fáilteachais, agus iad mórthimpeall ar chlós. Chuir siad go mór le híomhá agus le saoráidí Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

Tógadh Lárionad Rubicon ar shuíomh dhá heicteár a ceannaíodh in 2002. Ó osclaíodh é in Eanáir 2006, tá Lárionad Rubicon tar éis é féin a shocrú mar chatalaíoch, agus é ag cabhrú le fiontraíthe a gcuid tionscadal a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile. Is é ról Lárionad Rubicon mar ghoradán ná cuidiú le foirmiú agus le fás gnólachtaí dian-fhaisnéiseacha ag an luathstaid, trí spás fisiceach agus tacaíocht bainistíochta intí, teacht ar chomhairle agus tacaíocht ó fhoinsí san Institiúid. Tá mar aidhm ag an Lárionad timpeallacht na cruthaitheachta agus na nuálaíochta a spreagadh agus fócas leanúnach i gcónaí ar fhás an taighde tráchtála agus gnó eolasbhunaithe sa Réigiún Thiar Theas.

Shínigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta Ordú chun an tAcht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006 a thosú le feidhm ó 1 Feabhra 2007. Tugann an reachtaíocht nua ceithre Institiúid Teicneolaíochta déag na tíre, ar a n-áirítear an institiúid tríú leibhéal is mó sa Stát, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, faoi shainchúram an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) den chéad uair. Go dtí sin, ní raibh an tÚAO freagrach ach as cistiú i leith na seacht n-ollscoil agus i leith roinnt institiúidí ainmnithe níos lú.

Ba chloch mhíle stairiúil é tosach feidhme na reachtaíochta sin don chóras ardoideachais in Éirinn. Ba mhórchéim eile é i bhforbairt na nInstitiúidí Teicneolaíochta mar sholáthraithe an-tábhachtacha deiseanna ardléinn ón bhfochéim díreach ar aghaidh go dtí leibhéal na dochtóireachta.

Bunaíodh Ceolscoil Chorcaí in 1878 sa Pharáid Mhór, Corcaigh agus is í an Cheolscoil is sine in Éirinn í. Tar éis an Dara Cogadh Domhanda bhí sí suite go sealadach i gCé Sheoirse agus ansin bhog sí go dtí áit nua i gCé na hAontachta in 1956. Thug Tuarascáil Hardiman deis athbhreithniú a dhéanamh ar an oideachas ceoil in CIT. Tar éis an-chuid tacaíochta a fháil ó institiúidí agus saoránaigh Chorcaí agus ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, tógadh foirgneamh nua álainn le saoráidí d'ardchaighdeán faoi Chomhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach. Thug an Comhpháirtí Poiblí Príobháideach, Hochtiéf, saoráid nua Ceolscoil Chorcaí ar láimh go hoifigiúil d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí i mí Iúil 2007.

Ó 2007 i leith, lean CIT de thionscadal leathan straitéise a raibh mar aidhm aige feabhas a chur ar sheirbhísí agus ar láithreach na hInstitiúide ar líne. Ba é a bhí mar chéad chuid den tionscadal sin suíomh gréasáin na hInstitiúide www.cit.ie a dtagann an pobal i dteagmháil leis a athdhearadh agus cuireadh i gcrích ina chéimeanna é. Is é an polasaí i dtaca leis an bpríomhláithreán gréasáin ná go bhfuil sé ann go príomha do dhaoine lasmuigh de CIT. Dá bhrí sin, den chuid is mó, ní bhíonn faisnéis a bhaineann go hábhartha leis an lucht féachana inmheánach le feiceáil ar an bpríomhláithreán gréasáin. Chun seirbhísí ar líne a chur ar fáil dóibh siúd laistigh de CIT forbraíodh dhá thionscadal breise a raibh mar chuspóir leo seirbhísí thiomanta ar líne agus tairseacha cumarsáide a sholáthar d'fhoireann agus do mhic léinn na hInstitiúide. Cuireadh Pas 1 den tionscadal do thairseach na foirne (gateway.cit.ie) i gcrích i Meán Fómhair 2010 agus cuireadh tairseach na mac léinn (www.mycit.com) ar bun i Meán Fómhair 2009 agus cuireadh i mbun oibre é i gcomhar le córas rphoist na mac léinn.

Cheannaigh an Institiúid achar mór talún breise (14.175 heicteár) sna 1990aidí. Chuidigh sé sin le saoráidí spóirt a fhorbairt, ar a n-áirítear ocht bpáirc imeartha, raon reatha athchóirithe agus halla gleacaíochta. Ar 26 Bealtaine 2008 d'oscail an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Batt O'Keeffe TD, Staidiam Spóirt nua.

Is comhoibriú í Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe idir Comhairle Cathrach Chorcaí, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus bronntóir príobháideach. I mí na Samhna 2007 osclaíodh don phobal í mar Lárionad Eolaíochta, Réadlann agus bialann cois abhann agus ghnóthaigh sí gradam idirnáisiúnta.

Ba sa bhliain 1582 a tógadh an chéad túr, atógadh é in 1733 agus tógadh é mar atá sé inniu in 1829. Rinneadh athnuachan air sna 1960aidí agus fuair Bardas Chorcaí seilbh air in 2001. Baineann tábhacht leis an gCaisleán i gcur chun cinn na hEolaíochta agus suntasacht CIT i measc phobal an oideachais agus na sochaí.

Ar 16 Deireadh Fómhair 2009, thug an tAire Oideachais agus Scileanna, Batt O'Keeffe TD, cead do CIT suíomh agus foirgneamh taobh le Campas Bhaile an Easpais a cheannach ón ngnólacht leictreonaice Tyco-Sensormatic as SAM chun an campas a fhairsingiú. Thug fáil an tsuimh agus an fhoirgnimh de 7.4 acra deis do CIT freastal ar gach gníomhaíocht printíseachta dá cuid ar Champas Bhaile an Easpais. Thug CIT cuid den mhaoiniú as a cuid acmhainní féin ach is as an mBuiséad Caipitil d'institiúidí tríú leibhéal a tháinig formhór an mhaoinithe don fháil. Bhí an tAire i láthair san Institiúid chun an Conradh le Tyco a shiniú ar 16 Deireadh Fómhair 2009 agus i láthair freisin bhí an Dr Brendan J. Murphy, Uachtarán CIT, agus Donal Sullivan Uas., Stiúrthóir Bainistíochta, Tyco-Sensormatics Electronics.

Ar 17 Eanáir 2010, ghlac CIT seilbh go foirmiúil ar Lárionad NIMBUS le haghaidh taighde ar Chórais Leabaithé. Agus é á mhaoiniú tríd an gClár Taighde de chuid an ÚAO in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTL) in 2007, is é NIMBUS an chéad foirgneamh a críochnaíodh go náisiúnta sa 4ú timthriall de mhaoiniú PRTL agus léirigh sé comhoibriú agus bainistíú tionscadail an-rathúil ag Oifig Forbartha CIT, na hailtirí, conraitheoirí tógála agus ag an bhfoireann taighdeoirí ar dóibh a dearadh an foirgneamh. Le linn tréimhse cúngaithe airgeadais, ba dhea-theist é chomh maith ar an bhfoireann gur cuireadh an tionscadal i gcrích in am agus laistigh den bhuiséad.

Agus tús á chur leis in 2005, chuir CIT an t-aistriú go dtí córas seachadta curaclaim modúlbnaithe i gcrích faoin mbliain 2009. Is gnách go gcuirtear modúlachán i bhfeidhm mar chuid de leasuithe níos leithne agus is minic go mbíonn baint aige le hoiliúint le haghaidh cuspóirí sainithe foghlama (go minic cumasbhunaithe); foghlaim i gcomhar; bealaí indibhidiúla oiliúna; agus carnadh creidmheasa agus aistriú. Ba mhar sin a bhí sé leis an tionscadal modúlacháin ag CIT. Chomh maith le córas modúlbnaithe a thabhairt isteach, thug CIT bliain acadúil isteach a raibh dhá sheimeastar inti. Cuireadh an córas nua i bhfeidhm do mhic léinn nua na chéad bhliana i Meán Fómhair 2007 agus leathnaíodh é go dtí na blianta uile de na clár fhochéime agus iarchéime go léir i Meán Fómhair 2008. Bronnadh céimeanna ar an gcéad chohórt céimithe a chuir a gclár iomlán céime onóracha i gcrích faoin gcóras nua i nDeireadh Fómhair 2011.

Osclaíodh Dánlann Ché Wandesford CIT taobh le Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford CIT ar 18 Meitheamh 2010.

Le blianta beaga, tá Conarthaí sínithe ag CIT le hOllscoileanna agus le hInstitiúidí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon chun comhoibriú a dhéanamh ar chlár acadúla agus taighde. Tá nasc láidre déanta ag an Institiúid go háirithe le Coláiste Ollscoile Chorcaí, leis an Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha, Darmstadt, sa Ghearmáin agus le hOllscoil Pune san India.

Mislean agus Luachanna Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

Tá gníomhaíochtaí uile Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí á rialú ag a ráiteas misin. Cuimsíonn agus léiríonn an ráiteas misin croíluchanna na hInstitiúide.

Ár Misean

Táimid bródúil as an misean agus an ról ar leith atá againn i soláthar an ardoideachais don réigiún agus níos faide i gcéin. Is é ár misean:

Oideachas agus taighde mac léinn-láraithe agus gairm-láraithe a chur ar fáil ar mhaithe le forbairt phearsanta, ghairmiúil agus intleachtúil an mhic léinn agus chun leasa don tsochaí mhór sa réigiún agus níos faide i gcéin.

Ár nGealltanais

Tá an Institiúid tiomanta dá ról laistigh den réigiún agus go náisiúnta. Agus ár misean á chomhlíonadh againn thar raon iomlán na ngníomhaíochtaí atá againn, táimid dírithe ar na gealltanais seo a leanas a chuimsíonn tosaíochtaí, éiteas agus luachanna a chomhlíonadh . . .

- Is Institiúid mac léinn-láraithe í CIT
- Déanann CIT oideachas agus taighde mac-léinn láraithe a sheachadadh
- Cuireann CIT rochtain uileghabhálach ar fáil ar an ardoideachas
- Imríonn CIT ról réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta

Ár bhFís

Agus aghaidh againn ar an todhchaí, is uailmhianach agus dúshlánach í an fhís atá againn d'fhorbairt CIT, mar atá:

Beidh CIT ina hionad idirnáisiúnta aitheanta barr feabhais i soláthar oideachais ghairm-dhírthe a chuireann ar fáil daoine gairmiúla, éifeachtacha, eiticíúla a bhfuil an fhiontraíocht, an nuálaíocht agus an chruthaitheacht ar a gcumas acu.

Ár Spriocanna á mBaint Amach

Tá ár spriocanna straitéiseacha ailínithe le spriocanna náisiúnta níos leithne ar a n-áirítear iad siúd a bhfuil cur síos orthu sa Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas go dtí 2030.

An Creat Straitéiseach Bainistíochta

Tá glactha ag an Institiúid le cur chuige solúbtha agus oiriúnaitheach do bhainistíocht straitéiseach agus do phleanáil straitéiseach.

Sliocht bainte as Plean Straitéiseach na hInstitiúide 2012 – 2016.



Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí
Cork Institute of Technology

clár na nábhar

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

	Leathanach
1. Réamhrá	
1.1 Ráiteas ón gCathaoirleach	12
1.2 Ráiteas ón Uachtarán	13
1.3 Ráiteas maidir le Comhionannas	17
1.4 Gaeilge & Cultúr	18
1.5 Maidir le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a Cairt Eagrúcháin	19
1.6 Aonaid agus Lárionaid Speisialta atá ag feidhmiú laistigh den Institiúid agus an gaol atá acu le Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide	22
1.7 Forbairt Saoráidí Spóirt	27
2. Rialachas	
2.1 Ballraíocht an Bhord Rialaithe	30
2.2 Cruinnithe Bord Rialaithe	31
2.3 Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide (BFI)	32
2.4 Foireann Shinsearach na hInstitiúide	33
3. Gnóthaí Acadúla & Mic Léinn	
3.1 Ballraíocht na Comhairle Acadúla	38
3.2 Ballraíocht Choiste Fheidhmiúcháin na Comhairle Acadúla	42
3.3 Coistí na Comhairle Acadúla	43
3.4 Forbairt Acadúil	44
3.5 Cúrsaí Faofa – Lánaimseartha	45
3.6 Cúrsaí Faofa Fáilte Éireann agus Ceardaíochta	50
3.7 Cúrsaí Faofa - Páirtaimseartha	51
3.8 Údaráis Bhailíochtaithe	56
3.9 Scrúdaitheoirí Seachtracha	60
3.10 Staitisticí Mic Léinn	66
3.11 Duaiseanna na Mac Léinn	70
3.12 Ombudsman na Mac Léinn	79
4. Taighde & Forbairt	
4.1 Gníomhaíochtaí um Idirchaidreamh leis an Tionsclaíocht	82
4.2 Gníomhaíochtaí Taighde ar a n-áirítear achoimre ar na gníomhaíochtaí taighde aonair agus aonáin nuálacha	86
4.3 Foilseacháin Taighde	105
4.4 Naisc Sheachtracha Forbartha	114
4.5 Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta agus AE	116
4.6 Forbairt Campais	120
4.7 Bainistiú Sábháilteachta & Saoráidí	125
5. Tuairisc ar Acmhainní Daonna	
5.1 Tuairisc ar Acmhainní Daonna	128
5.2 Líon na Foirne	130
5.3 Éachtaí na Foirne	131
6. Tuarascáil Airgeadais	
6.1 Tuarascáil Airgeadais	136
6.2 Cuntais Iniúchta	137
7. Faisnéis Eile	
7.1 Nuacht & Imeachtaí	160
7.2 Cumann na gCéimithe	168
7.3 Pointí Teagmhála	170



Leaba Fástála Zero2020

1. Réamhrá

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 1.1 Ráiteas ón gCathaoirleach
- 1.2 Ráiteas ón Uachtarán
- 1.3 Ráiteas maidir le Comhionannas
- 1.4 Gaeilge & Cultúr
- 1.5 Maidir le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a Cairt Eagrúcháin
- 1.6 Aonaid agus Lárionaid Speisialta atá ag feidhmiú laistigh den Institiúid agus an gaol atá acu le Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide
- 1.7 Forbairt Saoráidí Spóirt

1.1 Ráiteas ón gCathaoirleach



Is cúis gliondair dom an Tuarascáil Bhliantúil seo de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí don bhliain 2013/2014 a chur i láthair. Leanann CIT ar aghaidh i dtreo a misean an t-oideachas neach léinn-láraithe is fearr sa tír a chur ar fáil ar mhaithe leis na mic léinn agus chun leasa don tsochaí ina hiomláine. Leanann an Institiúid de bheith ag tabhairt aird ar riachtanais an phobail a ndéanann sí freastal air agus de bheith ag cur a bhfuil á thairiscint aici in oiriúint chun freastal ar na riachtanais sin ar bhonn leanúnach. Is í seo a tríú bliain dom sa ról seo agus b'onóir agus ba phribhléid dom feidhmiú le mo chomhghobharnóirí ar mhaithe leis an institiúid iontach seo. Ba thábhachtach dom cuairt a thabhairt ar na campais go léir agus bualadh le baill eile den fhoireann a ndéanann de CIT institiúid den scoth.

Bhí críochnú agus oscailt an Lárionad don Taighde Teiripeach (CREATE) ar cheann de bhuaicphointí na bliana dom de bhrí go seasann sé don todhchaí a bhaineann leis an nuálaíocht agus taighde ceannródaíoch. Bhí d'onóir mhór agam freisin a bheith in ann freastal ar chuid mhaith searmanas bronnta le linn na bliana. Cuireann éachtaí na mac léinn agus conas mar a dhéanann siad ionadaíocht do CIT ag imeachtaí ar fud na cruinne ríméad ar mo chomhghobharnóirí agus orm féin. Is cúis áthais dom a fheiceáil go bhfuil an comhshocrú misean-bhunaithe comhaontaithe ag an Institiúid leis an Údarás um Ard-Oideachas timpeall ar na seacht dtosaíocht a sainaitníodh agus go deimhin ar an tosaíocht bhreise i bplean straitéiseach CIT. Is suntasach é an t-ailíniú seo.

Mar innealtóir, is féidir liom na buanna go léir agus an taighde a tharlaíonn gan uaim ag CIT sna réimsí eolaíochta agus innealtóireachta a thuiscint agus leas a bhaint astu. Ach is suntasach freisin é an fócas ar na healaíona, ar an gcultúr, ceol, agus spórt de chuid CIT. Smaoiním ar an Oíche Chultúir agus ar léiriú Phósadh Figaro mar dhá shampla bhreátha den fhócas sin. I gcúrsaí spóirt d'éirigh thar barr le heitpheil na mban, leis an gcamógaíocht, sacar, rugbaí agus iománaíocht. Ní mór dom Seachtain Phléaráca Aontas na Mac Léinn a lua freisin agus an tsuim shuntasach airgid a bailíodh ar mhaithe le cúrsaí carthanachta.

Tá líonra de 12 Thairseach Theicneolaíochta bunaithe ag Fiontar Éireann ar fud na tíre i gcomhpháirtíocht leis na hinstitiúidí teicneolaíochta:

- A chuireann réitigh theicneolaíochta ar fáil do thionsclaíocht na hÉireann a bhaineann go dlúth le riachtanais an mhargaidh.
- Ar pointí oscailte rochtana iad don tionsclaíocht den uile mhéid.
- A fheidhmíonn mar phointí áitiúla rochtana d'acmhainní níos leithne in infrastruchtúr taighde na hÉireann.
- A bhfuil cuntas teiste cruthaithe acu i seachadadh don tionsclaíocht.
- A chuir breis is 800 tionscadal tionsclaíoch i gcrích ó 2013.
- Tá luach iomlán na dtionscadal sin níos mó ná €9 milliún agus tagann 46% den iomlán ón tionsclaíocht go díreach.

Is mór an ní é CIT a bheith ag óstú iad seo a leanas:

- CAPPA – an nuálaíocht trí mheán an tsolais
- TEC – Córais Leabaithe

Leantar ar an turas i dtreo Ollscoile Teicneolaíche, agus i Meitheamh 2014 chuir CIT agus IT Thrá Lí mionphlean isteach le haghaidh cumasctha agus ar an gcaoi sin Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan a bhunú. Déanfaidh painéal idirnáisiúnta saineolaithe san ardoideachas an plean seo a mheasúnú. Tá muinín againn go dtiocfaidh toradh dearfach as.

Mar bhuille scoir, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le baill an Bhord Rialaithe, leis an Uachtarán, an Dr Brendan Murphy, leis an mBainistíocht Shinsearach agus leis an bhFoireann as a dtiomantas agus an obair chrua ar feadh na bliana. Is onóir dom i gcónaí a bheith ag obair in éineacht libh go léir agus sinn ag cuidiú le CIT sa misean seo dá cuid atá ag fabhrú.

Bob Savage
Cathaoirleach

1.2 Ráiteas ón Uachtarán



Is í seo an deichiú bliain dom san oifig agus is mar seo a leanas atá mo Ráiteas mar Uachtarán a aibhsíonn cuid d'éachtaí CIT in 2013/14:

A. Foirgnimh agus Eastáit

Cuireadh tógáil an Lárionad d'Ard-Innealtóireacht Theiripeach (CREATE) a bhí maoinithe ag PRTL i gcrích agus rinneadh an t-aistriú oifigiúil don Institiúid i nDeireadh Fómhair. Rinne Seán Sherlock TD, Aire Taighde & Nuálaíocht, na deasghnátha ag oscailt oifigiúil an foirgnimh ar 6 Meitheamh.

B. Gnóthaí Acadúla

Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile le haghaidh na Dámhche Gnó & Daonnachtaí ar 18 Deireadh Fómhair agus fuair 1,212 réamhchéimí a gcuid pár.

Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile le haghaidh na Dámhche Innealtóireachta & Eolaíochta agus Choláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT ar 21 Deireadh Fómhair agus fuair 1,214 réamhchéimí a gcuid pár. Bronnadh an dá chomhdhámhachtain seo a leanas ar an lá:

- Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Eolaíocht Bhithleigheis (CIT/UCC)
- Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) in Ilmheáin (CIT/Hochschule Darmstadt – Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha)

Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile le haghaidh Cheolscoil Chorcaí CIT agus Lárionad Chorcaí don Oideachas Ailtireachta ar 24 Deireadh Fómhair agus fuair 95 réamhchéimí a gcuid pár. Le linn na 3 lá a raibh na Searmanais Bhronnta ar siúl bronnadh 24 dámhachtain iarchéime ar fad i dtaighde agus bronnadh an chéad dochtúireacht ar mhac léinn a bhí cláraithe ar chlár matamaitice.

Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile an Earraigh i CNMÉ ar 13 Feabhra agus fuair 108 réamhchéimí a gcuid pár, agus céim amháin Máistir agus cúig dhochtúireacht san áireamh.

Sa chóras nua aicmíochta AE-urraithe (U-Multirank) don ardoideachas a foilsíodh ar 14 Bealtaine, ba í an Institiúid an t-aon institiúid ardoideachais in Éirinn a bhain "A" amach do chomhfhóilsíú taighde le comhpháirtithe tionsclaíochta. Bhí an Institiúid sa 10% tosaigh de na rannpháirtithe go léir agus 11 Grád "A" á bhfáil aici ar fad.

Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile an tSamhraidh ag an CNMÉ ar 19 Meitheamh agus fuair 64 réamhchéimí a gcuid pár, a raibh san áireamh ann naoi Máistir Ealaíon agus dhá dhochtúireacht.

C. Éachtaí agus Gradaim na Mac Léinn

Fuair an mac léinn Máistir de chuid Cheolscoil Chorcaí CIT, Alez Petcu-Colan, gradam Ceoltóir na Bliana 2013 de chuid Mhásúin na hÉireann agus fuair an mac léinn Baitsiléara Ceoil (Onóracha), Denise Crowley, Duais Brennan as í a bheith ar an gCeoltóir is Mó a bhFuil Gealladh Fúithi i gComórtas 2013 ag comórtais Mhórlóiste Mhásúin na hÉireann ar 12 Deireadh Fómhair.

Bronnadh an Chéad Áit ar an gcéimí in Innealtóireacht Mheicniúil, John Roberts, ag Craobhchomórtais Champais Innovact European Student Innovation 2014 ar 2 Aibreán.

Ghnóthaigh an mac léinn Shane Fogarty Gradam Céad Áit agus an Chéad Duais de Phrintéir 3D Rapid Prototype dá thionscadal "Medication Capsule Thermoforming Process Improvement and Electrostatic Analysis" ag Craobhchomórtais Taispeántas Tionscadail Speak Out for Engineering ar 3 Aibreán.

Bronnadh an Sparántacht Cheoil RDS de €10,000 ar an mac léinn trombóin de chuid Cheolscoil Chorcaí CIT, Clare Daly-Donnellon, ar 29 Aibreán.

Ghnóthaigh na mic léinn Innealtóireachta Meicniúla na torthaí iontacha seo a leanas ag Craobhchomórtais na Mac Léinn Nuálach 2014 de chuid Innealtóirí Éireann i mBaile Átha Cliath ar 6 Meitheamh:

- | | |
|--|--|
| (i) James King | Céad Áit agus Innealtóir Nuálach Mic Léinn na Bliana 2014 (Leibhéal 8) de chuid Innealtóirí Éireann |
| (ii) Brian Hand | Dara hÁit sa Bhabhta Ceannais, Innealtóir Nuálach Mic Léinn na Bliana 2014 (Leibhéal 8) de chuid Innealtóirí Éireann |
| (iii) David Coleman | Dara hÁit sa Bhabhta Ceannais, Innealtóir Nuálach Mic Léinn na Bliana 2014 (Leibhéal 7) de chuid Innealtóirí Éireann |
| (iv) Patrick Walsh,
Shane O’Gorman,
Mark O’Flynn | Dara hÁit sa Bhabhta Ceannais, Innealtóir Nuálach Mic Léinn na Bliana 2014 (Leibhéal 8) de chuid Innealtóirí Éireann |

Bronnadh an teideal mórchlúiteach “Masterchef Ireland” ar Diana Dodog, céimí de chuid na Roinne Turasóireachta & Fáilteachais, ar 22 Meitheamh.

D. Gnóthaí Straitéiseacha

Le linn na bliana 2013/14, d’fhorbair agus chomhaontaigh an Institiúid a comhshocrú misean-bhunaithe leis an Údarás um Ard-Oideachas mar chuid den phróiseas náisiúnta straitéiseach idirphlé ar chuir an tÚdarás tús leis.

Tá 7 dtosaíocht sainaitheanta ag an Údarás don chóras náisiúnta ardoideachais agus iarradh ar gach institiúid cuspóirí agus spriocanna a shainaitheint i dtaca le gach ceann de na tosaíochtaí. Tá na 7 dtosaíocht náisiúnta ailínithe ag CIT leis na 8 dtosaíocht atá sainaitheanta i bPlean Straitéiseach CIT 2012 go 2016. Trí na tosaíochtaí, cuspóirí agus spriocanna a ailíniú, beidh an Institiúid in ann seachadadh de réir a Plean Straitéisigh féin agus leis an gcomhshocrú leis an Údarás faoi chreat straitéiseach bainistíochta na hInstitiúide.

E. Cúrsaí Foirne

- Ceapadh an Dr Guillaume Huyet ina Cheann Gníomhach sa Roinn Fisice Feidhmí & Ionstraimíochta ar 1 Meán Fómhair. Ceapadh freisin é ina Ollamh Cuairte ag Ollscoil Náisiúnta Taighde ar Theicneolaíochtaí, Faisnéis, Meicnic agus Optaic, Cathair Pheadair, an Rúis, agus ina chomhchathaoirleach ar an tSaotharlann um Chórais Léasair.
- Ceapadh an Dr Cian O’Neill ina Cheann ar an Roinn Spóirt, Áineasa agus Staidéar Luathóige ar 2 Meán Fómhair.
- Toghadh Adrian Gregan Uas., Ceann na Roinne Turasóireachta & Fáilteachais, mar Ionadaí Náisiúnta na hÉireann do Chumann Eorpach na Scoileanna Óstáin agus Turasóireachta (AEHT).
- Chuaigh Conor Mowlds i mbun dualgais mar Cheann Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann ar 2 Eanáir.
- Ceapadh Michael Hourihan Uas. ina Cheann ar Staidéar Ceardaíochta le héifeacht ó 2 Eanáir.
- Ceapadh Cormac Gebruers ina Cheann ar Lárionad Halpin, Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann ar 2 Eanáir.
- Athshannadh an Dr Noel Barry, Ceann Staidéar Acadúil, don Scoil Staidéar Iarchéime le héifeacht ó 2 Eanáir.
- Ceapadh Vivion Gough ina Cheann ar an Roinn Staidéar Muirí, Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann ar 7 Feabhra.
- Ceapadh an Dr Margaret Linehan ina Cathaoirleach ar Bhainistíocht Acadamh na hÉireann (IAM) in Aibreán.
- Ceapadh Orla Flynn Uas. Ina Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Seachtracha ar 12 Bealtaine.
- Ceapadh Gerard O’Donovan ina Cheann ar an Dámh Ghnó & Daonnachtaí ar 4 Iúil.
- D’éirigh Michael Delaney Uas., Leas-Uachtarán don Fhorbairt, as ar 31 Lúnasa.

F. Ealaíona agus Cultúr

Thacaigh an Institiúid leis an ochtú Oíche Chultúir a bhí ar siúl ar 20 Meán Fómhair trí imeachtaí éagsúla a óstú ag CCAD CIT, Dánlann Ché Wandesford CIT, CSCh CIT, Monarcha Ailtireachta CIT, RCD CIT and Lárionad Chorcaí don Oideachas Ailtireachta.

Bhronn Kathleen Lynch TD, Aire Stáit don Míchumas, Comhionannas agus Sláinte Intinne, agus Patricia Behan Uas, Suicide Aware, Gradam na Brataí Ómra de chuid Suicide Aware ar an Institiúid ar 11 Samhain. Ba í an Institiúit an chéad Institiúid Teicneolaíochta ar ar bronnadh an Bhratach Ómra de chuid Suicide Aware as sláinte dhearfach intinne a chur chun cinn.

Léirigh CSCh CIT an ceoldráma le Mozart "Pósadh Figaro" ó 10 go 12 Eanáir ag Halla Curtis.

I gcomhar le Wissenschaft im Dialog, d'óstaigh an Institiúid Parlaimint Eorpach na hÓige ag an Institiúid agus ag Halla Chathair Chorcaí ó 15 go 17 Eanáir.

D'oscail Ard-Mhéara Chorcaí, an Comh. Catherine Clancy, taispeántas comhoibríteach d'obair ealaíne 'Legacy' le baill foirne, iarchéimithe agus mic léinn reatha ag CEDC CIT, an Coláiste Náisiúnta Ealaíne & Dearaidh, Institiúid Taighde Ealaíne & Dearaidh ag Ollscoil Uladh, Ollscoil Mínealaíon Shanghai, agus Acadamh Ealaíon & Dearaidh Ollscoil Tsinghua, Beijing, an tSín ag Halla Chathair Chorcaí ar 28 Eanáir.

Bhí Seachtain Pléaráca na Mac Léinn CIT 2014 ar siúl ag an Institiúid ó 10 go 14 Feabhra; bailíodh €10,500 ar fad do charthanais fhiúntacha.

Thug Ambasadóir na Breasaíle chun na hÉirinn, a Shoilse Alfonso José Sena Cardoso cuairt ar an Institiúid ar 21 Márta in éineacht le Consal Onórach na Breasaíle do Chorcaigh, Brendan McAuliffe Uas. Bhuail an t-ambasadóir le mic léinn Bhreasaíleacha na hInstitiúide agus le baill foirne.

Bhronn Jerry Savage Uas., athair Chathaoirleach Bhord Rialaithe CIT, Bob Savage Uas., mionsamhail den tug tarrthála TURMOIL a bhí ar stáisiún ag an gCóbh le linn na 1950aidí ar CNMÉ ar 27 Márta.

Fógraíodh Cumann Idirnáisiúnta na Mac Léinn agus an Cumann Ceoil de chuid na hInstitiúide ina mbuaiteoirí ag Duaiseanna Náisiúnta BICS na gCumann a bhí arna n-óstú ag Ollscoil na Banríona Béal Feirste ar 10 Aibreán.

Thug Ambasadóir na Rúise, A Shoilse Maxim Peshkov, cuairt ar an Institiúid ar 25 Aibreán agus bhuail le mic léinn Rúiseacha na hInstitiúide.

G. Cúrsaí Spóirt

Ghnóthaigh Foireann Eitpheile na mBan de chuid na hInstitiúide an Pláta Idir-ollscoileanna ar 1 Nollaig.

Ghnóthaigh Foireann Shinsearach Camógaíochta na hInstitiúide Sciath Ardoideachais Purcell ar 11 Feabhra.

Ghnóthaigh iománaithe idirmheánacha na hInstitiúide Craobh Iománaíochta Idirmheánach na Mumhan ar 21 Feabhra.

Ghnóthaigh Foireann Iománaíochta Idirmheánach na hInstitiúide an Chraobh Uile-Éireann Idirmheánach ar 13 Márta.

Choinnigh Foireann Rugbaí Ban na hInstitiúide greim ar a gcraobh Uile-Éireann ar 26 Márta.

Ghnóthaigh Foireann Sacair na mBan de chuid na hInstitiúide Sciath Idir-Ollscoileanna WSCAI ar 27 Márta.

Sheol Jimmy Deenihan TD, Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta "Tionscadal Spraoi" de chuid na Roinne Spóirt, Áineasa & Staidéar Luathóige go hoifigiúil: A strategy to improve nutrition and physical activity in Irish primary school children" ar 2 Bealtaine.

H. Nuálaíocht agus Taighde

Sheol an tAire Taighde & Nuálaíochta, Seán Sherlock TD, líonra náisiúnta de Thairseacha Teicneolaíochta, atá in ann réitigh atá bunaithe ar an teicneolaíocht a sheachadadh do chuideachtaí in Éirinn. D'óstaigh CIT dhá Theicneolaíocht dá leithéid, Gateways, CAPPA agus TEC, iad araon ag cur seirbhísí teicneolaíochta éagsúla ar fáil do ghnólachtaí i Réigiún Chorcaí.

Ar 14 Samhain, bronnadh an Grand Prix for Best Contribution to Design in Ireland 2013 ar Mhonarcha Ailtireachta na hInstitiúide.

Fuair "DairySolve", nuáil talmhaíochta arna cruthú ag na mic léinn John Keane, Innealtóireacht Mheicniúil, Hayden Doyle, Margaíocht, agus Seán Dowling, Gnó, an chéad duais agus an teideal Fiontraí CIT na Bliana.

Baineadh leas as duais shuntasach chaipitil a fuair baill foirne de chuid na Roinne Eolaíochtaí Bitheacha, an Dr Brigid Lucey agus an Dr Aidan Coffey, ó Science Foundation Ireland chun Oil-Speictriméadar MALDI-TOF (Matrix-assisted laser desorption/ionization time-of-flight) a cheannach. Cuireadh an gléas nua i bhfearas ag an tSaotharlann Bhitheolaíochta comhoibritheach ag Ospidéal Ollscoile Chorcaí (OOC), rud a bhuntacaíonn leis an gcomhoibriú torthúil atá ar siúl le fada idir CIT agus OOC.

Bhronn Chevron Shipping an Conradh Oiliúna Muirí is mó in Éirinn riamh ar CNMÉ ar 6 Bealtaine.

Ar 27 Bealtaine, bhí Seán Sherlock TD, Aire Taighde & Nuálaíochta, i láthair nuair a shínigh CIT agus Institiúid Náisiúnta Tyndall Meamram nua Tuisceana chun an chomhphairtíocht atá ann a athnuachan agus fad a chur leis.

Ag seoladh Áras CREATE ar 6 Meitheamh, d'fhógair Seán Sherlock, Aire Taighde & Nuálaíochta, fionnadh speiceas baictéireach nua ag baill d'Fhoireann CREATE.

I. Straitéis Náisiúnta don Ardoideachas

Mar a cuireadh in iúl thuas, chuir an tÚdarás um Ard-Oideachas tús leis an bpróiseas straitéise idirchaidrimh atá leagtha amach sa tSraitéis Náisiúnta. Tá an próiseas dírithe ar chion agus feidhmíocht an chórais ardoideachais a shainmhíniú agus a chainníochtú go náisiúnta.

Ar 6 Meitheamh 2014, chuir CIT agus IT Thrá Lí mionphlean isteach d'fhonn cumasc a dhéanamh agus Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan a bhunú. Déanfar an plean seo, a chomhlíon na riachtanais atá leagtha amach i Staid 2 den phróiseas le haghaidh ainmniú mar Ollscoil Teicneolaíochta, a mheasúnú ag painéal de shaineolaithe idirnáisiúnta ardoideachais faoi Staid 3 den phróiseas.

Táimid ag fanacht ar thoradh an mheasúnaithe sin agus tá muinín againn go measfar ár dtogra OTM a bhunú a bheith inchreidte agus indéanta.

An Dr Brendan J. Murphy
Uachtarán

1.3 Ráiteas maidir le Comhionannas

Is fostóir d eiseanna comhionannais í Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Tá sí tiomanta d'fhorbairt leanúnach polasaithe agus gnáthamh nach ndéanann idirdhealú ar bhonn inscne, stádas pósta, aoise, míchumais, cine, creidimh reiligiúnaigh, bunúis eitnigh nó claonta ghnéasaigh.

Oibreoidh sí i gcónaí ar son díothú cleachtas míchóir agus cuirfidh sí chun cinn agus forbróidh sí éiteas comhionannais laistigh den Institiúid.

1.4 Gaeilge & Cultúr

Faoi théarmaí Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (1992) agus Acht na gCáilíochtaí (1999), tá ar an Institiúid aird a thabhairt ar chaomhnú, ar chur chun cinn agus úsáid na Gaeilge agus ar chaomhnú agus ar fhorbairt an chultúir náisiúnta. Tá freagrachtaí ar leith ar CIT de bhrí go bhfuil ceantair Ghaeltachta mar chuid dá réigiún. Tá cuid mhaith oideachais dara leibhéal freisin trí Ghaeilge sa réigiún ar mhian leis an Institiúid a bheith sofhreagrach dó. Lena chois sin, leagann na haltanna in Acht na dTeangacha Oifigiúla ar cuireadh tús feidhme leo trí ordú an Aire Gnóthaí Tuaithe, Pobail agus Gaeltachta, oibleagáidí nua ar an Institiúid.

1.5 Maidir le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a Cairt Eagrúcháin

Feidhmíonn Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí thar cheithre príomhshuíomh i gcathair agus i gcontae Chorcaí:

Campas Bhaile an Easpaig atá suite i mbruachbhailte thiar Chathair Chorcaí
Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT (CEDC CIT) atá suite i gCathair Chorcaí
Ceolscoil Chorcaí (CSCh CIT) atá suite i gCathair Chorcaí
Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (CNMÉ) atá suite i Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí

Campas Bhaile an Easpaig

Tá an Príomh-Champas, a bhfuil achar 35 heicteár ann, suite i mBaile an Easpaig agus cuimsíonn sé Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta, an Dámh Ghnó & Daonnachtaí, Príomh-Leabharlann CIT, Saoráidí Spóirt agus oifigí an Uachtaráin, an Chláráitheora & Leas-Uachtaráin do Ghnóthaí Acadúla, an Leas-Uachtaráin do Ghnóthaí Seachtracha agus an Leas-Uachtaráin d'Airgeadas & Riarachán.

Tá Lárionad Rubicon agus Lárionad NIMBUS suite ar an gcampas seo freisin.

Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT (CEDC CIT)

Is foirgneamh liostaithe é Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT atá ann ó go luath sna 1900aidí i Sráid Sharman Crawford agus cuimsíonn sé na ranna Mínealaín & Dearadh Ceirmeach, Oideachas Ealaíne & Dearaidh agus Teiripe Ealaíne & Amharc-Oideachas Leantach. Is cuid de CEDC CIT freisin í Roinn na Meán Cumarsáide atá suite ar Champas Bhaile an Easpaig.


Ceolscoil Chorcaí CIT (CSC CIT)

Téann stair CSCh CIT siar go dtí 1878 agus tá sí suite anois i saoráid úrscothach ó Mheán Fómhair 2007. Cuimsíonn sí na ranna Staidéar Méarcháir, Staidéar Sreinge, Gaothuirilísí, Cnaguirlísí, Staidéar Gutha & Drámaíochta agus Staidéar Ceoltóireachta & Acadúil.


Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (CNMÉ):

Tá an coláiste úrscothach seo, atá ag feidhmiú ó 2004, suite i Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí. Cuireann sé oiliúint agus oideachas ar fáil don loingeas tráchtála agus do riachtanais neamh-mhíleata Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann (CCÉ). Is iad Seirbhísí NMCI an chuid tráchtála den Choláiste.

1.5 Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide



1.5 Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide (1 de 2)



1.5 Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide (2 de 2)

1.6 Aonaid agus Lárionaid Speisialta a fheidhmíonn laistigh den Institiúid

Feidhmíonn na Lárionaid agus an tAonad seo a leanas faoi choimirce an Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Seachtracha

1. Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe (RCD)

Trí bhithín RCD, tá CIT ag athrú dearcaí i leith na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na Teicneolaíochta go dearfach agus é mar aidhm aici aitheantas agus meas uirthi mar lárionad barr feabhais i dtaighde agus in oideachas agus i bhfor-rochtain san eolaíocht a bhaint amach. Trí mheán na réalteolaíochta cuireann RCD lárionad barr feabhais san eolaíocht ar fáil do phobal Chorcaí agus don mhór-réigiún, rud a chothaíonn spéis san eolaíocht, san innealtóireacht agus sa teicneolaíocht. Tugann 25,000 cuairteoir cuairt ar RCD in aghaidh na bliana.

2. Lárionad NIMBUS do Thaighde i gCórais Leabaithe Líonraithe

Is foirgneamh taighde úrscothach de 1,800m² a tógadh le sainchuspóir é Lárionad NIMBUS arb é an Grúpa Taighde Straitéiseach um Chórais Leabaithe Líonraithe a chnámh droma. Is é an t-aon lárionad taighde in Éirinn é atá tiomanta don réimse sin. Cuimsíonn NIMBUS an Grúpa Córas Oiriúnaitheachta Gan Sreang, an Grúpa Córas Cliste Comhtháite agus an Lárionad Teicneolaíochtaí do Ríomhaireacht Leabaithe (TEC). Feidhmíonn Lárionad TEC mar an comhéadan príomhúil tionsclaíochta le Lárionad NIMBUS agus cuireann “siopa aon stad” ar fáil don nuálaíocht i gcórais leabaithe le haghaidh tionscail sa réigiún. Cuireann Lárionad NIMBUS deis ar fáil don tionsclaíocht úsáid a bhaint as saotharlanna tionsclaíochta agus teacht ar chlár tacaíochta. Tá foireann de bhreis is 80 idir taighdeoirí agus mic léinn iarchéime lonnaithe ann.

Tá freagracht príomhúil ar thaighdeoirí NIMBUS as feidhmiú agus sochar a bhaint as an Leaba Tástála Náisiúnta Fuinnimh Inmharthana Tógála a cuireadh i gcrích in 2013 ar Champas Bhaile an Easpaig. Tá an leaba tástála, nach bhfuil a leithéid eile in Éirinn, arna páirtmhaoiniú i gcomhar le United Technologies Research Centre, corparáid ilnáisiúnta Mheiriceánach.

Feidhmíonn NIMBUS an tsaoráid um Nuálaíocht Córas agus Seirbhísí Uisce i gcomhar le Comhairlí Chontae agus Chathair Chorcaí agus imríonn ról tábhachtach i Lárionad Mhala um Nuálaíocht Córas.

3. Lárionad Rubicon

Is Lárionad Goir ar champas CIT é Lárionad Rubicon. Lonnaithe anseo tá 50 cuideachta tosaithe eolasbhunaithe agus céimeanna éagsúla forbartha bainte amach acu. Ar an gcéim choincheapa atá cuid de na cliaint, roinnt eile agus a gcéad orduithe ó chustaiméirí á gcur i gcrích acu agus cuid mhaith eile agus iad ag trádáil go hidirnáisiúnta cheana féin. Ó osclaíodh doirse Lárionad Rubicon in Eanáir 2006, tá sé tár éis áit a bhaint amach mar chatalaíocht don nuálaíocht agus don fhiontraíocht i gCorcaigh. Chuaigh síneadh leis an bhfoirgneamh i mbun oibríochta i Meitheamh 2010, rud a chuir méadú ar an spás iomlán goir go 2,100m². Is é is ról do Lárionad Rubicon mar ghoradán ná cuidiú le deilbhiú agus forás gnólachtaí dianeolais go luath ina saol trí spás fisiceach, tacaíocht bainistíochta intí, teacht ar chomhairle agus tacaíocht ó fhoinis Institiúide a chur ar fáil. Tá mar sprioc ag an Lárionad timpeallacht na cruthaitheachta agus na nuálaíochta a spreagadh agus fócas i gcónaí ar fhás gnólachtaí eolasbhunaithe agus taighde tráchtála a chothú i Réigiún an Iar-dheiscirt.

4. Aonad do Thionscadail Nuálaíochta Straitéiseacha

Cuireadh an tAonad do Thionscadail Nuálaíochta Straitéiseacha ar bun chun bainistiú a dhéanamh ar na Tionscadail de chuid an Chiste Nuálaíochta Straitéise (SIF) atá á dtreorú ag CIT An tOideachas san Fostaíocht (Timthriall 1) agus Mapa Bóthair do Chomhpháirtíochtaí Fostaíochta-Acadúla (Timthriall 2). Is éard atá i gceist leis ná 9 nInstitiúid Teicneolaíochta agus 2 Ollscoil comhpháirtíochta i gcomhar. Tá an tAonad freagrach freisin as an mbaint atá ag CIT le roinnt tionscadal SIF gaolmhara ar a n-áirítear Aistriú Eolais sa Churaclam atá á threorú ag WIT, an Tionscadal Foghlama Solúbtha atá á threorú ag IIT agus an tionscadal IDEAS agus é á threorú ag UL. Chomh maith le haschuir agus gnéithe airgeadais na dtionscadal a bhainistiú, tá an tAonad freagrach freisin as aschur na dtionscadal a scaipeadh agus as gníomhaíochtaí comhpháirtíochta agus bainteachta a phríomhshruthú.

Feidhmíonn na Lárionaid seo a leanas faoi choimirce Cheann Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta:

1. An Lárionad Taighde Bith-Fhionnachtana BIO-EXPLORE

Is é atá sa Lárionad Taighde Bith-Fhionnachtana ná grúpa ildisciplíneach taighdeoirí ina bhfuil baill ó na Bitheolaíochtaí, ó Cheimic, Fhísic agus Ionstraimíocht Fheidhmeach agus Innealtóireacht Bhithleighis. Cuirfidh an Lárionad d’Ard-Innealtóireacht Theiripeach (CREATE) timpeallacht ildisciplíneach agus teacht go héasca ar fáil don tionsclaíocht agus do thaighdeoirí cuairte.

Cuimsíonn BIO-EXPLORE:

- MEDIC – an Lárionad d’Innealtóireacht Dearaidh agus Nuálaíochta Leighis. Tá ionstraimí nua agus cur chuige á bhforbairt a thabharfaidh roinnt coincheap táirgí leighis go dtí staid an réamhthráchtálaithe gach bliain.

- Dhá sprioc ardleibhéal atá ag MEDIC, mar atá, cur le hacmhainn Taighde Bithleighis agus Eolaíochta Feidhmí CIT agus teicneolaíochtaí leighis agus táirgí a bhfuil acmhainn tráchtála iontu a fhorbairt. Déanfaidh MEDIC na feistí agus na teicneolaíochtaí sin a fhorbairt go dtí an staid ina mbeidh siad inaistrithe go dtí aonán tráchtálaithe (e.g. cuideachta atá ann cheana féin trí mheán chomhaontú ceadúnais NÓ eischuideachtaí campais).
- Díreoidh MEDIC ar thrí shnáithe taighde: feistí leighis SMART (comhtháthú micrileictreonaice i bhfeistí leighis amhail ionchlannáin ortaipéideacha); Athshlánú Cuidithe (úsáid a bhaint as anailís ar siúl d'fhonn táirgí agus teicneolaíochtaí a fhorbairt le haghaidh athshlánú íobartach stróic agus/nó feabhas a chur ar fhorbairt fhisiceach le haghaidh leanaí ar a bhfuil parailís cheirbreach; agus Leigheas Teiripeach agus Athghiniúnach – dírithe ar bheangáin ortaipéideacha cnáimhe, comhdhúilí athghiniúnacha agus antabhaictéireacha;
- Taighde Micribhitheolaíochta/Víreolaíochta – dírithe ar scagadh, leithlisiú agus a comhdhúile nua antaimiocróbacha a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt ar shláinte an duine;
- Taighde ar an mBithfhaisnéisíocht – dírithe ar thacú le faisnéis a bhaint as taiscí sonraí bitheolaíoch;
- Taighde ar Bhia – dírithe ar fhabhtú fungasach agus baictéarach a smachtú i dtáirgí déiríochta agus feola, síneadh a chur le seilfré tháirgí úra agus réamhbhitheachtaí a fhorbairt;
- Taighde ar Mhais-Speictriméadracht agus ar Bhith-Ghníomhaithe – dírithe ar leithlisiú, thréithriú agus ar úsáid comhdhúile bithghníomhacha (ar a n-áirítear luibheanna) i raon leathan feidhmeanna. Baintear úsáid as teicnící na mais-speictriméadrachta a bhfuil na taighdeoirí chun tosaigh go domhanda inti, do chuid mhaith den taighde fiosraithe. Tá taighdeoirí CIT ar thús cadhnaíochta san Eoraip sa réimse sin i gcúrsaí bith-thocsainí bia-iompartha.

2. An Lárionad do Chórais Ard-Déantúsaíochta & Bainistíochta (CAMMS)

Tá an lárionad do Chórais Ard-Déantúsaíochta & Bainistíochta nasctha le Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla, Leictirí & Próisis in CIT. Baineann an Lárionad leas as saineolas dearaidh, tógála, tástála agus bailíochaithe na Ranna sin chun fadhbanna a réiteach don tionsclaíocht agus chun oiliúint agus oideachas atá cothrom le dáta a sheachadadh. Ar na teastasuithe atá ar fáil tá City and Guilds, American Society for Quality agus Cumann na hInnealtóirí Déantúsaíochta. Is Comhball é an Lárionad den Institiúid Idirnáisiúnta don Taighde Innealtóireachta Táirgthe (CIRP) agus Soláthraí aitheanta Oiliúna d'Fhorbairt Leanúnach Ghairmiúil Innealtóirí Éireann. Féadfar cláir shaindeartha a sheachadadh sa láthair oibre nó ag CIT.

3. Lárionad d'Oideachas Ailtireachta Chorcaí (CCAE)

Is comhfhiontar é idir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Coláiste Ollscoile Chorcaí a bunaíodh in 2006 agus Comhairle Chathair Chorcaí. Agus gairm na haitireachta laistigh den réigiún ag tacú leis, is fiontar uathúil é Lárionad d'Oideachas Ailtireachta Chorcaí agus is forbairt nádúrtha é ar an gcomhoibriú agus ar an gcomhpháirtíocht thrasinstiúideach.

Cuireann sé fochéimeanna agus iarchéimeanna comhdháfa (múinte agus taighde) in Ailtireacht ar fáil.

4. An Lárionad Glan-Teicneolaíochta (CTC)

Cuireadh CTC, atá suite ar Champas Bhaile an Easpaig, ar bun in 1992 mar eagraíocht neamhbhrabúsach agus é dírithe ar chuir chuige choisctheacha do chosaint an chomhshaoil. Is uathúil mar a tháinig an CTC ar an bhfód agus mar ar tugadh tacaíocht dó. I ngach tír ina bhfuil lárionad barr feabhais dá leithéid, is ag nó i gcomhar le rialtas áitiúil nó leis an rialtas náisiúnta amháin a bunaíodh iad. Ach ba mhar thoradh ar fhadhbheathnaitheacht Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí a cruthaíodh CTC go príomha agus mar léiriú ar fhreagracht shóisialta chorparáideach tionsclaíochta.

 9. Ag Gradaim Mhórchlúiteacha Excellence de chuid Innealtóirí Éireann a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath ar 8 Samhain 2013, bronnadh Innealtóir Nuálach Mic Léinn Leibhéal 8 de chuid Innealtóirí Éireann arna urrú ag Siemens ar **Patrick Byrnes**.
 10. Glacadh le ceathrar mac léinn de chuid CSCh CIT, **Ed Creedon** (vióla), **Macdara Lynch** (olldord), **Maria O’Connor** (dordveidhil) agus **Louise Sheehan** (fliúit) le haghaidh Scéim Meantóireachta Cheolfhoireann Shiansach RTÉ.
 11. Bhí tráthnóna faisnéise Oibrithe Deonacha Thar Lear 2014 ar siúl ar 12 Samhain 2013 i nDánlann Lárionad na Mac Léinn, Campas Bhaile an Easpaig. Labhair triúr mac léinn faoin taithi a fuair siad mar oibrithe deonacha le linn an tsamhraidh.
 - **Mara Muller-Tolk**, Mínealaín & Dearadh –ag obair go deonach le Help2kids sa tSainsáin agus sa Mhaláiv
 - **Naomi Matabvu**, Ceimic Anailíseach agus Chógaisíochta –oibrí deonach le Habitat for Humanity sa tSaimbia
 - **Adam Peerrbux**, Cúram Sóisialta –oibrí deonach le EIL Éire in Jaipur na hIndia.
 12. Bhí Craobhchomórtas Sparánacht an Athair Frank Maher ar siúl os comhair lucht éisteachta beo agus painéal oirrc meastóirí ar 15 Samhain 2013 i gColáiste Chaisleán Chnucha, Baile Átha Cliath. Bhí an comórtas ar oscailt do mhic léinn ionstraime i mbliain na hArdeistiméireachta agus roghnaíodh seachtar iomaitheoir craoibhe chun seinm sa chraobh.

Roghnaíodh beirt mhac léinn de chuid CSCh CIT, **Mairéad Hickey**, mac léinn veidhlín de chuid Adrian Petcu agus **Martha Campbell**, mac léinn viola de chuid Constantin Zanidache.

Ghnóthaigh Mairéad Hickey, mac léinn ardteistiméireachta i gColáiste Chnoc na Trócaire, an duais de €2,000 le cinneadh d'aonghuth an ghiúiré tar éis seacht léiriú de chaighdeán an-ard. Ghnóthaigh mac léinn téaduirlice eile de chuid CSCh CIT, **Sinéad O'Halloran**, dordveidhle, an scoláireacht sin anuraidh. Chuaigh sí ar aghaidh chun staidéar a dhéanamh ar scoláireacht in Dallas, Texas.

13. Reáchtáil Dámh na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta an t-imeacht bliantúil bronnta duaiseanna i Lárionad na Mac Léinn CIT ar 28 Samhain 2013. Bronnadh breis is 50 duais ar mhic léinn de chuid na Dámh os comhair 300 duine a bheag nó a mhór. Ghlac na mic léinn agus a lucht leanúna, baill foirne na Dámh agus urraithe tionsclaíochta páirt iomlán san imeacht taitneamhach seo. Chun an 10ú comóradh bliana de bhronnadh Sparánacht Clíona Magner a cheiliúradh bhí muintir Magner agus iarfhaghteoirí an ghradam seo i láthair.
14. Bhí comórtas náisiúnta Scileanna Éireann 2014 ar siúl in CIT ó 9 – 13 Nollaig 2013. Ba imeacht mórchlúiteach é seo do CIT agus go háirithe don Lárionad do Staidéar Ceardaíochta. Cé go roinntear na ceirdeanna éagsúla idir CIT agus DIT, bhí ríméad ar CIT na comórtas in aon cheird déag a óstú mar seo a leanas: Cairpeantóireacht, Siúinéireacht, Suiteálacha Leictreacha, Rialú Tionsclaíoch, Monarú Miotail, Plástráil, Feistiú Gléasra Foirgníochta, Táthú, Cuisniú, Meicitreonaic, agus Teicneolaíocht Ghluaisteáin. Bronnadh trófaíthe ar bhuaiteoirí Scileanna Éireann 2014 ag an Searmanas Bronnta ar 13 Nollaig 2013. Bhí an tArdmhéara, an Comh. Catherine Clancy, an tAire Seán Sherlock TD, Aire Taighde agus Nuálaíochta, agus an Comh. Noel O'Connor, Méara Chontae Chorcaí, i láthair.
15. Bhuaigh an mac léinn Spóirt agus Aclaíochta ceathrú bliain **Yvonne O'Byrne**, an "Southside & District Sports Award" ar 2 Eanáir 2014. Tharla sé sin mar aitheantas as í a bheith roghnaithe, den chéad uair, ar Scuid Hacaí Sinsearach na hÉireann don turas dá gcuid go dtí Terrassa na Spáinne ó 7 – 16 Eanáir 2014. Rinne International Airport Hotel Chorcaí urraíocht ar an nGradam (príomhurráithe) i gcomhar leis an urraí gradaim Gerald McCarthy agus Media Partners RedFM. Tá Yvonne ar an scuid in éineacht lena comhghleacaí CIT **Clíodhna Sargent**.
Fuair **Yvonne** a céad Chaipín Sinsearach Idirnáisiúnta ar 12 Eanáir 2014 nuair a bhuaigh Éire 4-2 in aghaidh na Spáinne. D'imir **Clíodhna Sargent** den 133ú uair ag leibhéal idirnáisiúnta.
Fuair **Yvonne** duais freisin ag an mBronnadh Duaiseanna de chuid na Dámh Gnó agus Daonnachtaí 2013. Bhain sí amach an grád ba airde i gclár an Bhaitsiléara Gnó i mBainistíocht Fóillíochta agus Áineasa.
16. Is go gasta a rinneadh duine de na príomh-mharcaigh amaitéara in Éirinn de **Jane Mangan**, a bhí 19 mbliana d'aois, mac léinn sa dara bliain Margaíochta, agus cuirtear i gcomparáid go minic í leis na príomh-amaitéirigh bhaineanna in Éirinn, Nina Carberry agus Katie Walsh.
17. Bronnadh an 2ú háit ar **Patrick Curran**, mac léinn sa chéad bhliain ar an gclár Baitsiléara i mBainistíocht Beáir sa Roinn Turasóireachta & Fáilteachais as an gcoibhlint chrua a rinne sé sa "National Hospitality Student Cocktail Challenge" ar 5 Feabhra 2014, a reáchtáladh san RDS i mBaile Átha Cliath. Chuaigh **Patrick** i gcion ar na meastóirí le scil agus cur i láthair manglaím fhéin-chruthaithe ar a dtugtar "The Honey-pot". Bhí mic léinn as gach cearn den tír san iomaíocht don teideal mórchlúiteach seo.
18. Léiríodh roinnt éachtaí suntasacha le mic léinn de chuid na Roinne Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha agus Comhshaoil ag an dinnéar bliantúil de chuid Institiúid na hInnealtóirí Struchtúrtha a reáchtáladh ar 7 Feabhra 2014 i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Bronnadh na gradaim seo a leanas:

Gradam			Faighteoir	Maoirseoirí Tionscadail
Duais Mac Léinn 2013	Bronnta as tuairisc agus cur i láthair tionscadail deireadh bliana	Ainmniúcháin as céim creidiúnaithe leibhéal 8; mic léinn in NUIG, UCC, TCD, UCD, DIT, QUB agus CIT	James Barry céimí de chuid Beng CIT (Onór) in Innealtóireacht Struchtúrtha	John J. Murphy agus Kieran Ruane
Mac Léinn Teicneora 2013	Ghnóthaigh an tionscadal seo Gradam Innealtóireachta an Wood Marketing Federation an samhradh seo caite		Dara háit Nick Bailey , BEng in Innealtóireacht Shibhialta CIT	Andrew Macilwraith
Duais Mac Léinn Teicneora 2012 (Duais coinnithe ón mbliain seo caite)			Andrew Meehan agus Paul Glavin BEng in Innealtóireacht Shibhialta CIT	Ted McKenna

Tá na céimithe go léir ag leanúint dá staidéar sa Roinn: is mac léinn é James san MEng Múinte in Innealtóireacht Struchtúrtha, agus tá Andrew, Paul agus Nick ag cur BEng (Onór) in Innealtóireacht Struchtúrtha i gcrích.

19. Bhí Tráthnóna Bronnta Scoláireachtaí Spóirt CIT ar siúl ar 10 Feabhra 2014. Bronnadh scoláireacht mhórchlúiteach spóirt ar 94 lúthchleasaí mic léinn as cúig spórt dhifriúla déag. De na 94 scoláireacht a bronnadh bhí 35 Scoláireacht Céad Bhliain/ Forbairt CIT, 37 Scoláireacht Sinsearach CIT, 14 Scoláireacht Comhairle na Mumhan CLCG, 7 Rugbaí na Mumhan CIT, chomh maith le scoláireacht de chuid FC Ban Chorcaí.
20. Roghnaíodh **Jordan Bagot**, naoi mbliana déag d'aois agus mac léinn lánaimseartha ar an mBaitsiléir Ceoil (Onóracha) CSCh CIT, mar chraobhiomaitheoir i nDuaiseanna Scoláireacht Eorpach an Yamaha Music Foundation 2014. Sheinn triúr mac léinn a bhí ar an gcuid ab fhearr de na ceoltóirí Pianó as conservatoires Phoblacht na hÉireann sa bhabhta deiridh in Halla Katherine Brennan ag Acadamh Ríoga na hÉireann, Baile Átha Cliath, ar 11 Feabhra 2014.
21. Ghnóthaigh mic léinn as an Roinn Foirgníochta ar an gclár MSc i mBainistíocht Tionscadal Foirgníochta Duais CIOB Student Challenge na hÉireann ar 13 Feabhra 2014. Bhí na mic léinn in iomaíocht le foirne mic léinn as cláir a bhaineann leis an bhfoirgníocht in Institiúidí Teicneolaíochta agus Ollscoileanna taobh thuaidh agus taobh theas den Teorainn. Ba iad an ceathrar mac léinn a ghnóthaigh ná **Niall Mulcahy, Greg Hayes, Leon Sexton** agus **Richard Long**.
22. Rinneadh Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile an Earraigh sa CNMÉ ar 13 Feabhra 2014. Rinneadh an bronnadh ar réamhchéimithe as:
- Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann
 - An Roinn Innealtóireachta Meicniúla, Bithleighis & Déantúsíochta
 - An Roinn Turasóireachta & Fáilteachais
 - An Roinn Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil
 - An Roinn Fisice Feidhmí & Ionstraimíochta
 - An Roinn Ceimice
 - An Roinn Innealtóireachta Leictirí agus Leictreonáí
- Fuair 108 réamhchémí a gcuid pár a raibh san áireamh iontu céim Máistir Innealtóireachta amháin agus cúig PhD.
23. Roghnaíodh beirt iarchéimithe de chuid Cheirmeacht CEDC CIT, **Sara Flynn** agus **Nuala O'Donovan**. chun ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn ag an European Ceramic Context 2014. Tá mar aidhm ag ECC2014 forléargas a thabhairt ar an gceirmeacht chomhaimseartha Eorpach le saothar beirt den lucht gairmiúil, ealaíontóirí bunaithe a roghnaíodh as gach ceann de na 30 tír Eorpach a bhí rannpháirteach.
24. Bhí Searmanas Bronnta Gradaim as Éachtaí Ar Leith de chuid na Roinne Innealtóireachta Meicniúla, Bithleighis agus Déantúsíochta 2014 ar siúl ar 20 Feabhra 2014. Mar chuid den Searmanas bhí Balla Póstaeir Áirc 100 Póstaer agus Compendium Foilsithe Pictiúrtha de 96 Leathanach. Bronnadh Gradaim orthu seo a leanas:

Teideal an Ghradaim	Faighteoir
Bronnadh Gradam Cuimhneacháin Tim Sexton na Bliana 2014	<p>Patrick Byrnes, BEng Céimí na Céime Innealtóireachta Meicniúla CIT le Céad Onóracha Mac Léinn Nuálach Innealtóirí Éireann Siemens na Bliana</p> <ul style="list-style-type: none"> • Céad Áit agus Buaiteoir Glan Gradam Náisiúnta Leibhéal 8 2013 <p>Mac Léinn Nuálach Innealtóirí Éireann Siemens na Bliana</p> <ul style="list-style-type: none"> • Céad Áit agus Buaiteoir Glan Amach Gradam Náisiúnta Leibhéal 8 2011 <p>Is é Patrick an t-aon duine riamh a ghnóthaigh Gradaim Leibhéal 7 agus Leibhéal 8 araon</p>
Bronnadh Gradam Sár-Éacht Iarchéime Cuimhneacháin Richard Hale na Bliana 2014	<p>John Roberts, BEng Céim Innealtóireachta Meicniúla CIT le Céad Onóracha Gradam Speak Out for Engineering de chuid Institiúid na nInnealtóirí Meicniúla Fiontar Éireann Céad Áit agus Buaiteoir Gradam Náisiúnta Glan Amach 2013</p> <p>Tracy Cotter Céimí in Innealtóireacht Bhithleighis CIT Innealtóir Sinsearach Cliniciúil Stiúrthóir Stylite Designs Ltd Dearadh agus Déanamh Cathaoireacha Rotha Nuálacha agus Réitigh Suíochánra do Dhaoine le Míchumais Éadroma agus Chasta</p>

Bronnadh Gradaim Institiúid na nInnealtóirí Meicniúla

Bronnadh Gradam Mac Léinn Frederic Barnes Waldron is Fearr na Bliana (Teastas agus Bonn)	Ken O'Connell, BEng Céimí Céad Onóracha Céim Innealtóireachta Meicniúla CIT Innealtóireacht agus Teicneolaíocht Chomhairle Taighde na hÉirean (IRCSET) Buaiteoir Céad Áit Gradam Scoláireachta Náisiúnta PhD 2013
Bronnadh Gradam Tionscadail Institiúid Innealtóirí Meicniúla (Teastas agus Bonn)	Shane Fogarty, BEng Céimí Céad Onóracha Céim Innealtóireachta Meicniúla CIT MEETA – Gradaim Mhic Léinn Asset Managers Association 2013 Céad Áit fhoriomlán Gradam Mic Léinn MEETA 2013
Bronnadh Teastas don Mac Léinn is Fearr de chuid Institiúid Innealtóirí Meicniúla	Alan O'Reilly, BEng Céimí Céad Onóracha Céim Innealtóireachta Bithleighis CIT Céad Áit i Rang Céime 2013
Bronnadh Teastas don Tionscadal is Fearr de chuid Institiúid Innealtóirí Meicniúla	Darren Dawson, BEng Céimí Céad Onóracha Céim Innealtóireachta Bithleighis CIT Buaiteoir Gradaim 2013 Scoláireacht PhD RISAM Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

25. Roghnaíodh an céimí PhD de chuid Innealtóireacht Mheicniúil CIT, an **Dr Shona Cunningham**, agus an céimí Innealtóireachta Meicniúla, **Shane Fogarty**, as iontráil mhór idirnáisiúnta chun Taispeántas a thabhairt agus dul san iomaíocht sa 26ú Craobhchomórtas Bliantúil do Thionscadal Mic Léinn Innealtóireachta Leighis i gCeanncheathrú Institiúid na nInnealtóirí Meicniúla, Londain ar 27 Feabhra 2014.

Ghnóthaigh siad na gradaim seo a leanas:

Céimí	Teideal an Tionscadail	Gradam
Shane Fogarty	Medication Capsule Thermoforming Process Improvement and Electrostatic Analysis	Céad áit – Duais JRI don Taispeántas agus cur i láthair Póstaer do Thionscadal Innealtóireachta Leighis Fochéime
An Dr Shona Cunningham	Carbon Dioxide Absorption and Channelling in Closed Circuit Rebreather Scrubbers	Dara hÁit – Duais Medimaton don Taispeántas agus Cur i Láthair do Phóstaer le haghaidh Tionscadal Innealtóireachta Leighis

26. D'éirigh go suntasach le foireann mac léinn Ríomhaireachta agus Gnó de chuid CIT nuair a ghnóthaigh siad an dara háit i gcatagóir na nuálaíochta i gCraobhchomórtas Náisiúnta Chorn Microsoft Imagine i mBaile Átha Cliath ar 4 Márta 2014. Bhí an fhoireann (**Robert Gabriel** – Dweb2, **Rokas Lukosevicius** – Dweb2, **Libor Kampas** – Dcom2, agus **Mathew Donovan** – BIS1) san iomaíocht in aghaidh iomaíocht den scoth chun an toradh iontach seo a bhaint amach.

27. Bhí an Searmanas Bronnta Bliantúil Duaiseanna Institiúide de chuid na hInstitiúide chun sárchéimithe 2013 a onóru ar siúl ar 10 Márta 2014. Bronnadh duaiseanna ar na mic léinn seo a leanas:

Uimh.	Ainm	Teideal an Ghradaim	Scoil/Coláiste
1	Peter Berry	Mac Léinn Céime Baitsiléara is Fearr	Scoil Ghnó
2	James Boyle	Mac Léinn Céime Baitsiléara is Fearr	Scoil Innealtóireachta Meicniúla, Leictrí & Próisis
3	Tom Doyle	Mac Léinn Céime Onóracha is Fearr	Ceolscoil Chorcaí CIT
4	Casper Dudarec	Mac Léinn Céime Onóracha is Fearr	Scoil Innealtóireachta Meicniúla, Leictrí & Próisis
5	Arantxa Duque Barrachina	Mac Léinn Céime Máistir Múinte is Fearr	Scoil Eolaíochta & Fáisnéisíochta
6	Arantxa Duque Barrachina	Mac Léinn is Fearr ar an Iomlán	Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí
7	Denis Fitzgerald	Mac Léinn Céime Baitsiléara is Fearr	Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
8	Claire Flahavan	Mac Léinn Céime Máistir Múinte is Fearr	Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
9	David Higgins	Mac Léinn Céime Baitsiléara is Fearr	Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann
10	Simon Irwin	Mac Léinn Céime Baitsiléara is Fearr	Scoil Eolaíochta & Fáisnéisíochta
11	Donal Keane	Mac Léinn Céime Onóracha is Fearr	Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann
12	Amy McCollum	Mac Léinn Céime Máistir Múinte is Fearr	Scoil Ghnó
13	Gary Murphy	Mac Léinn Céime Onóracha is Fearr	Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
14	Maria Murray	Gradam Marshall Hutson – Mac Léinn Oideachais is Fearr	Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
15	Donal O'Callaghan	Mac Léinn Céime Baitsiléara is Fearr	Scoil Eolaíochta & Fáisnéisíochta
16	Vivienne O'Mahony	Mac Léinn Céime Máistir Múinte is Fearr	Scoil Ghnó
17	Alex Petcu-Colan	Mac Léinn Céime Máistir Múinte is Fearr	Ceolscoil Chorcaí CIT
18	Emma Power	Mac Léinn Céime Máistir Múinte is Fearr	Scoil Innealtóireachta Foirgníochta & Sibhialta
19	Izabela Zawadska	Mac Léinn Céime Onóracha is Fearr	Scoil Ghnó

28. I Márta 2014, sheol Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta a clár Gradam Éachtaí STEM. Is é an aidhm a bhaineann leis an gclár seo aitheantas a thabhairt do chéimithe ar thug a gcuid oibre san eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus sa mhatamaitic (STEM) cion suntasach i gcomhthéacs gairmiúil. Ba é **Brian Nation**, céimí Innealtóireachta Ceimice CIT agus Máistir-Dhríogaire ag Irish Distillers i Mainistir na Corann, céad fhaighteoir na Dáimhe. Tugadh an gradam i ngeall ar a chuid éachtaí gairmiúla.
29. Mar chuid de Sheachtain Nuálach CIT, bhí an Comórtas **APP**rentice ar siúl don tríú bliain agus bhí an taispeántas ar siúl ar 14 Márta 2014. Ba é an aidhm a bhí leis an gcomórtas ná go mbeadh a oiread mac léinn agus ab fhéidir ar fud na hInstitiúide páirteach agus aitheantas a thabhairt do mhic léinn le smaointe maithe d'aipeanna fóin chliste. Ba é **Richard Burke Buaiteoir APP**rentice **2014** go hiomlán. Is mac léinn sa Chéim BEng Innealtóireachta Córas Leictreonacha (Onór) é. Is aip é an t-aip a dhear sé, Life Map, ná aip a chuideoidh le daoine le dementia níos mó eolais faoina dteaghlach a choinneáil trí amharc-mhapa soiléir a dhéanamh de shaol na úsáideora.
30. Maidir leis an tSeachtain Nuálach, bhí breis is 28 imeacht ar siúl a raibh 2,400 idir daoine a bhí rannpháirteach agus ag freastal. Ar 14 Márta 2014, fógraíodh buaiteoirí Dhuais CIT don Nuálaíocht.

	Duais	Ainm na Cuideachta	Roinn/Ranna
1ú Duais agus teideal Entrepreneur(s) CIT	€4,000	Dairy Solve	Córais Chuntasaíochta & Faisnéise Margaíocht & Gnó Idirnáisiúnta Innealtóireacht Mheicniúil
Forbairt Teicneolaíochta	Dearbhán NIMBUS €5,000	Agri-Stop	Córais Chuntasaíochta & Faisnéise Innealtóireacht Mheicniúil, Bhithleighis & Déantúsaíochta
Is Nuálaí	€2,000	Quick Connections	Innealtóireacht Mheicniúil, Bhithleighis & Déantúsaíochta
Duais Iarchéime/ Páirtaimseartha	€1,000	AllerAid	Forbairt Eagraíochta & Ghairmiúil
Plean Gnó agus Cur i Láthair is Fearr	€1,000	Retain The Rain	Scoil Eolaíochta & Fáisnéisíochta
Duais Fiontraíochta Sóisialta	€1,000	Silent Interactions	Margaíocht & Gnó Idirnáisiúnta Innealtóireacht Mheicniúil, Bhithleighis & Déantúsaíochta
An Seastán is Fearr	€1,000	First Stroke Control	Innealtóireacht Mheicniúil, Bhithleighis & Déantúsaíochta

31. Roghnaíodh **Tomas Penc** agus **Jackie Nevin**, an bheirt acu ina mic léinn in CEDC CIT, chun a saothar a chur ar taispeánt san Eight Gallery, Sráid Dáson, Baile Átha Cliath. Is gradam mórchlúiteach é seo agus fuair siad an lámh in uachtar ar iomaíocht ó mhic léinn ó gach cearn den tír. Bhí an Taispeántas ar siúl ó 14 go 21 Márta 2014.
32. Bhí Gradaim Chumainn & Gníomhaíochtaí na Mac Léinn ar siúl ar 26 Márta 2014 i Lárionad na Mac Léinn, Campas Bhaile an Easpaig. Bhronn an Déan Staidéar Iarchéime, an Dr Eamonn Cashell, Teastais Tuilleamais ar mhic léinn a bhfuil baint acu le cumainn agus coistí mar aitheantas ar a gcion do chumainn i rith na bliana. Bronnadh roinnt gradam speisialta freisin (Cumann na Bliana, Rísam Uile, an Cumann Acadúil is Fearr, an Cumann Nua is Fearr, an Cumann is Fearr Feabhsú, an tImeacht is Fearr agus an Sár-Éacht).
33. Bronnadh an Chéad Áit ar **John Roberts** – Trófaí Champas Nuálaíochta Mic Léinn Innovact Eorpach agus Duais de €3,000 ag Craobhchomórtais Eorpacha Mic Léinn Innovact a bhí ar siúl ar 1 agus 2 Aibreán 2014 in Reims na Fraince. D'éascair tionscal buaic-chúrsa na bliana deiridh san innealtóireacht mheicniúil as an ard-dearadh, forbairt, déantús agus tástáil na feiste cumasaithe PyraAid do rothchathaoir as an tionscadal ildisciplíneach innealtóireachta agus gnó ma tríú bliana. Ní raibh ach an t-aon duais le bronndh as 20 craobhiomaitheoir an-suntasacha (a raibh roinnt díobh sin ina bhfoirne ildisciplíneacha ag leibhéal PhD agus leibhéal iar-PhD agus tionscadail ard-leibhéal acu – scoth na hEorpa). Tharla éacht John tar éis próiseas trí staid a raibh san áireamh ann an chéad aighneacht, ard-aighneacht i staid na leaschraoibhe agus an mheastóireacht dheiridh.
34. Bhí Craobhchomórtais Thaispeántas Thionscadal an Speak Out for Engineering ar siúl ar 3 Aibreán 2014 i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath. Ghnóthaigh **Shane Fogarty**, mac léinn CIT, Gradam Chéad Áit agus an Chéad Duais de Phrintéir Mionsamhlach Gasta 3D, dá thionscadal dar teideal "Medication Capsule Thermoforming Process Improvement and Electrostatic Analysis".
35. Bhí Gradaim Bhliantúla Chomhairle Aontas na Mac Léinn ar siúl ar 7 Aibreán 2014. Bhronn an Dr Barry O'Connor, Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla agus an Dr Dan Collins, Riarachán Acadúil & Bainisteoir Gnóthaí Mic Léinn Teastais Tuilleamais ar ionadaithe ranga as a gcion deonach do shaol an champais. Bhronn Oifig Aontas na Mac Léinn gradaim ar chúigear Ionadaithe Ranga a ainmníodh chun aitheantas a thabhairt dá "Sár-Chion Deonach" ar feadh na bliana acadúla.

Ba iad faighteoirí na ngradam:

David Brady, Michelle Carroll, Peter Glavin, Martin Healy agus **Una McDermott**

36. Fógraíodh **Cumann Idirnáisiúnta na Mac Léinn** agus an **Cumann Ceoil** mar bhuaiteoirí ar 10 Aibreán 2014 ag Gradaim na gCumann Náisiúnta BICS a d'óstaigh Ollscoil na Banríona. Fuair Cumann Idirnáisiúnta na Mac Léinn "Gradam an Chumainn is Fearr" sa réimse acadúil, cultúrtha agus sóisialta agus fuair an Cumann Ceoil "Gradam an Chumainn is Mó Feabhas" as a mbunathrú chun feabhais le linn na bliana seo caite. Is éacht suntasach é don dá ghrúpa agus do CIT go bhfuarthas dhá ghradam d'ainneoin iomaíocht an-ghéar don onóir.
37. Ba í **Clara Daly-Donnellan** (Trombón), mac léinn de chuid CSCh CIT, buaiteoir Sparánacht Cheoil an RDS ba óige riamh. Bronnadh Sparánacht €10,000 ar an gceoltóir trombóin seo atá 18 mbliana d'aois as Cathair Chorcaí ag an RDS ar 29 Aibreán 2014.
38. Ar 30 Aibreán 2014, bhí tráthnóna Gradaim Bhliantúla Graduate Recruitment Gradireland ar siúl i dTeach an Ard-Mhéara, Baile Átha Cliath. Mealladh breis is 500 aoi chuig tráthnóna gala mórthaibhseach na ngradam agus i láthair bhí mórpháirtithe leasmhara thionscal na hearcaíochta céimí.

Ghnóthaigh **Róisín O'Grady** agus **Teresa Morgan** as Seirbhís Ghairmeacha CIT an "Silver Award" i gcatagóir Gradam na hInfhostaitheachta As a gcuid Clár Infhostaitheachta Saothair" a forbraíodh agus a seachadadh i gcomhar le Dámh na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta. Cuireann an clár seo Oideachas Scileanna Infhostaitheachta ar fáil do mhic léinn sa tríú bliain, bliain dheiridh agus iarchéimithe laistigh de Dhámh na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta in CIT. Dírionn sé go sonrath ar mhúinín na mac léinn a mhéadú maidir leis an aistriú ón tríú leibhéal isteach san ionad oibre. I mbliana ghnóthaigh an tSeirbhís gradam den chéad uair ag an imeacht mórchlúiteach seo.
39. Rinne mic léinn de chuid an BA (Onór) i Meáin Cumarsáide in Amharc-Chumarsáid CEDC CIT branda nua a dhearadh don Chlár Cúram Sláinte Inbhuanaithe de chuid Ospidéal Ollscoile Chorcaí (OOC) agus iad faoi stiúir Valerie Renehan Uas., Léachtóir, Dearadh Grafach agus Ilmheáin, le cabhair ón Údarás um Fhuinneamh Inbhuanaithe Éireann (SEAI). Chuir ocht ngrúpa mic léinn tionscadail ar fáil agus thug láithreoireacht ghairmiúil d'ionadaithe OOC, a bhfuair trí cinn díobh gradaim ó POF an Ospidéil. Fuair an branda SEECO de chuid na foirne a bhuail gradam don chéad áit. Is cúis ríméid d'OOC deis a bheith acu oibriú i gcomhar le CIT agus SEAI ar an tionscnamh tábhachtach seo. Thug an choimre chruthaitheachta sracléiriú ar conas ba ghá don bhranda dul i gcion ar lucht féachana mór agus mhínigh cuspóir chlár an ospidéil maidir le héifeachtacht fuinnimh agus cúram sláinte inbhuanaithe. Beidh an branda nua ina chuid lárnach i ngach cumarsáid agus gníomhaíocht agus beidh sé in úsáid taobh le brandaí bunaithe fuinnimh, mar shampla, Gradam Glas An Taisce, SEAI, Power of One, Health Cities, agus EcCOWell. Is buaic é an tionscnamh seo ar an gcur chuige comhpháirtíochta a tháinig chun cinn idir OOC agus CIT.

40. Bhí Bronnadh Gradaim Spóirt CIT ar siúl ar 30 Aibreán 2014 i Lárionad na Mac Léinn, Campas Bhaile an Easpaig. Ba é an t-aoichainteoir iariománaí Chorcaí agus céimí de chuid CIT, Conor Cusack.

Tá na gradaim seo á reáchtáil ó 1993 agus cuireann siad deis iontach ar fáil don Institiúid aitheantas a thabhairt dóibh siúd ar éirigh go sármaith leo sna spóirt atá roghnaithe acu ar feadh na bliana. Tugann na Gradaim Spóirt deis freisin dúinn aitheantas a thabhairt dár gcuid céimithe agus Clubanna. Bronnadh na gradaim seo a leanas:

Ainm	Spórt	Cúrsa
Mark O'Leary	Cispheil na bhFear	Cuntasaíocht 3
Emma Farmer	Peil na mBan	Áineas & Fóillíocht 3
Shane O'Driscoll	Rámhaíocht	Bainistíocht Foirgníochta 4
Michael O'Sullivan	Iománaíocht	Teicneolaíocht Fuinnimh Inbhuanaithe 4
Paul Deasy	Sacar na bhFear	Margaíocht Ghnó 4
Róisín Ormond	Rugbaí na mBan	Innealtóireacht Bhithleighis 4
Laura Burchill	Peil na mBan	MA i gCuntasaíocht
Karol Pawlak	Eitpheil	Ilmheáin 2
Katie Galvin Pearse O'Flynn	Camógaíocht Seoltóireach	Innealtóireacht Bhithleighis 1 Córais Faisnéise Gnó 2
Rachel O'Shea	Lúthchleasaíocht	Áineas & Fóillíocht 2

Mac Léinn Céad Bhliain na Bliana:

Jean O'Sullivan	Peil na mBan	Talmhaíocht 1
-----------------	--------------	---------------

Céimí na Bliana:

Michael Fennelly	Iománaí Sinsearach Chill Chainnigh	-
------------------	------------------------------------	---

Gradaim Ghaisce:

Conor Skehan	Liathróid Raicéid	Innealtóireacht Iontráil Chomónta 1
Yvonne O'Byrne	Hacaí	Spórt & Aclaíocht 4

Club na Bliana:

An Club Iománaíochta

41. Bronnadh an teideal mórchlúiteach “MasterChef Ireland” ar **Diana Dodog**, Céimí de chuid na Roinne Turasóireachta & Fáilteachais ar 7 Bealtaine 2014 agus ghnóthaigh sí €25,000 mar dhuais. Tá a cistin sráide agus gnó lónadóireachta fein ag Diana anois, The Food Depot, in éineacht lena fear ceile **Michael O'Donovan** – ar céimí é de chuid na Roinne freisin.
42. Thionól Roinn na Meán Cumarsáide CEDC CIT “Siompóisian Ilmheán” arna óstú ag mic léinn na bliana deiridh den BA (Onór) in Ilmheáin in Áras Berkeley, Campas Bhaile an Easpaig ar 15 Bealtaine 2014. Chuir an t-imeacht seo an obair a bhí cruthaithe ag na mic léinn ar taispeáint trí shamplaí idirghníomhacha, póstaear agus láithreoireachtaí gearra neamhfhoirmiúla ó bhéal. Bhí na tionscadail seo go léir dírithe ar an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid le cur le heispéaras an chuirteora i lárionaid oidhreachta ar fud réigiún Chorcaí: Príosún Chathair Chorcaí, Eispéaras an Titanic, Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe CIT, agus Clochar na Toirbhirte Theas.
43. D’óstaigh mic léinn an BA (Onór) in Amharc-Chumarsaid de chuid Roinn na Meán Cumarsaide CEDC CIT a dtaispeántas céime “Contrast” in Halla Taispeantais James Barry, ar Champas CIT Bhaile an Easpaig ó 29 Bealtaine go 10 Meitheamh 2014. Bhí an-éagsúlacht taispeántais le feiceáil ann. Ar na smaointe nuálacha bhí athnuachan ar imeachtaí traidisiúnta sóisialta le dul i gcion ar an bpobal scothaosta, feidhmeanna ar líne a chuidigh le daoine faoi neamhord séasúrach mothálach (SAD), féile a léirigh bia sláintiúil ar phraghas réasúnta, agus pacáistí oideachasúla do leanaí a bhí dírithe ar dhea-bhail ainmhithe.
44. Osclaíodh an Taispeántas Bliantúil Céime de chuid CEDC CIT ar 6 Meitheamh 2014. Chuir Taispeántas an BA (Onór) i Mínealaín agus an BA (Onór) in Ealaíona Comhaimseartha Feidhmeacha ealaíontóirí Éireann na todhchaí, a chuir barr feabhais ar a gcuid scileanna in an-chuid réimsí difriúla le linn na gceithre bliana roimhe sin, chun cinn. Reáchtáladh taispeántas na bliana seo “Na hOibreacha” ar champas CEDC CIT agus lean ar aghaidh go dtí 15 Meitheamh. Ba é seo an 22ú bliain den Taispeántas Céime seo de chuid CEDC CIT, ar buaicphointe cultúrtha agus sóisialta na bliana é i gCathair Chorcaí. Chuir 62 mac léinn saothar ar taispeáint i meáin éagsúla ar a n-áirítear Ceirmeacht, Gloine, Líniocht, Péintéireacht, Priontáil, Scannán, Grianghrafadóireacht, Dealbhóireacht, agus Teicstilí.
45. Rinne an Ceathairéad Chiral, a chuimsíonn ceathrar mac léinn ón gclár MA de chuid CSCh CIT (**Hugh Murray & Christine Kenny**, veidhlíní, **David Kenny**, víola, agus **Maria O'Connor**, dordveidhil), ionadaíocht do CIT ag an bhféile “KBC Great Music in Irish Houses” i mBaile Átha Cliath ar 14 Meitheamh 2014. Is í seo an fhéile cheol aireagail is faide ar an bhfód go leanúnach in Éirinn. Ba ghrúpa amháin iad de cheithre ghrúpa ceoltóirí óga a roghnaíodh le dul san iomaíocht le haghaidh sparánachta agus sraith ceolchoirmeacha an bhliain seo chugainn mar chuid de thionscnamh nua na Féile “Support Act – The residency”. Cuireadh críoch leis an gclár le ceolchoirm ag an Luibhghairdín agus fógraíodh ina mbuaitheoirí iad.
46. Ghnóthaigh beirt mhac léinn as Innealtóireacht Mheicniúil an Comórtas Náisiúnta Scileanna i Meictreonaic, ar imeacht foirne í. Fuair **Aaron Cronin** agus **Brian Healy** marcanna cuid mhaith níos airde ná a gcomhiomaitheoirí. Reachtáladh an t-imeacht ar 19 agus 20 Meitheamh 2014 i mBaile Meánach agus ba ard é caighdeán na hiomaíochta, amhail mar a bhíonn ag na Comórtais Scileanna Eorpacha.
47. Bhí Bronnadh na gCéimeanna agus Dámhachtainí Eile ar siúl ar 19 Meitheamh 2014 i gColáiste Náisiúnta Mara na hÉireann agus fuair 64 réamhchéimí a gcuid pár.

3.12 Ombudsman na Mac Léinn

D'fhaomh an Bord Rialaithe Polasaí Gearáin na Mac Léinn ag cruinniú dá gcuid ar 1 Iúil 2010. D'éiligh an polasaí sin go mbunófaí ról nua "Ombudsman na Mac Léinn" in CIT agus leag amach téarmaí tagartha dá ról, agus é ag tuairisciú don Uachtarán.

Cuireann Ombudsman na Mac Léinn comhairle ar mhic léinn agus cuidíonn leo maidir le réiteach a aimsiú ar bhealach neamhfhoirmiúil ar fhadhbanna nó ábhair ghearáin a bhaineann le baill foirne nó seirbhísí de chuid na hInstitiúide.

D'fhéadfadh na seirbhísí a chuireann Ombudsman na Mac Léinn ar fáil saincheisteanna ábhartha mic léinn a atreorú le haghaidh réitigh ag na seirbhísí sin de réir mar is iomchuí.

Bíonn gach fiosrúchán de chuid Ombudsman na Mac Léinn faoi rún, ach amháin i gcás go mbeadh bagairt thromchúiseach ann ar bheatha nó ar mhaoin.

Ceapachán Ombudsman na Mac Léinn

Iarradh ainmniúcháin ón bhfoireann acadúil. Rinne an tUachtarán an ceapachán tar éis athbhreithnithe a raibh baint ag an gCláráitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla agus Uachtarán Aontas na Mac Léinn leis.

- Ceapadh Paul Sliney Uas., iarbhall ar scor den fhoireann acadúil ó 24/9/2010 go 31/1/2012.
- Ceapadh Kevin Kelly Uas., iarbhall ar scor den fhoireann acadúil ó 1/2/2012 go 31/1/2013.
- Ceapadh John P. Murphy Uas., iarbhall ar scor den fhoireann acadúil ó 1/2/2013.



Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe CIT

4. Taighde & Forbairt

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 4.1 Gníomhaíochtaí um Idirchaidreamh leis an Tionsclaíocht
- 4.2 Gníomhaíochtaí Taighde ar a n-áirítear achoimre ar na gníomhaíochtaí taighde aonair agus aonáin nuálacha
- 4.3 Foilseacháin Taighde
- 4.4 Naisc Sheachtracha Forbartha
- 4.5 Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta agus AE
- 4.6 Forbairt Campais
- 4.7 Bainistiú Sábháilteachta & Saoráidí

4.1 Gníomhaíochtaí um Idirchaidreamh leis an Tionsclaíocht

Is pointe teagmhála tábhachtach céad uair i an Oifig um Idirchaidreamh leis an Tionsclaíocht le haghaidh na tionsclaíochta agus bíonn baint aici **le raon leathan gníomhaíochtaí:**

1. Tacaíocht do chuideachtaí atá i mbun tosaithe
2. Tacaíocht T&F agus Fiosrúcháin ó Chuideachtaí
3. Aistriú Teicneolaíochta
4. Fiontraíocht Champais
5. Gníomhaíochtaí Áitiúla, Réigiúnacha & Náisiúnta

4.1.1 Tacaíocht do Chuideachtaí atá i mBun Tosaithe

Tá an Institiúid tiomanta do chabhair a thabhairt d'fhiontraithe agus do thosuithe nua gnó sa réigiún. Cuirtear tacaí agus deiseanna ar fáil do chuideachtaí atá ann cheana lena gcuideachtaí a chur chun cinn go dtí an chéad leibhéal eile. Déantar é sin go mór mór trí Lárionad Rubicon agus trí na cláir a réachtálar ón Lárionad, agus freisin tríd an gClár Technology Gateways (Clár an Lárionad Taighde Fheidhmhígh (ARE) mar a bhíodh air).

Lárionad Rubicon

Cuireann Lárionad Rubicon cóiríocht ar fáil do 220 duine, agus iad ag obair i 60 cuideachta tosaithe. Is é seo an comhchruinniú cuideachtaí tosaithe is mó in Éirinn. Tá naisc le CIT ag níos mó ná 50% de na cuideachtaí atá bunaithe sa Rubicon. Baineann na naisc sin le socrúcháin mhic léinn, tionscadail mhic léinn nó le comhthaighde agus forbairt.

Lean Lárionad Rubicon dá chlár forbartha a réachtáil i rith na bliana.

• New Frontiers (Céim 1)

Lean CIT den chlár New Frontiers Céim 1 a réachtáil i gcaitheamh na bliana. Cuidíonn Enterprise Start le fiontraithe folaigh cinní a dhéanamh maidir le hindéantacht a smaoinimh agus tugann léargas ar na gnéithe bunriachtanacha a bhaineann le frontar nua a chruthú. Ag deireadh an chláir, tugtar deis do gach rannpháirtí a bplean gnó a chur i láthair phainéal saineolaithe agus áisíneachtaí tacaíochta. Féadfaidh na rannpháirtithe comhairle agus tacaíocht a fháil maidir le cár cheart tuilleadh cúnaimh a lorg chun a smaoineamh gnó a fhorbairt. Ar chríochnú an chláir dóibh, leanann tuairim is 80% díobh ar aghaidh chun a gcoincheap gnó a fhorbairt ar bhonn páirtaimseartha nó lánaimseartha.

• New Frontiers (Céim 2)

Imríonn Clár New Frontiers tionchar suntasach ar cheantar Chorcaí i dtéarmaí na dtosuithe gnólachtaí. Ina seal, rachaidh roinnt mhaith cuideachtaí "céimí" New Frontiers ar aghaidh chun céimíthe CIT a fhóstu agus beidh sé ina fhoinsé rialta socrúcháin do mhic léinn CIT agus beidh tionscadail chomhoibrítheacha chonartha taighde ag cuid mhaith díobh le CIT.

I mí Eanáir, bhí Seán Sherlock TD, Aire Stáit don Thaighde agus Nuálaíocht, i gceannas ag na Gradaim Bhliantúla agus ag an gCur ar Taispeáint. Cuireann an searmanas gradaim críoch le bliain na rannpháirtithe ar an gclár. Tháinig na 12 rannpháirtí as raon earnálacha ar a n-áirítear bogearraí, r-fhoghlaim, meáin dhigiteacha, bia, agraghnó, agus táirgí tomhaltóra.

Bhí breis is 200 duine i láthair ag Taispeántas & Gradaim New Frontiers 2014 as comhlachtaí forbartha réigiúnacha, rannpháirtithe reatha agus iar-rannpháirtithe Genesis, caipitlithe frontair, infheisteoirí príobháideacha, an pobal ardoideachais agus an pobal mór gnó sa réigiún Thiar Theas. Bronnadh Gradam Alumni 2014 ar Sensory Research (Clár Fiontraíochta Genesis 2002). Bronntar an gradam gach bliain ar alumnus de chuid na gclár Genesis Enterprise/New Frontiers a bhfuil dul chun cinn mór déanta aige/aici ina réimse trachtála nó a chuidigh ar bhealach suntasach le gnólachtaí eolas-bhunaithe a fhorbairt sa réigiún. Faoi láthair ta 30 duine fostaithe ag an gcuideachta i gCorcaigh agus i Chicago, SAM.

• Fiontraíocht na mBan

Leanann CIT de bheith ina ceannaire i réimse fiontraíocht na mban. Réachtáladh PINC i gcónaí le linn 2013/2014. Is dianchlár é PINC le haghaidh fiontraithe baineanna a dteastaíonn uathu a gcuid smaointe gnó a fhorbairt go dtí an chéad chéim eile. Réachtálar an clár go páirtaimseartha i gcaitheamh 10 seachtaine, rud a ligeann do na rannpháirtithe a gcuid cúram teaghlaigh a chothromú agus iad ag an am céanna i mbun pleanála agus forbartha a gcuid frontar gnó. Is é an smaoineamh a spreagann PINC ná deis a thabhairt do na rannpháirtithe díriú ar a smaoineamh gnó i ngrúpthimpeallacht struchtúrtha agus meantóireacht a fháil duine le duine ag an am céanna ar gach gné dá ngnó. Faoi láthair is é céatadán na gcuideachtaí a bhfuil mná i gceannas orthu sa Rubicon ná 25% agus is céatadán an-ard é sin. Tá PINC ar cheann de na tosca is mó is cúis leis an gcéatadán seo.

Chomh maith le PINC, fuair CIT maoiniú in Iúil 2014 chun Exxcel a réachtáil, ar clár luathaithe fiontraíochta baineann é dóibh siúd sna hearnálacha STEM agus béim láidir aige ar an meantóireacht. Cuirfear an clár i bhfeidhm in 2014/2015.

Tionscadail AE do Thosuithe Gnó

Tá baint ag an Institiúid leis an tionscadal AETESLA. Is tionscadal comhoibritheach Eorpach é TESLA atá dírithe ar thacaíocht nuálach do chuideachtaí teicneolaíochta agus iad ina gcéad chéimeanna. I gcomhar leis na comhpháirtithe, Comhthionól Réigiúnach na Teorann, Lárthíre agus an Iarthair atá bunaithe i Roscomáin, an Bheilg, An Fhrainc, an Bhreatain Bheag, an Ghearmáin agus an Ísiltír, tá CIT freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann le hidirnáisiúnú, forbairt táirgí nua agus fiontraíocht i gcuideachtaí móra.

4.1.2 Tacaíocht T&F agus Fiosrúcháin ó Chuideachtaí

Tá an Oifig um Idirchaidreamh leis an Tionsclaíocht freagrach as comhtháthú na hInstitiúide leis an tionsclaíocht sa réigiún agus meastar í a bheith ar cheann de príomhspreagthaigh ag caidreamh na hInstitiúide leis an tionsclaíocht trí cabhair agus tacaíocht a chur ar fáil don tionsclaíocht sna réimsí seo a leanas:

- Éascú le comhoibrithe taighde agus forbartha, de réir mar is iomchuí
- Láithreireachtaí ag sainseimineáir agus tráthnóntaí faisnéise maidir le teicneolaíochtaí atá nua nó ag teacht chun cinn
- Gníomhú mar fhor-rochtain agus pointe teagmhála, ar a n-áirítear cabhair chun cruinnithe duine le duine a eagrú
- A bheith ina pointe teagmhála do IDA Éireann agus freagrach as eagrú inmheánach (CIT) chúrsaí taistil IDA nuair a bhíonn cuideachtaí eachtranacha ag iarraidh an réigiún a mheas mar láthair ionchasach le bunáit a bhunú iontu.

Dearbháin Nuálaíochta

Is pointe teagmhála an Oifig um Idirchaidreamh leis an Tionsclaíocht le haghaidh Dearbháin Nuálaíochta. Leanann an Institiúid de bheith ar cheann de na príomhsholáthraithe saeolais faoi scéim chlár na nDearbháin Nuálaíochta. Ó 2007 i leith, rinne CIT 165 Dearbháin Nuálaíochta a sheachadadh go rathúil do chuideachtaí idir beag agus meánach go náisiúnta. Is céad chéim an-tabhachtach iad na Dearbháin Nuálaíochta chun cuideachtaí a chur ag obair in éineacht leis an Institiúid ar thionscadal T&F. Bhí tionscadail leantacha mar thoradh ar chuid mhaith de na hidirghníomhaíochtaí dearbháin.

4.1.3 Aistriú Teicneolaíochta

Leanann an acmhainn tiomnaithe Aistriú Teicneolaíochta de ról dílis a imirt i dtacú le breis idirghníomhaíochta leis an tionsclaíocht i ngach roinn ar fud na hInstitiúide.

Fuarthas maoiniú de €150,000 ó Fhiontar Éireann chun leanúint den ghníomhaíocht seo. Déantar é sin trí chuibhreannas UCC-threoraithe a bhfuil Teagasc san áireamh ann chomh maith. Cinntíonn an cuibhreannas, atá faoia ag Fiontar Éireann, go n-oibríonn Oifig IlleT CIT agus oifig IlleT UCC go dlúth lena chéile agus go gcuireann oifig IlleT UCC, a bhfuil níos mó taithí aici, tacaíocht leanúnach ar fáil d'Oifig IlleT CIT.

In 2013, bhí breis agus 150 idirghníomhaíocht le tionscal a déiligh comhaontuithe amhail comhaontuithe neamhnocha a dhréachtú. Gineadh an chuid ba mhó den ghníomhaíocht sin tríd an Lárionaid um Fheabhsú Taighde Fheidhmigh (TEC & CAPP) de réir mar a chuireann siad le leibhéal na gníomhaíochta le tionsclaíocht sa réigiún.

Le linn na bliana acadúla 2013/2014, baineadh amach an ghníomhaíocht aistrithe teicneolaíochta seo a leanas:

- Ceadúnais, Roghanna 5
- Nochtaí Fionnachtana 20
- Paitinní 5
- Mac-Chuideachtaí 1


4.1.4 Fiontraíocht Champais

Bíonn CIT ag cur lena gníomhaíocht fochéime i réimse na fiontraíochta bliain i ndiaidh bliana. D'imir an Oifig um Idirchaidreamh leis an Tionsclaíocht ról ceannasach sa réimse seo chomh maith le líon méadaitheach ranna acadúla. Is buntáiste mór é Lárionad Rubicon i gcur chun cinn an chláir seo chomh maith le bunú Lárionad Hincks don Scothchleachtas Fiontraíochta. Tá baint ag an Oifig Idirchaidrimh leis an Tionsclaíocht sa tionscadal ACE (Accelerating Campus Entrepreneurship) atá maoinithe ag an gCiste Straitéiseach Nuálaíochta ó 2008 go 2014 agus a leanann de bheith bainteach leis an líonra náisiúnta a tháinig in ionad ACE, CEEN (Campus Entrepreneurship Enterprise Network) www.ceen.org

Duais CIT don Nuálaíocht 2014 de chuid Bhoird Fiontar Chontae agus Chathair Chorcaí

Bhí an 12ú Duais CIT don Nuálaíocht ar siúl i gCúirt Lárionad Nexus na Mac Léinn i Márta 2014 agus thug Pat Falvey Uas., Eachtránaí agus Cainteoir Corparáideach a bhfuil cáil dhomhanda air an príomhthaisc.

B'as na ranna seo a leanas iad na 37 foireann tionscadail (107 mac léinn) a bhí páirteach i gcomórtas 2013/2014:



Chuir na “fiontraíthe” mic léinn a gcuid gnólachtaí ar taispeáint le linn Lá na Nuálaíochta agus bronnadh ciste duaise de €10,000 ar fad ar na hiontrálacha ar éirigh leo. Rinne Oifigí Fiontair Áitiúla Chontae agus Chathair Chorcaí urraíocht ar an gcomórtas.

Reáchtáladh taispeántas agus gradaim chomórtas “App-rentice” na hInstitiúide, arna eagrú ag an Scoil Ghnó, ar Lá na Nuálaíochta i gcomhthráth leis an searmanas Duaise don Nuálaíocht.

Gradaim d’Fiontraí Mic Léinn Uile-Éireann

De bhrí gur ghnóthaigh foireann CIT an teideal “Fiontraíthe Mic Léinn na Bliana” in 2013, rinne CIT an t-imeacht a óstú in 2014. Ba é an proinnseomra in Áras na Turasóireachta & an Fháilteachais an t-ionad do na craobhchomórtais inar ghlac coláistí as gach cearn d’Éirinn, Thuaidh agus Theas, páirt san imeacht. Bhain tionscadal de chuid CIT áit amach sna chéad chúig fhoireann ach níor éirigh leis an chraobh a ghnóthú.

Intéirneach Fiontair

Tá beirt Intéirneach Fiontair ag CIT a chuireann an fhiontraíocht chun cinn i measc phobal na mac léinn. Tá Intéirneach amháin bunaithe san Oifig Forbartha agus an dara duine i Lárionad Rubicon. Tá teacht ag an mbeirt Intéirneach ar an bhFoireann Acadúil agus ar fhoireann Lárionad Rubicon agus ar na 60 cuideachta tosaithe atá bunaithe ansin. Caitheann na hIntéirneach 20 uair an chloig i mbun chur chun cinn na fiontraíochta ar an gcampas le linn dóibh a bheith i mbun céim Máistir a dhéanamh in CIT freisin. Reáchtáil na hIntéirneach roinnt comórtas le linn na bliana, chomh maith le bheith ag obair i gcomhar le comhordaitheoirí modúil an Creativity Innovation and Teamwork (CIT). Trí chomhoibriú le comhordaitheoirí modúil CIT fuair breis is 450 mac léinn céad bhliain léargas ar ghiniúint smaointe agus fuair breis is 250 deis smaoinemh gnó a chur i lathair d’fhoireann de chuid Lárionad Rubicon. Is é atá mar thoradh maith ar an taithí seo a fuair na mic léinn ar éiceachóras na nuálaíochta go luath ina saol in CIT i dtéarmaí fiontraíocht champais gur tháinig 1 as gach 3 fhiosrúchán chuig Lárionad Rubicon ó na mic léinn (faigheann Rubicon thart ar 400 fhiosrúchán in aghaidh na bliana).

Mic Léinn Inc. (Student Inc.)

Le linn mhíonna an tsamhraidh, rinne sé thionscadal mic léinn freastal ar an Rubicon go lánaimseartha agus a smaointe gnó á bhforbairt acu. Le linn an ama sin rinne siad freastal ar cheardlanna seachtainiúla a chuimsigh roinnt mhaith topaicí, rud a chuir ar a gcumas plean gnó críochnaithe a bheith déanta acu faoi 1 Meán Fómhair. Fuair na mic léinn meantóireacht ón tionsclaíocht agus cabhair airgid ó roinnt ranna acadúla, agus cóiríocht oifige ón Rubicon. Cuireadh an clár Mic Léinn Inc. i gcrích i Meán Fómhair 2014 nuair a cuireadh na gnólachtaí mic léinn a cruthaíodh le linn mhíonna an tsamhraidh i lathair agus nuair a seoladh iad don Fhoireann Shinsearach. Fuair gach duine de na mic léinn creidiúint acadúil as a gcuid ama ar Mhic Léinn Inc. in 2014 (5 chreidiúint ag Leibhéal 8).

Fiontraí Cónaithe

D’imir ceapachán Kieran Moynihan mar Fhiontraí Cónaithe CIT i Meán Fómhair 2010 tionchar dearfach ar na mic léinn, ar an bhfoireann agus ar na cuideachtaí atá bunaithe i Lárionad Rubicon. Chomh maith le treoir agus tacaíocht a chur ar fáil do na cuideachtaí sa Rubicon agus infheistiúcht á lorg acu, tá Kieran tar éis bualadh le foireann agus mic léinn CIT ar fud an champais agus an nuálaíochta agus an fhiontraíocht á gcur chun cinn aige. Rinne Kieran ionadaíocht freisin don Institiúid ag imeachtaí réigiúnacha agus náisiúnta, e.g. Treoirlínte Náisiúnta don Oideachas Fiontraíochta.

Naisc Bhricfeasta

Reáchtáladh roinnt “Nasc Bhricfeasta” le linn na bliana faoinar tugadh cuireadh do lucht foirne as ranna acadúla éagsúla chuig ócáid neamhfhoirmiúil líonraithe bricfeasta agus í á hóstáil ag Lárionad Rubicon. Deis a bhí san ócáid chun na tacaíochtaí atá ar fáil laistigh den Rubicon a aibhsiú chomh maith le roghbhliúire de na cuideachtaí atá bunaithe ann. Thug péire nó trí cinn de na cuideachtaí atá ag obair i ndisciplíní a bhfuil gaol acu leis na Ranna Acadúla cuairte for-radharc ar a gcuid gníomhaíochtaí/gnólachtaí. Rinne na ranna acadúla achoimre ar na cineálacha clár a sheachadtar ina réimse féin agus ar na scileanna atá ar fáil sna foirne. Thug na hócáidí “naisc” deis don lucht foirne acadúil agus d’fhoireann Rubicon araon réimsí don chomhoibriú a iniúchadh a bheadh comhthairbheach dóibh araon ar a n-áirítear socrúcháin mic léinn, tionscadail mic léinn, agus deiseanna T&F.

Seachtain na Nuálaíochta

Bhí Seachtain na Nuálaíochta ar siúl ó 10 - 14 Márta 2014 agus reáchtáladh 28 imeacht éagsúla le linn na seachtaine. Reáchtáladh imeachtaí ar Champs Bhaile an Easpaig, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT agus Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe CIT. Thart ar 2,500 duine a rinne freastal ar na himeachtaí nó a chuir isteach ar cheann den iliomad comórtas le linn Seachtain na Nuálaíochta.

4.1.5 Gníomhaíochtaí Áitiúla, Réigiúnacha agus Náisiúnta

Gníomhaíonn an Oifig Um Idirchaidreamh leis an Tionsclaíocht mar phointe teagmhála agus déanann cuid mhaith líonraithe le heagraíochtaí/áisiúneachtaí, réigiúnacha, náisiúnta, Eorpacha, amhail:

- Comhairlí Chontae agus Chathair Chorcaí
- Cumann Trachtála Chorcaí
- IBEC
- it@cork
- IDA
- Fiontar Éireann
- Comhpháirtithe tionscail reatha agus ionchasacha Eorpacha
- Oifigí Áitiúla Fiontair (Cathair Chorcaí, Corcaigh Thuaidh, Corcaigh Theas agus Corcaigh Thiar)
- CEEN (Campas Entrepreneurship Enterprise Network)

Nuálaíonn Corcaigh

Tá Fóram bunaithe ag Cumann Trachtála Chorcaí, Nuálaíonn Corcaigh, le scrúdú a dhéanamh ar conas an fhiontraíocht a spreagadh sa réigiún. Tá ionadaithe ag an Institiúid ar thrí fhochoiste de chuid na heagraíochta seo. Agus saol na heacnamaíochta mar atá, tá sé rithabhachtach go gcruthódh Corcaigh comhshaol fabhrach d’fhorás na fiontraíochta agus d’fhorbairt gnólachtaí dúchasacha a d’fhéadfadh fostaíocht a chruthú agus easpórtálacha na hÉireann a mhéadú. Is é atá mar chuspóir ag an gCoiste ná teachtaireacht chomhtháite ghlé a fhorbairt ó na páirtithe leasmhara go léir chun cultúr na fiontraíochta agus tacaíocht d’fhiontraithe an réigiúin a chur chun cinn.

Coiste Iompair agus Bonneagair Chumann Trachtála Chorcaí

Leanann an Oifig um Idirchaidreamh leis an Tionsclaíocht de ról gníomhach a imirt sa Choiste Iompair & Bonneagair a bhfuil a gcuid oibre dírithe ar thacú agus chur chun cinn moltaí polasaí straitéiseacha iompair & bonneagair amhail Naschtacht (Bóthar Iarainn, Eitilt, Cuanta & Bus), Iompar Inbhuanaithe, Fóntais, Dramaíl agus Pleanáil agus Nascacht Idirnáisiúnta Teileachumarsáide.

Tionscnamh CoderDojo CIT

Is gluaiseacht dhomhanda é CoderDojo (www.CoderDojo.com) a chuirtear ar fáil ar bhonn deonach ar fad chun bunús agus oideachas teicniúil a thabhairt do pháistí le cód ríomhchlár a scríobh. Tá grúpaí CoderDojo bunaithe go maith cheana féin i ngach Mór-roinn. Leagann CoderDojo béim freisin ar an ngá go ndéanadh daoine óga dul chun cinn lena bheith ina meantóirí – bunaithe ar inniúlacht theicniúil agus beag beann ar an aois atá acu.

Thionscain CIT caibidil de CoderDojo i Márta 2012. Tá sí á reáchtáil ag oibrithe deonacha as lucht foirne agus mic léinn CIT ón Institiúid uile. Cuireann Lárionad Rubicon agus Lárionad NIMBUS an láthair ar fáil don chlub ar bhonn seachtainiúil agus cuireann Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta cabhair airgid ar fáil le haghaidh tomhaltán.

Ó cuireadh tús leis, tá breis is 140 páiste tar éis páirt a ghlacadh i gclár CoderDojo agus bíonn 50 díobh rannpháirteach sa chlár ar bhonn seachtainiúil. Tá liosta feithimh iontrála de 130 páiste ann agus tá cuid mhaith díobh sin ar an liosta ar feadh bliana nó níos faide.

Le linn an dá mhí seo caite baineadh amach iad seo a leanas:

- 2014: Chuaigh beirt dár gcuid códóirí chomh fada leis na craobhchomórtais i gComórtas Náisiúnta Scratch ICS, agus bronnadh gradam speisialta ar dhuine de na páistí darbh aois a 6.
- Ghlac páirt sa Chomórtas EMC Vex Robotics
- Fuair cuairt ó Simon Coveney, Aire Talmhaíochta, Mara agus Bia
- Cuairt ó James Whelton, comhbhunaitheoir Coder Dojo

4.2 Gníomhaíochtaí Taighde ar a n-áirítear achoimre ar na gníomhaíochtaí taighde aonair agus aonáin nuálacha

4.2.1 Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha – Buaicphointí Institiúideacha

Ar an 4ú Meitheamh 2014, d'oscail Seán Sherlock TD, Aire Taighde agus Nuálaíochta, an Foirgneamh Taighde is Nuálaíochta de chuid CIT is déanaí a tógadh. Tugtar CREATE ar an bhfoirgneamh seo (Lárionad d'Ard-Innealtóireacht Theiripeach) agus is timpeallacht úrscothach é d'eolaithe bitheolaíochta, cógaiseoirí, fisiceoirí, innealtóirí bithleighis, agus a gcomhpháirtithe tionsclaíochta agus comhoibrithe acadúla.

Ba é an tioncam iomlán taighde do 2013/14 ná €19.7m.

Is achoimre é an tábla seo a leanas ar an bhfoireann neamhadúil agus iarchéimithe taighde a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta.

Rangú	Líon
Mic Léinn PhD	111
Máistir Taighde	69
Taighdeoirí ar Conradh	73
Bainisteoirí Cláir Taighde	11
IOMLÁN	264

Fuair CIT Údarás Tarmigthe le haghaidh taighde ag Leibhéal 9 thar an Institiúid uile.

Chuaigh líon na scoláireachtaí PhD in airde i gcónaí agus, le 27 clárúchán breise, is é an líon PhD is airde a cláraíodh riamh. Tháinig an maoiniú do na mic léinn as Scoláireachtaí Rísam (10), Scoláireachtaí Chomhairle Taighde na hÉireann (6), SFI (7), agus foinsí eile.

D'fhoilsigh taighdeoirí isteach is amach le 70 foilseachán irise piara-léirmheasta agus comhdhála, agus 150 páipéar irise piara-léirmheasta. Lean siad dá rannpháirtíocht láidir leis an tionsclaíocht agus baint acu le níos mó ná 130 cuideachta i dtionscadail T&F, agus chuir siad 240 tionscadal fochéime i gcrích le comhpháirtithe tionsclaíocha.

Bhí feidhmíocht láidir ag an Institiúid i dtionscadail AE-mhaoinithe agus ioncam de thart ar €2m ag taighdeoirí CIT.

Ar 27 Bealtaine 2014, cuireadh fad cúig bliana eile le Meamram Tuisceana CIT-Tyndall.

Rinne an Oifig Taighde comhordú ar fhorbairt na Straitéise nua Taighde agus Nuálaíochta 2014-2016 agus d'oibrigh ar fhorbairt an Chreata Gairme Taighdeora leis an Oifig Acmhainní Daonna.

4.2.2 Foirgneamh Taighde CREATE

Oscailíodh CREATE ar 4 Meitheamh 2014. Is é atá sa choincheap ná foireann ildisciplínach chomhoibritheach taighde a chur le chéile san fhoirgneamh úrscothach céanna a chomhcheanglaíonn na trí réimse, teicneolaíochtaí bitheacha, teicneolaíochtaí bithleighis agus ard-bhithíomháú, chun taighde in Ard-Innealtóireacht Theiripeach a chur chun cinn. Tacaíonn an infheistíocht in CREATE le taighde ar chaighdeán domhanda i bpríomhréimsí a chuidíonn le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta in Éirinn. Cuimsíonn na príomhréimsí sin atá aitheanta sa Tuarascáil um Beartú Náisiúnta Tosaíochta Taighde diagnóis fheabhsaithe, teiripic níos fearr, feistí níos cliste agus níos éifeachtaí agus, trí ardán teicneolaíoch Fótónaice, ard-íomháú agus teicneolaíochtaí optacha cumarsáide. Trí dhíriú ar earnálacha de neart tionsclaíoch aillíonn CREATE ar an gcaoi sin le réimsí atá ag dul i dtábhacht go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Tacaíonn CREATE le mórtionscnaimh rialtais, go háirithe na Pleananna Gnímh le haghaidh Jabanna, trína phíblíne nuálaíochta féin, bainteach le tionscnaimh amhail An Mol Nuálaíochta Sláinte, a chur chuige d'ardfheidhmíocht déantúsaíochta feistí bithleighis asar eascair cheana féin cuideachta tosaithe a bhfuil ionad aici laistigh de CREATE, agus a rannpháirtíocht in dhá cheann de na Lárionaid atá maoinithe ag SFI (IPIC agus APC). Is ceannairí iad a chuid taighdeoirí san iarracht náisiúnta i dtreo PhDanna Struchtúrtha, a bheith i dtús cadhnra ar an "Ed4Life" atá maoinithe ag an ÚAO PhDanna struchtúrtha sna hEolaíochtaí Beatha (i gcomhar le UCC agus Teagasc) agus comhpháirtí sna PhDanna "INSPIRE" nanai-eolaíocht (an dá cheann díobh arna maoiniú faoin gclár PRTL Timthriall V). Ní hé amháin go mbeidh bunús an eolais den scoth ag céimithe as na cláir seo, beidh na scileanna freisin is gá in át an mhargaidh an lae inniu atá éagsúil agus ag athrú go gasta.

Tá naisc láidre ag taighdeoirí CREATE lena gcomhtháighdeoirí ar fud earnáil ardoideachas na hÉireann, agus naisc an-láidir réigiúnacha ar a n-áirítear an Lárionad Cógasbhitheach Bia in UCC, agus trí mheán chomhoibriú CIT@Tyndall trína bhfuil 12 taighdeoir fótonaice agus 7 mac léinn Fótonaice PhD bunaithe ag Institiúid Náisiúnta Tyndall.

Ar na deiseanna idirnáisiúnta a rachaidh CREATE i gcion orthu tá an clár Horizon 2020, clár maoinithe de €80 billiún atá ceaptha chun tacú leis an iarracht an Eoraip a athrú isteach ar an réimse sóisialta agus eacnamaíoch is nuálaí ar domhan. Leag an Rialtas

síos mar sprioc d'Éirinn €1.25bn a bhaint amach, a dhá oiread a baineadh amach faoin gclár roimh H2020, FP7. Cabhróidh CREATE leis an iarracht na spriocanna sin a bhaint amach trí aghaidh a thabhairt ar chuid de na dúshláin is mó sa tsochaí san 21ú haois, ar a n-áirítear “Na Dúshláin Mhóra” sábháilteacht bhia, domhandú na cumarsaide agus maireachtáil go sláintiúil.

Éilíonn “Na Dúshláin Mhóra” ar an tsochaí bealaí nua a cheapadh chun fadhbanna a réiteach. Ta CREATE ceaptha chun é sin a dhéanamh trí chur chuige atá **ildisciplíneach** go dúchasach a mbíonn i gceist leis ní amháin raon disciplíní acadúla difriúla ag obair i gcomhar le chéile go dlúth (eolaíochtaí bitheacha, ceimic, fisic, agus innealtóireacht bhithleighis), ach fresin trí mheán rannpháirtíocht na tionsclaíochta, rialtais áitiúil agus na seirbhísí sláinte, go mór mór trí dhlúthnaisc le roinnt ospidéal.

Agus traidisiún fada CIT de bheith bainteach go dlúth leis an tionsclaíocht, tá CREATE ag obair le cuid mhaith cuideachtaí dúchasacha idir chuideachtaí tosaithe agus chuideachtaí beaga agus meánacha agus le SMEanna freisin. Cuireann sé an timpeallacht fhoirfe ar fáil inar féidir le cuideachtaí foirne a shuíomh laistigh den fhoirgneamh, taobh lena gcomhpháirtithe CREATE. Tacóidh CREATE leis an aistriú go dtí geilleagar atá á threorú ag easpórtalacha atá bunaithe ar an bhfiontraíocht agus an nuálaíocht.

Ag an am céanna, tacóidh CREATE leis an gcéad ghluin eile eolaithe, innealtóirí agus fiontraíthe trí dheiseanna a chur ar fáil do mhic léinn fhochéime a gcuid ama a chaitheamh sna saotharlanna le linn a gcuid oibre tionscadail. Bainfidh taighdeoirí CREATE leas as a gcuid saineolais le cur lena gcuid léachtóireachta do na fochéimithe agus le dlúthnasc a chinntiú idir teagasc, taighde agus nuálaíocht.

4.2.3 Cláir Struchtúrtha PhD Ed4Life agus INSPIRE

Tacaíonn na cláir shaindisciplíneacha struchtúrtha PhD leis an dul chun cinn leanúnach ar PhDanna Struchtúrtha príomhshrutha atá le bheith curtha i bhfeidhm ar fud CIT in 2015. Baineadh é sin amach trí 11 mhodúl a fhorbairt ar féidir a úsáid mar chuid de shraith chomhtháite a thacaíonn le taighdeoirí iarchéime ina gcuid taighde agus a chuireann na scileanna ar fáil dóibh is gá laistigh den ionad saothair, bíodh sé sin sa réimse acadúil nó i réimse na fiontraíochta.

4.2.4 CIT@Tyndall

Cuireadh síneadh leis an Meamram Tuisceana idir CIT agus Institiúid Náisiúnta Tyndall ar feadh cúig bliana eile agus shínigh Uachtaráin CIT agus UCC agus POF Tyndall é. Tá mar aidhm ag an MT an comhoibriú dlúth idir an dá institiúid a neartú, go háirithe sna réimsí:

- Fótónaic
- Micri/Nanaileictreonaic
- Micreachórais, Medtech/Bithleigheas san áireamh
- Fuinneamh
- Córais Leabaithe agus Líonruithe

Cuimsíonn an MT cuspóir nua le comhoibriú le chéile chun toradh ár gcuid gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a chur in iúl sna scoileanna agus sa phobal i gcoitinne.

4.2.5 An Oifig Taighde

Chomh maith leis na tacaíochtaí laethúla a chuireann an Oifig Taighde ar fáil don phobal taighde, dirítear aird ar na buaicphointí seo a leanas a rinneadh:

- Parlaimint Eolaíochta na hEorpa a eagrú agus a reáchtáil agus 80 mac leinn dara leibhéal ag foghlaim faoi thábhacht an daonlathais atá bunaithe ar an eolaíocht le linn 3 lá in Eanáir 2014.
- Thug ionchur suntasach do chuairt maidir le h Údarás Tarmilgín Leibhéal 9 i Meitheamh 2014, a raibh mar thoradh uirthi ÚT ar fud na hInstitiúide go léir.
- Chum Straitéis nua Taighde agus Nuálaíochta 2014-2016, d'eagraigh sraith seisiún aischothaithe ón bhfoireann sna Dámha agus Coláistí agus i measc an phobail taighde freisin.
- I gcomhar leis an gCoiste T&N de chuid na Comhairle Acadúla, d'fhorbair Cód nua agus leathnaithe Dea-Chleachtais sa Taighde.
- Lean den Chóras Bainistíochta Taighde a fhorbairt atá le seoladh in 2015.

4.2.6 Achoimre ar ghníomhaíochtaí na n-aonán aonair taighde agus nuálaíochta:

Ainm an Aonáin Taighde: Lárionad Nimbus

1. Cur síos

Is é NIMBUS an t-aon lárionad taighde in Éirinn atá tiomanta do réimse na gcóras líonraithe leabaithe leictreonacha. Dirítear an saineolas taighde ar na réimsí feidhme tionsclaíochta seo a leanas:

- Córais Chliste – an leictreonaic a leabú i ngnáthrudáí, ábhair agus struchtúir chun comhshaoil fheasacha a chruthú ar féidir lena n-áititheoirí idirghníomhú leo go hiomasach – Idirlíon Rudáí
- Bainistíú Fuinnimh – bainistíú fuinnimh a thiomsú, bainistíú taobh an éilimh, anailís agus rialú eadrannachta, micrighreille chliste
- Bainistíú Córas Uisce – cianbhrath agus monatóireacht, bainistíú córas líonraithe uisce
- Feidhmeanna i dTurasóireacht, Talmhaíocht agus Sláinte.

Tá trí roinn i Lárionad NIMBUS: Taighde, Foghlaim agus Tionsclaíocht.

Tá forbairtí á dtreorú ag an roinn *Taighde* san 'Idirlíon Rudaí', agus é gafa go mór i roinnt tionscadal Náisiúnta agus AE sa spás seo.

Sa roinn *Foghlama* bíonn roinnt PhDanna, Máistrí agus PhD ionad saothair ar siúl go leanúnach ag am ar bith.

Tugtar an TEC Gateway ar an roinn *Tionsclaíochta* a bhfuil breis is 250 tionscadal tionsclaíochta curtha i gcrích aici agus leanann sí de bheith ag forbairt smaointe nuálacha le haghaidh mac cuideachtaí agus ag cuidiú le Cuideachtaí Beaga agus Meánacha agus corparáidí móra le saineolas teicniúil.

2. Achoimre Taighde

Méadrach	Líon	Trácht
Maoiniú Tionscadail Taighde bronnta (áisiúnta maoinithe náisiúnta) >€100k	5	FOGMon EI €263K AquaMetrics EI €365K Ultrasonic Unblocker EI €168K WatNos EI €300K ROWBUST IERC/EI €100K
Maoiniú Tionscadail Taighde bronnta (áisiúnta maoinithe AE/intl) >€100k	4	"MANpower". AE.€578K 'DEWI' AE ARTEMIS €390K 'TRIBUTE' EU €350K 'Energy in Time' AE FP7 €350K
Maoiniú Tionscadail Taighde bronnta le bainteacht mhór tionsclaíochta	35	Tionscadail TEC Gateway
Altanna nuachtáin, léirmheasanna leabhair	17	
Láithreoireachtaí ar cuireadh	8	
Seimineáir, colloquia óstaithe	6	
Cathaoirleacht/Óstú Comhdhálacha	2	
Imeachtaí for-rochtana a raibh an pobal bainteach leo	14	
Cuairteanna Idirnáisiúnta Taighde	30+	

3. Buaicphointí Taighde

- a) Is é an aidhm atá leis an tionscadal **Fuinneamh in Am** (*Energy in Time*) ná modh Rialaithe Ionsamhaltú-bhunaithe Fuinnimh Chliste a laghdóidh caiteachas ar fhuinneamh ag an staid oibríochtúil d'fhoirgnimh neamhchónaitheacha atá ann cheana féin, a mbíonn mar thoradh air isteach is amach le 20% de shábháilteacht fuinnimh. Maoiníonn an 7ú clár AE Framework an clár faoin sprioc: Córais Chomhtháite Rialaithe agus Modheolaíochtaí EeB.NPB.2013-4 C chun monatóireacht agus feabhsú a dhéanamh ar fheidhmíocht fuinnimh foirgníochta. Tá sé dírithe ar rialú ionsamhaltú-bhunaithe d'oibriú agus cothabháil foirgníochta atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de sa stoc foirgneamh atá ann cheana féin. Is aon cheann amháin é NIMBUS de 13 chomhpháirtí leis an tionscadal, ar cuireadh tús leis i bhfómhar 2013 agus a bheidh ar siúl ar feadh 4 bliana.

Rialú ionsamhaltú-bhunaithe le haghaidh Oibríocht agus Cothabháil Foirgníochta atá Éifeachtach ó thaobh Fuinnimh de – modh rialaithe ionsamhaltú-bhunaithe cliste fuinnimh chun caiteachas ar fhuinneamh agus an bille fuinnimh a laghdú ag an staid oibríochtúil d'fhoirgnimh neamhchónaitheacha atá ann cheana féin.

Ról Nimbus: An ríomh-ardán dáilithe NiCoRe NIMBUS a úsáid chun an t-ardán cumarsáide agus comhtháite Fuinneamh in Am a dhearadh agus a forbairt.

- b) **TRIBUTE:** Bíonn an claonadh in anailís Ionsamhaltaithe Oibríochta Fuinnimh Foirgníochta (BEPS) neamhréiteach mór a léiriú le fíorfeidhmíocht fuinnimh. Is earráidí móra is cúis le cuid

mhaith cásanna seachas easnamh bunúsach sa teicneolaíocht agus na modhanna atá ar fáil. Tá mar aidhm ag TRIBUTE an bhearna a laghdú idir feidhmíochtaí ríofa agus tomhaiste fuinnimh trí acmhainn thuarthach BEPS úrscothacha tráchtála a fheabhsú. Cuirfidh TRIBUNE fad le húsaid na huirlise seo go dtí staideanna coimisiúnaithe agus oibríochta foirgnimh. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí teicnící M&V a fhorbairt agus a chur in úsáid le haghaidh foirgneamh atá ann cheana féin chun an tsamhail BEPS a nascadh i bhfíoram leis na córais bhraite agus rialaithe mhaighdeogacha gan sreang d'fhoirgneamh monatóirithe. Is éard atá i gceist leis sin ná córais fhoirgníochta a shamhaltú do dhílseacht níos airde ná mar a dhéantar sa lá inniu, teicneolaíocht a fhorbairt le príomhpharaiméadair foirgníochta a shainaithint ar líne, agus na BEPS ar líne, fíorama a chur in oiriúint go huathoibríoch le staid an fhoirgnimh mar atá sé go díreach. Cuirfidh Rialacha Diagnóiseacha Éifeachtachta Fuinnimh agus modhanna optamaithe gníomhaíochtaí ceartaitheacha athfheistithe atá cost-éifeachtach ar fáil ina dhiaidh sin. Déanfar an mhodheolaíocht agus na huirlisí a mheasuúnú i gcomhthéacs trí chineál dhifriúla foirgnimh agus láithreáin.

4. Cás-staidéir

ServusNet

An Riachtanas

Is sainchuideachta i mbainistíocht oibríochtaí feirmeacha gaoithe í ServusNet Informatics, atá bunaithe i gCorcaigh. An réiteach atá acu faoi láthair cuireann sé eolas oibríochtúil agus acmhainn tacaíochta cinnteoireachta ar fáil d'úinéirí agus d'oibreacha feirmeacha gaoithe. Shainaithin ServusNet deis chun a gcuid saineolais in anailís sonraí tuirbín a nascadh le sonraí meitéareolaíochta chun réiteach Enhanced Wind Energy Forecasting a fhorbairt. Lig comhoibriú leis an TEC Gateway ag CIT do ServusNet maoiniú a fháil ó Fhiontar Éireann chun réiteach réamhfhaisnéiseach a fhorbairt agus a thráchtáil atá in ann cruinneas réamhaisnéise fuinnimh ghaoithe atá feabhsaithe go mór a bhaint amach.

Nasc an tionscadal eolas tuirbín ServusNet leis an tuaradh aimsire uimhriúil is fearr agus saineolas samhaltaithe tuirbín. Cuimsíonn foireann an tionscadail príomh-saineolaithe acadúla idirnáisiúnta i samhaltú tuirbín tuartha gaoithe agus bainistíocht fuinnimh as Grúpa Taighde ar Fhuinneamh Inbhuanaithe UCC, NUIM agus TEC Gateway CIT, agus bainistíocht tionscadail agus forbairt bogearraí as Lárionad NIMBUS de chuid CIT. Forbraíodh réiteach a ligeann do tháirgeoirí níos mó airgid a thuilleamh trí dhíol níos éifeachtaí isteach i margá leictreachais mórdhíola.

An Toradh

- > Réamhaisnéisí gaoithe scálaithe anuas do thuirbíní aonair
- > Próifílí infhaighteachta stairiúla, fíorama & pleanáilte seachas meánluachanna simplí
- > Soláthróirí iomaíochta réamhaisnéise gaoithe roghnaithe bunaithe ar a bhfeidhmíocht fhíor ag láithreán ar leith
- > Calabhrúchán staitistiúil lúb-iata réamhaisnéise in aghaidh iarbhír do luachanna gaoithe & fuinnimh araon
- > Dóchúláoc ht réamhaisnéisí fuinnimh
- > Ní éilíonn réiteach uilíoch crua-earraí ar-laáthreán ar bith agus déanann freastal ar gach mórmhúnla tuirbín
- > Baineann sonraí amach as bunachair sonraí atá ann cheana féin agus easpórtálann iad chuig córais sealbhóra TF nó trí bhrabhsálaí gréasáin

Alucast [tionscadal nuálaíochta dearbháin €5K]

Ba mhian le Alucast an dearadh de fhréamhshamhail de mhalaratóir aer go haer a bhí forbartha acu a bheachtú. Baineadh leas as dearbhán Fiontar Éireann chun anailís theirmeach den fheidhmíocht na feiste a chur i gcrích le linn di a bheith in úsáid i dtimpeallacht bheo. Tar éis torthaí dóchasacha a léiriú, tugadh an fheiste ar aghaidh go dtí céim 2. Ba é a bhí i gceist le céim 2 den tionscadal ná dearadh na feiste a bheachtú agus córas rialaithe a chur léi a mhéadaíonn éifeachtacht oibríochta na feiste tríd an oibríocht a laghdú le linn tréimhsí nuair nach mbíonn an toisc sheachtrach optamach le haghaidh ionduchtú air ar theocht an tseomra.

Rinneadh tástáil leitheadach ar an bhfeiste le linn an tionscadail dearbháin. Tugadh tuairisc ar fheidhmíocht an chórais don chliant, a ligfidh dóibh dul ar aghaidh le táirge a dhéanfaidh an fheidhmíocht atá ag teastáil a sheachadadh don úsáideoir deiridh. Cuimsíonn an tuairisc tástála torthaí ó anailís Leibhéal Brú Fuaim, tástáil ráta Srutha, agus meastachán ar na costais bhliantúla oibríocháin agus an ráta malartaithe aer.

Tá cinneadh déanta ag Alucast dul chun margaidh leis an leasú ar na crua-earraí atá acu faoi láthair, tar éis na tástála a cuireadh i gcrích le linn an dá thionscadal dearbháin. Tar éis moltaí ó NIMBUS, tá teagmháil déanta acu leis an mbord fontair áitiúil chomh maith le Gentian chun riocht níos fearr don mhargadh a bheith ar an táirge.

Ainm an Aonáin Taighde: An Lárionad d'Ard-Fhótónaic & Anailís Próisis (CAPPA)

1. Cur Síos

Is lárionad taighde é CAPPA a dhéanann taighde feidhmeach agus búnúsach ar an bhfótónaic le haghaidh feidhmíochtaí i réimsí chomh héagsúil leis an teileachumarsáid, feisti leighis, déantús bia agus cógaisíochta. Is é atá san fhótónaic ná giniúint agus láimhsiú solais, agus is príomhtheicneolaíocht é le haghaidh raon leathan topaicí. Cuimsíonn lárionad CAPPA breis is 25 taighdeoir agus mac láinn iarchéime, agus tá cóiríocht aige i saotharlanna in áras CREATE ar champas Bhaile an Easpaig agus in Institiúid Náisiúnta Tyndall araon mar chuid den chomhoibriú *CIT@Tyndall*. Déanann sé CAPPA Technology Gateway atá EI-mhaoinithe a óstú agus é mar shainchúram air díriú ar rannpáirtíocht leis an tionsclaíocht agus taighde feidhmeach comhoibrítheach, agus is comhpháirtí

é i Lárionad Comhtháthaithe Fótónaice na hÉireann atá maoinithe de €30m ag SFI (IPIC). Ó 2008, bronnadh maoiniú de bhreis is €10m ar CAPPa, d'fhoilsigh siad breis is 75 páipéar piara-léirmheasta, rinne obair ag PGA i gcomhar le breis is 30 cuideachta, agus tá 20 tionscadal reatha (ar a n-áirítear comhordú 2 FP7) aige. Féach www.cappa.ie le breis eolais a fhail.

2. Achoimre Taighde

Méadrach	Líon	Trácht
Maoiniú Tionscadail Taighde bronnta (gníomhaireacht náisiúnta maoinithe)	9	IRC Comhaltacht lardhochtúireachta san áireamh do Tatiana Habruseva
Maoiniú Tionscadail Taighde bronnta (gníomhaireacht maoinithe AE/Inti)	2	NISTAS AE €1.13m, iomlán, €240k CAPPa AquaMMS AE €1m
Tionscadail Taighde Bronnta le bainteach mhór tionsclaíochta	16	
Scoláireachtaí PG (inmheanach)	1	
Gradaim/aitheantas (don Iarionad nó daoine aonair istigh ann)	1	ISA Ireland Best Mac Léinn Iarchéime 2013 (Nicola Pavarelli)
Altanna nuachtáin, léirmheasanna leabhair	6	Tionscadal NISTAS ar Nuacht RTÉ agus optics.org
Láithreoireacha ar Cuireadh	4	
Cathaoirleacht/Ostú comhdhála	1	'Photonics as an Enabling Technology', 26-27 Meitheamh, Corcaigh – comhdháil dheiridh de Marie Curie ITN PROPHET AE
Imeachtaí for-rochtana a raibh an pobal bainteach leo	3	
Cuairteann Idirnáisiúnta Taighde	5	

3. Buaicphointí Taighde

NISTAS – Scagadh neamh-ionrach riocht an chórais shoithíoch (*Non-invasive screening of the state of the vascular system*)

Taighde FP7 AE ar Mhaithe le tionscadal SMEanna

Tá mar aidhm ag an tionscadal Eorpach dhá-bhliain, de €1.13m, modh a fhorbairt agus a thráchtáil chun tinneas cardashoithíoch a dhiagnóisiú ar bhealach cost-éifeachtach agus caoin leis an othar in ionad úsáid a bhaint as caitéatar ionrach nó obráidí costasacha MRI. Bainfidh an uirlis atá forbartha, VascuLight, leas as modh triantánach neamh-theagmhálach léasair chun luas na brú-thoinne a thomhas sa chuise ag an artaire caratach sa mhúineál. Cuireann sé sin eolas fíorluachmhar ar fáil maidir le sláinte shoithíoch an othair, amhail righneas artaireach ar fáistíneoir aitheanta é ar an riosca cardashoithíoch agus ar bhásmhaireacht. Cuimsíonn an tionscadal CAPPa le 6 SMEanna (2 Éireannach san áireamh) agus 2 eagraíocht eile taighde.

AquaMMS

Taighde FP7 AE ar mhaithe le tionscadal SME

Cuimsíonn an tionscadal AzquaMMS cuibhreas de 5 SME agus 3 ghníomhaí taighde agus feiste monatóireachta fíorama ilbhraite á forbairt acu don tionscal uiscshgaothraithe. Bainfidh an fheiste leas as raon ardchur chuige, ar a n-áirítear maischrómatoagrafaíocht agus teicneolaíochtaí optacha, chun raon leathan paraiméadar a thomhas atá in ann cur isteach ar cháilíocht

an uisce i bhfeirmeacha éisc, go sonrach i gcórais athshruthaithe. Cuireadh tús leis an tionscadal 2-bhliain de €1m i nDeireadh Fómhair 2013, a mbeidh fluaraiseacht agus braiteoirí optacha pH á bhforbairt lena gcorprú sa chóras deiridh.

Lárionad Irish Photonic Integration - IPIC

Lárionad Taighde SFI

Seoladh an lárionad taighde IPIC a chosain €30m go hoifigiúil ar 24 Eanáir 2014 ag an Aire Taighde agus Nuálaíochta, Seán Sherlock TD. Tá sé ar cheann de na seacht lárionad tosaigh atá maoinithe ag SFI san infheistíocht taighde stáit/tionscail is mó in Éirinn riamh, agus tugann sé le chéile mais chriticiúil de 100 taighdeoir fótónaice as ceithre institiúid (Tyndall, CIT, UCC agus DCU). Dírionn IPIC ar theicneolaíochtaí nua an-dlúth agus mionsamhlaithe fótónaice le comhpháirtithe tionscail, chomh maith le croí-ardán taighde (is é €3.5m an maoiniú go hiomlán do CIT).

4. Cás-Staidéir

ProPhotonix

Is cuideachta comhpháirteanna Optacha atá bunaithe go háitiúil í ProPhotonix a rinne freastal ar an ngá ina margadh táirge le modúl léasair a chruthú do chustaiméir dá cuid. Bhí critéir áirithe dearaidh ag an aonad ba ghá a chomhlíonadh, ar a n-áirítear cumhacht aschuir shonrach, toisc de dhéanamh beag agus páirteanna in-athsholáthraithe go haonar. Tríd an gComhpháirtíocht Nuálaíochta EI, d'fhorbair CAPPA, in éineacht le hInstitiúid Náisiúnta Tyndall, fréamhshamhail a ndearna an cuideachta a mheasúnú agus a léirmheas. D'eascair as sin ceadúnas IP agus pleananna chun sraith de na modúil a chur le chéile.

Egan Golf

Labhair cuideachta gailf a bhí bunaithe in Éirinn le CAPPA agus smaoineamh acu le haghaidh áis ghailf a chuideodh le himreoirí a gcuid buillí a ailíniú. Is é atá sa chóras ná aonad beag a théann isteach sa phóca. Ach é amharc-thomhaiste trí shúilín i mbarr an aonaid, déantar é a ghlasáil le GPS agus leagtar ar an talamh é. Tagann an fhoinsé solais air agus amharc-mharcálann sé treo optamach an luascaidh. Thrí mheán Dearbhán Nuálaíochta EI, chuidigh CAPPA leis an gcuideachta le roghnú agus dearadh optamach na foinsé solais. Tá an táirge á tháirgeadh faoi láthair agus measta mar dhleathach ar an PGA.

Ainm an Aonáin Taighde: BIO-EXPLORE

1. Cur síos

Is é atá in BIO-EXPLORE ná foireann taighdeoirí atá bunaithe sna hEolaíochtaí Bitheacha atá tiomanta don taighde sna réimsí diagnóisic, bith-theiripic agus bith-fhaisnéisíocht. Idir 2008-13 ghin taighdeoirí laistigh de BIO-EXPLORE maoiniú taighde de bhreis is €5,000,000. Sa tréimhse chéanna, bronnadh céimeanna ar 45 iarchéimí as BIO-Explore (25 PhD agus 20 MSc). Faoi láthair is maoirseoirí cláraithe iad 36 iarchéimí laistigh de BIO-EXPLORE. Lena chois sin, de na 120 foilseachán a foilsíodh ar PUBMED as CIT, is taighdeoirí as BIO-EXPLORE a rinne 92 (77%) díobh.

5. Achoimre Taighde

Méadrach	Líon	Trácht
Maoiniú Tionscadail Taighde bronnta (gníomhaireacht náisiúnta maoinithe)	9	AC 2 x FIRM (Lún 2014): FIRM €492,222; Cion CIT €187,200. FIRM €743,603.45; cion CIT €151,150. Comhpháirtithe eile UCD, CVRL Backweston, Teagasc, Moorepark. Roy Sleator 1 x RISAM (le Aisling O'Driscoll, Ríomhaireacht) €51,000 Roy Sleator – 1 x IRC (le Brigid Lucey) €96,000 Roy Sleator 1 x Walsh fellowship (le Francis Kearney, Cuntasaíocht) €66,000 Roy Sleator – 1 x SafeFood tionscadal taighde (le Brigid Lucey) €16,000 AF 1 x Teagasc WF (Ref # 2014215) /FIRM (Ref #: RMIS 6591) le Martin Danagher [Teagasc] €75,400 do CIT (Feabh 2014)
Tionscadail taighde le mórbhainteacht tionsclaíochta bronnta	1	Roy Sleator - tionscadal taighde SafeFood (le Brigid Lucey) €16,000 (liostáilte thuas faoi Natl freisin)
Scoláireachtaí PG (inmheánacha)	3	Scoláireachtaí RISAM CIT

Scoláireachtaí PG (seachtrach náisiúnta – IRC, IT, etc.)	2	2 x Scoláireacht IT 2 x Scoláireacht PhD Chomhairle Taighde na hÉireann
Gradaim/aitheantas (don lárionad nó do dhaoine aonair laistigh de)	2	Roy Sleator -Gradam Laoch Náisiúnta Teagaisc Mhac Léinn-threoraithe -Líostaithe san IMIA Yearbook of Medical Informatics 2014 as ceann de na haltanna is fearr sa bhliain sna réimsí Mór-Shonraí agus Eolaíochtaí Sláinte
Altanna nuachtáin, léirmheasanna leabhair	4 Chaibidil leabhair 2 Alt nuachtáin	Roy Sleator agus Brigid Lucey Irish Examiner 6 lúil – speiceas nua baictéir aimsithe i gCorcaigh
Láithreoireacha ar Cuireadh	4	
Seimineáir, colloquia óstaithe	1	
Cathaoirleacht comhdhála/óstaithe	4	
Imeachtaí for-rochtana bainteach leis an bpobal	1	Roy Sleator – Comhdháil um Thodhchaí Bitheolaíochta Sintéisí
Cuartheanna Idirnáisiúnta Taighde	9	Lárionad Natl don Bhiteic, Madrid; Hochschule Munchen, An Ghearmáin 2 Institiúid sa tSin 3 Institiúid san India Ollscoil Portsmouth, RA

6. Buaicphointe Taighde

Ba thoradh an-suntasach é an bhliain seo caite nuair a shainithin an Dr Roy Sleator agus an Dr Brigid Lucey speiceas baictéireach nua *Campylobacter Corcagiensis* (speiceas a ainmníodh as Corcaigh).

Ainm Aonáin Taighde: An Lárionad um Dhearadh agus Nuálaíocht Innealtóireachta (MEDIC)

1. Cur síos

Tá taighdeoirí MEDIC tar éis feistí leighis a fhorbairt ó choincheap ar aghaidh go dtí an pointe nuair is féidir dearadh forbartha a cheadúnú le haonán tráchtála. Is é MEDIC an t-aon lárionad taighde acadúil in Éirinn atá teastaithe go ISO 13485, an caighdeán idirnáisiúnta le haghaidh dearadh feistí leighis. Faigheann an fhoireann tacaíocht ó líonra leathan cliniceoirí, agus baineann leas as a bhonneagar ard-teicneolaíoch agus bogearraí le haghaidh dearadh feistí leighis, fréamhshamhaltaithe, fíoraithe agus bailíochtaí. Le córas teastaithe cáilíochta MEDIC ISO 13485 is féidir feiste atá ullamh le haghaidh táirgthe a aistriú gan uaim go dtí comhpháirtí tionsclaíochta, de ghnáth trí cheadúnú. Tá mar aidhm ag MEDIC an fáltas ar a chuid teicneolaíochta a uasmhéadú do CIT agus d'Éirinn araon.

Tá AventaMed, mac chuideachta ó MEDIC, dírithe ar mhargadh de \$5.4 bn as dhá mhilliún gnáthamh ionsáite osclán cluaise in aghaidh na bliana le feiste a forbraíodh in MEDIC. Fostóidh AventaMed 15 duine in Éirinn chun an fheiste a dhéanamh, trialacha cliniciúla a dhéanamh agus faomhadh rialála agus seoladh an táirge a bhaint amach.

2. Achoimre Taighde

Méadrach	Líon	Trácht
Tionscadail Taighde bronnta le bainteacht mhór thionsclaíoch	3	ÀBK, Arrotek, ARC
Scoláireachtaí PG (inmheánach)	1	John Vaughan, PhD
Gradaim/aitheantas (don lárionad nó daoine aonair laistigh de)	5	ISO 13485 iniúchadh rathúil Buaiteoir IN3, Iomaitheoir Ceannais WSGR, Iomaitheoir Ceannais Réigiúnach Intertrade Ireland Seedcorn, Corcaigh, Iomaitheoir Ceannais Innovates, ionadaí Eorpach MEDTEC.
Altanna nuachtáin, léirmheasanna leabhair	5	Agallamh le Pat Kenny ar Newstalk, Altanna in The Examiner, The Echo agus Irish Times tar éis bhua IN3 (féach thuas). Alt in iris Start-up
Láithreoirachtaí ar cuireadh	3	MEDTEC Ireland, IMC
Cuairteanna Idirnáisiúnta Taighde	15	AAO, Vancouver, Ceanada. Ilchuireanna ar shuíomhanna cliniciúla in Nottingham, Learpholl agus Londain. Freastal ar ESPO.

3. Buaicphointe Taighde

Tá trí thionscadal teicneolaíoch de chuid MEDIC ag teacht chun críche:

- Feiste amháin aerála scamhóige
- Feiste ENT le haghaidh ionsáite osclán silte isteach i dtiompán na cluaise
- Feiste draenach cliabhraigh lena húsáid in obráidí tórcsacha

Is dóchúl go ndéanfar iarratas ar mhaoiniú HRB i leith an táirge OLV inar féidir leo comhoibriú leis an tSaoráid Chliniciúil Taighde in Ospidéal na Trócaire mar thacaíocht le triail chliniciúil don fheiste.

Is ábhar Mac-chuideachta Champais CIT é an táirge ENT, AventaMed. Tá AventaMed faofa chun an teicneolaíocht ó CIT a cheadú agus faoi láthair tá sí ag cur críche le struchtúr maoinithe chun an táirge a chur ar an margadh.

Tá an tionscadal Draenach Cliabhraigh faoi láthair ag dul isteach sa dara céim ina gcuirfear an dearadh chun críche agus ina gcuirfear tús le comhráite le ceadúnaithe féideartha.

Tá bainteacht mhór ag cliniceoirí áitiúla agus idirnáisiúnta, oifig TTO CIT agus líonra saineolaithe dlí agus rialala leis na tionscadail go léir. Is é Fiontar Éireann príomhfhoinsé maoinithe MEDIC.

4. Cás-staidéir

Tá MEDIC ag baint leas gearála as a hacmhainn theicniúil chun seirbhísí ardteicneolaíoch a chur ar fáil don tionsclaíocht, go háirithe a trealamh priontála 3D agus a trealamh tomhais chomhordanáide (CMM). Déanann siad gnó suntasach le cuideachtaí amhail ArrowTek i Sligeach agus ABK Medical i nGorlann Rubicon CIT. Lena hais sin, leis an saineolas atá cruthaithe in-tí acu thug siad tacaíocht shuntasach QA do ARC Medical (cuideachta Tras-Teorann) nuair a bhí siad ag iarraidh marc CE a fháil dá dtáirge dara glúin.

Ainm an Aonáin Taighde: Lárionad Taighde agus Nuálaíochta Halpin (ag CNMÉ)

1. Cur síos

Déanann Lárionad Halpin taighde agus nuálaíocht atá dírithe ar chúrsaí muirí trí chomhoibriú náisiúnta agus idirnáisiúnta ar mhaithe le hÉirinn agus réigiún na Mumhan. Tá trí réimse príomhfócais ag an Lárionad, sábháilteacht agus slándáil mhuirí, loingseoireacht mhuirí, iompar agus lóistíocht, agus oideachas muirí agus nuálaíochtaí oiliúna atá buntacaithe ag téamaí atá fite

fuaite le hoibríochtaí muirí, TF agus cumarsáid, meicitreonaic mhuirí, tosca daonna, innealtóireacht agus polasaí. Oibríonn an Lárionad i ndlúthchaidreamh le lárionaid taighde eile agus scoileanna in CIT agus le comhpháirtí CNMÉ, Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann, chun nuálaíochtaí ábhartha oibríochtúla a sheachadadh d'fhonn oibríochtaí níos sábháilte, níos éifeachtaí agus níos cost-éifeachtaí a chumasú ar an bhfarraige. Oibríonn an Lárionad i ndlúthchomhar le cuideachtaí tosaithe in Éirinn, SMEanna agus cuideachtaí atá bunaithe in Éirinn chun táirgí nuálacha a fhorbairt agus seirbhísí don margadh idirnáisiúnta teicneolaíochta muirí.

2. Achoimre Taighde

Méadrach	Líon	Trácht
Maoiniú Tionscadail Taighde bronnta (gníomhaireacht náisiúnta maoinithe)	1	AEOLUS SEAI le Lárionad NIMBUS
Maoiniú Tionscadail Taighde bronnta (gníomhaireacht AE/Idirn. maoinithe)	4	LEANWIND AE ARCOPOL –PLATFORM INTERREG IV EUCISE2020 AE MORUS NATO
Maoiniú Tionscadail Taighde bronnta le bainteacht mhór tionsclaíoch	2	CIL MET-OCEAN MARACC IV
Scoláireachtaí PG (inmheánach)	1	SHAPEFITS – comh-mhaoirseacht le Memorial University, St John's, Talamh an Éisc & Roinn Bithcheimice, CIT
Scoláireachtaí PG (seachtrach náisiúnta – IRC, IT, etc.)	4	MaREI PhDanna le NIMBUS (1) & Ríomhaireacht (3)
Gradaim/aitheantas (don lárionad nó don daoine aonair laistigh de)	2	Ainmníodh Halpin chun an chathaoirleacht náisiúnta a choinneáil ar TP Waterborne agus ALICE (ardán Lóistíocht Eorpach Loingseoireachta agus Iompair) araon. Is comhlachtaí a bhfuil tionchar iad seo a chabhraíonn chun polasaí T&F agus Fiontar AE sna hearnálacha muirí agus STL a chruthú.
Altanna nuachtáin, léirmheasanna leabhair	4	
Láithreoireachtaí ar cuireadh	13	Cuireadh chun cainte, Cormac Gebruers, SmartOcean Forum, Lárionad Titanic, Béal Feirste, Samhain 2013. Cuireadh chun cainte, Cormac Gebruers. Comhdháil INFOMAR, UL, Luimneach. Deireadh Fómhair 2013. Príomhaitheasc ag Comhdháil úsáideoirí UAV na hEorpa in Acadamh Ríoga míleata na Buiséile 11 Feabhra 2014
Seimineáir, colloquia óstaithe	6	Cruinniú de Chomhairle na Breataine-Éireann (Fuinneamh Muirí) Meitheamh 2014, CNMÉ. Ceardlann Auxnavalia + Tionscal Tógála Bád na hÉireann Eanáir 2014, CNMÉ.
Cathaoirleacht/óstú comhdhálacha	3	
Imeachtaí for-rochtana a raibh baint ag an bpobal leo	6	DVD Poiblíochta déanta do Lárionad Halpin agus ARCOPOL + project 2014
Cuairteanna Idirnáisiúnta Taighde	4	Cruinniú i bhFeabhra 2014 le Anthony Patterson Uas. de chuid Virtual Marine Technologies St Johns, Talamh an Éisc, Ceanada maidir le comhoibriú idir Halpin agus VMT i bhforbairt ionsamhlóirí do bhád beag. MT sínithe idir VMT agus CNMÉ 24 Feabhra 2014. Cuairt T&F ó American Bureau of Shipping, Feabhra 2014.

3. Buaicphointe Taighde

AEOLUS (Sábháilteacht & Slándáil Mhuirí)

Agus é á mhaoiniú ag Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI), is staidéar leasa phoiblí é AEOLUS atá i mbun iniúchadh a dhéanamh ar inmharthanacht theicneolaíochtaí tiomáinteachta eitleog-bhunaithe ar bord long a dhéanann cúram d'oibríochtaí speisialta. Is teicneolaíocht um fheabhsúchán tiomáinteachta é trasean eitleoige ar léiríodh fúithi go gcoiglíonn sí breosla ar bord longa trádála traidisiúnta agus iad ag taisteal idir calafoirt. Ach níor promhadh í le haghaidh úsáide ar bord long amhail longa cabhlaigh, longa taighde, longa iascaigh, etc. a mbaineann iompraíochtaí difriúla oibríochta leo. Tá an staidéar seo, agus é ag obair go dlúth le Lárionad NIMBUS ag CIT agus arna éascú ag Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann, ag iarraidh iniúchadh a dhéanamh féachaint an bhfuil cás prima facie ann do theicneolaíochtaí tiomaánteachta eitleog-bhunaithe ar bord long dá leithéid. Dá bhféadfaí an cás a chruthú, d'fhéadfadh coigilteacht fhéideartha shuntasach breosla agus buntáistí dearfacha comhshaoil a bheith i gceist do longa a bheadh ag feidhmiú in uisce na hÉireann agus go hidirnáisiúnta aron. Tá tionscadal eile á fhorbairt a dhéanfaidh iniúchadh ar dhé-úsáid eitleoga traicsin airde móire mar ardáin braiteora.

- Maoiniú: Údarás Inbhuanaithe Fuinnimh na hÉireann
- Tús: Meitheamh 2014
- Fad ama: 5 mhí

LEANWIND (Loingseoireacht, Iompar & Lóistíocht)

Tá LEANWIND (Logistics Efficiencies and Naval architecture for Wind Installations with Novel Developments) ag iarraidh prionsabail lean a chur i bhfeidhm ar thimthriall thionscadal feirme gaoithe ón talamh. Is é an príomhsprioc atá ag LEANWIND ná laghdúithe costais a chur ar fáil thar thimthriall agus slabhra solathair na feirme gaoithe ón talamh trí phrionsabail lean a chur i bhfeidhm agus forbairt teicneolaíochtaí agus uirlisi úrscothacha.

- Maoiniú: FP7-Ocean 2013
- Tús: Samhain 2013
- Fad ama: 4 bliana

ARCOPOLPLATFORM (Sábháilteacht & Slandail Mhuirí)

Tá an tionscadal **ARCOPOLPLATFORM** bunaithe ar an rath a bhí ar an tionscadal ARCOPOL+ a cuireadh i gcrích le déanaí. Baineann an tionscadal le cur in aghaidh doirteadh Substainte Díobhálaí (HNS) ola trí aistriú teicneolaíochta, oiliúint agus nuálaíocht. Is é an aidhm atá leis an tionscadal ná ullmhacht agus freagairt do dhoirteadh ola agus HNS a neartú i Réigiún Atlantacha.

- Maoiniú: 2007-2013 Clár Réigiún an Altantaigh. ERDF, Interreg Réigiún Atlantach
- Tús: Márta 2014
- Fad ama: 24 mí

ATLANTICPOWER (Oiliúint & Oideachas Muirí)

Tá an **Bhraisle Atlantic Power** bunaithe ar an nGrúpa Oibre Fuinnimh Mhuirí a cuireadh ar bun san CPMR (Atlantic Arc Commission) agus tá sé ceaptha straitéis trasnáisiúnta fuinnimh mhuirí a chur i bhfeidhm ionas gur féidir leis na réigiúin chomhpháirtíochta comhlántachtaí a lorg d'fhonn dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le fuinnimh mhuirí a fhorbairt sa Réigiún Atlantach (AA).

- Maoiniú: 2007-2013 Clár Réigiún an Altantaigh. ERDF, Interreg Réigiún
- Tús: Feabhra 2012
- Fad ama: 22 mí

Ainm an Aonáin Taighde: An Scoil Ghnó

1. Cur síos

Cuimsíonn an ghníomhaíocht taighde sa scoil ghnó grúpa daoine aonair atá ag díriú ar thaighde sna réimsí seo a leanas:

- Cuntasaíocht agus Airgeadas
- Córais Faisnéise Gnó
- Eacnamaíocht
- Margaíocht
- Fiontraíocht – oideachas fiontraíochta; inscne agus an fhiontraíocht; an nuálaíocht agus an fhiontraíocht teicneolaíochta, agus fás láidir agus iomaíocht.
- Braisliú – Anailís, léirshamhlú agus mapáil éiceachóras braisle mar bhunús le polasáí iomaíochta agus nuálaíochta.
- Bainistíocht.

2. Achoimre Taighde

Méadrach	Líon	Trácht
Maoiniú Tionscadal Taighde bronnta (áisíneacht maoinithe AE/Intl)	4	Pro-US-ALL BeWiser Daphne Erasmus Plus
Tionscail taighde le bainteacht mhór thionsclaíoch bronnta	4	CPA Rubicon – PINC Clar New Frontiers SWRA (Tionscadal braislithe do na brandaí Fuchsia do Chomhphairtíocht Forbartha Chorcaí Thiar) Agallamh a chur ar 10-15 chuideachta in Earnail na Déiríochta agus Feola i gCorcaigh
Scoláireachtaí PG (inmheánach)	1	RISAM
Scoláireachtaí PG (seachtracha idir-Marie Curie, etc.)	1	Irish American Partnership
Gradaim/ aitheantas (don lárionad nó do dhaoine aonair laistigh de)	2	B Kenny tofa ar bhord Chomhairle na hEorpa do Ghnólachtaí Beaga agus Fiontraíocht (ECSB) le freagracht as comhoibriú taighde agus rannpháirtíocht thionsclaíoch. <i>B Kenny ceaptha ar bhord athbhreithnithe an International Journal of Entrepreneurial Behaviour and Research.</i>
Altanna nuachtáin, léirmheasanna leabhair	2	
Láithreoireachtaí ar cuireadh	11	
Seimineáir, colloquia óstaithe	7	Economics Forum Sales Institute CPA Marketing Institute of Ireland Imeachtaí BeWiser Fota Wildlife Park Straitéis Margaíochta & Bainistíochta; Plean 5 Bliana (Cuid 1, Cuid 2)
Cathaoirleacht/óstú comhdhálacha	6	Cath. Traic. Agus comhchath – IAM, Mean Fómhair, 2013/2014 agus ICSB 2014 2 sheisiún mar chath. Ag RSAI, Aberystwyth, an Bhreatain Bheag
Imeachtaí for-rochtana a raibh baint ag an bpobal leo	4	Grúpa Forbartha Soch-Eacnamaíochta Eochaille Campaí Samhraidh Rugbaí na Mumhan – Scoileanna Dara-leibhéal
Cuairteanna Idirnáisiunta Taighde	6	Cuairt ar an bhFionlainn – Meitheamh 2014, arna óstú ag Lárionad Hincks. Ljubljana, an tSlóibhéin; Nicosia, an Chipir; Karlsruhe, an Ghearmáin agus Sophia Antipolis na Fraince – BeWiser Cathertine Murphy, Turku Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha, an Fhionlainn ar Dhearadh Seirbhíse

3. Buaicphointí Taighde

Lárionad Hincks don tSármhaitheas san Fhiontraíocht

Déanann Lárionad Hincks taighde ar gach gné d'fhorbairt fiontair agus fiontraíochta. Cuimsíonn a raon comhthéacsanna éagsúla: cuideachtaí tosaithe, micreaghnlachtaí, gnólachtaí, idir beag agus mór, neamhbhrabúsacha, corparáideacha agus teaghlaigh,

oideachasóirí gníomhaireachtaí tacaíochta frontair, mic léinn agus an earnail phoiblí. Fuair an Lárionad roinnt tionscadal maoinithe AE, tionsclaíochta agus iarchéime sna réimsí taighde seo a leanas: oideachas fiontraíochta, inscne agus fiontraíocht; nualaíocht agus fiontraíocht theicneolaíoch, agus fás láidir agus iomaíocht.

BeWiser

Is tionscadal Réigiún Eolais FP7 é “Tógáil Fiontar – Slándáil Gan Sreang agus Idirlín i Réigiúin Eorpacha” (BeWiser). Cuimsíonn an cuibhreannas seacht mBraisle Triple Helix TF (THCanna) as: an Chipir, an Fhrainc, an Ghearmáin, Éire, an tSlóibhheín, an Spáinn agus an RA (www.be-wiser.eu).

Tugann na THCanna spreach agus tacaíocht do líonra gnólachtaí, lárionaid teicneolaíochta réigiúnacha, agus údarais phoiblí a bhfuil freagracht orthu as forbairt eacnamaíoch. Tá an comhsprioc ag na braislí sin trí BeWiser ICT agus gan Sreang agus nuálaíocht Slándála Idirlín a spreagadh. Tá Comh-Phlean Gnímh á fhorbairt ag CIT a chuimsíonn anailís V-LINC agus ceardlann forbartha polasaí comhchéime do gach braisle. Déanfaidh an roinnt idirnáisiúnaíthe naisc a shainaithint le sainbhaislí agus margadh sa todhchaí.

4. Cás-staidéir

Anailís V-linc

Mar chuid den tionscadal BeWiser, tá an Dr John Hobbs agus Eoin Byrne ag feidhmiú anailís V-LINC ar 7 mbraisle ICT ar fud na hEorpa agus tá agallamh curtha ar roinnt cuideachtaí MNE agus SME ICT chun tuairiscí eiceachóras braisle atá mar bhunús le polasaí braisle/earnála i ngach réigiún. I gCorcaigh in Éirinn cuireadh agallamh ar 16 ghnólacht: Decare Systems Ireland, EMC, ePubDirect, Flextronics, Inhand Guides, Moog, Newsweaver, Qumas, Smarttec, Solarwinds, Strencom, Supply.ie, Tend Micro, agus Zartis. I dtéarmaí tionscadal eile, tá sonraí bailithe san earnáil Bhithchógaisíochta, san earnáil Mhuirí, agus in earnáil na Turasóireachta ar fud na hEorpa.

Deitéarmanaint a bhaineann le Fás SME in Éirinn

Agus é maoinithe ag Cuntasóirí Deimhnithe Poiblí na hÉireann (CPA), tá staidéar á dhéanamh ag Lárionad Hincks don tSármhaitheas san Fhiontraíocht a bhfuil taighde príomhúil i gceist leis le gnólachtaí gorlainne agus neamh-ghorlainne chomh maith le bainisteoirí lárionaid ghorlainne agus gníomhaireachtaí tacaíochta frontair. Is é atá mar sprioc ná tuiscint chuimsitheacht a fháil ar na príomhghnéithe a bhaineann le SMEanna atá ag fas. Cuirfidh an staidéar seo fianaise eimpearach ar fáil faoi cad is cúis le bás in SMEanna in Éirinn. Agus rud níos tábhachtaí fós, do na gnólachtaí nach bhfuil a bhfás acmhainneach bainte amach acu, cuirfidh an staidéar seo léargas ar fáil ar na saincheistanna atá ag cur bac ar fhás agus ar na saintacaíochtaí is gá chun na baic sin a sháru.

Measúnú ar an gClár Fiontraíochta PINC do Mhná

Rinneadh Lárionad Hincks don tSármhaitheas san Fhiontraíocht a choimisiúnú chun measúnú neamhspleách a dhéanamh ar an gclár fiontraíochta PINC do mhná a chuireann Lárionad Rubicon CIT ar fáil ó 2011. Ba é a bhí mar aidhm ná a fhíorú go bhfreagraíonn an clár do riachtanais an spriocghrúpa, chun tionchar agus éifeachtacht an chúrsa a mheas, chun réimsí feabhsaithe don chúrsa a iniúchadh, agus chun léargas a fháil ar riachtanais na rannpháirtithe tar éis dóibh an cúrsa a chur i gcrích. Aibhsíonn an tuairisc dheiridh gnéithe dearfacha an chláir oiliúna agus sainaitníonn roinnt réimsí sonracha inar féidir feabhas agus méid a chur ar an gclár chun cur le tionchar an chláir.

Ainm an Aonáin Taighde: Scoil na nDaonnachtaí – Cúram Comhtháite Pobail

1. Cur síos

Cuimsíonn gníomhaíocht taighde Scoil na nDaonnachtaí grúpa daoine aonair atá dírithe ar thaighde maidir leis an réimse leathan ‘Cúram Comhtháite Pobail’, e.g. oideachas idirghairmiúil, cúram sóisialta, cosc ar otracht linbh, gníomhaíocht fhisiciuil, féinbhainistíocht agus cumhachtú in obair shóisialta agus cúram sláinte. Chomh maith leis sin tá daoine aonair ag déanamh taighde i réimse na cóitseála spóirt, margaíocht laethanta saoire, turasóireacht bia, mná i mbainistíocht idirnáisiúnta, agus gnólachtaí bia agus a n-idirghníomhaíocht le CIT.

2. Achoimre Taighde

Méadrach	Líon	Trácht
Maoiniú Tionscadal Taighde bronnta (gníomhaireacht náisiúnta maoinithe)	1	Measúnú Seachtrach ar ‘Points for Life Pilot Project’ (2014) arna mhaoiniú ag an tSeirbhís Ghairmiuil do Mhúinteoirí (T Coppinger, ball den fhoireann measúnaithe)
Gradaim/aitheantas (don lárionad nó do dhaoine aonair laistigh de)	1	Aitheantas: Céad Charta Gníomhaíochta Fisiciúla do Leanaí agus an Óige 2014 in Éirinn (T Coppinger, ball den ghrúpa oibre náisiúnta taighde)

Altanna nuachtáin, léirmheasanna leabhair	9	
Láithreoireachtaí ar cuireadh	7	
Seimineair, colloquia óstaithe	1	Colloquium larchéime Scoil na nDaonnachtaí
Cathaoirleacht/óstú comhdhálacha	1	Comhdháil THRIC arna hóstú ag an Roinn Turasóireachta & Fáilteachais – Aibreán 2014; Toghadh an Dr Margaret Linehan ina Cathaoirleach ar Acadamh Bainistíochta na hÉireann – Feabhra 2014; comhchathaoirleach ar thraiceálacha éagsúla de chuid Acadamh Bainistíochta na hÉireann: toghadh an Dr Margaret Linehan ina Chathaoirleach ar Dress for Success, eagraíocht neamhbhrabúsach
Imeachtaí for-rochtana a raibh baint ag an bpobal leo	6	Cope Foundation Ranganna cócaireachta GP UCC Roinnt bunscóileanna i gCathair Chorcaí mar chuid den Tionscadal Spraoi Seoladh Tionscadal Spraoi Scoil Chócaireachta Ballymaloe
Cuairteanna Idirnáisiúnta Taighde	1	

3. Buaicphointe Taighde

- Tá idirghabháil scoil-bhunaithe á seachadadh agus á measúnú ag foireann taighde an **'Tionscadal Spraoi'** d'fhonn cúrsaí cothaithe agus gníomhaíochta fisiciúla a fheabhsú i leanaí bunscóile. Tá mar sprioc ag an tionscadal 'scoileanna iomlána' a chumhachtú chun iompraíochtaí sláintiúla stíleanna maireachtála a ghlacadh le cabhair 'spreagthóirí' oilte. Cuimsíonn sé sin leanaí scoile, múinteoirí, príomhoidí, foireann riaracháin, tuismitheoirí/caomhnóirí agus gach duine a bhfuil baint acu le riaradh scoileanna.
- Is bealach comhordaithe é an Cárta Tuairisce ar Ghníomhaíocht Fhisiúil i Leanaí agus Daoine Óga ar na sonraí go léir a bhaineann le leibhéal gníomhaíochta fisiciúla leanaí i dtír ar leith agus an fhianaise a 'ghrádú' agus úsáid á baint as córas grádaithe; díreach mar a bheadh cárta tuairisc scoile. Cuireadh tús leis den chéad uair i gCeanada agus ó shin i leith tá 14 thír tar éis a bheith páirteach ann. Foilsíodh an chéad Cárta Tuairisce de chuid na hÉireann in 2014 agus bhí ball den Scoil mar chuid den choiste a thiomsaigh Cárta Tuairisce na hÉireann.

4. Cás-Staidéir

Scoil Chócaireachta Ballymaloe

Tá taighde á dhéanamh ar an tionchar a d'imir Scoil Chócaireachta Ballymaloe ar an réigiún le linn na 30 bliain seo caite. Rinneadh comhpháirtíocht idir Scoil Chócaireachta Ballymaloe agus an Roinn Turasóireachta agus Fáilteachais d'fhonn taighde a fhorbairt ar mhaithe leo araon.

Cope Foundation

Cheap POF an Cope Foundation an Dr Margaret Linehan le bheith ina Cathaoirleach ar ghrúpa oibre chun tuairisc a dhéanamh ar chothromaíocht oibre/saoil fhostaithe Cope. Bhí an Dr Linehan ina cathaoirleach ar ghrúpa páirtithe leasmhara ábhartha, ar a

n-áirítear foireann Cope, ionadaithe ceardchumainn, agus thug siad an tuairisc do POF an Cope Foundation i mBealtaine 2014.

Ar son Scoil na nDaonnachtaí, rinne an Dr Margaret O’Keeffe ceardlanna a dhearadh agus a sheachadadh d’úsáideoirí an Cope Foundation. D’éirigh go maith leis na ceardlanna agus tá pleananna beartaithe tuilleadh ceardlanna a thabhairt an seimeastar seo. Tá an fhéidearthacht ann freisin taighde a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara seo.

SMEanna agus a n-idirghníomhaíochta le CIT

Tá taighde á dhéanamh le SMEanna áitiúla maidir lena n-idirghníomhaíocht le CIT. Tá mar sprioc leis an taighde na hidirghníomhaíochtaí éagsúla atá ag cuideachtaí áitiúla bia agus dí le CIT a aimsiú.

Ainm an Aonáin Taighde: MeSSO

1. Cur síos

Faoi láthair tá an grúpa gníomhach i réimsí d’fhorbairt na teicneolaíochta fuinnimh in-athnuaite muirí, úsáid fuinnimh talmhaíochta agus optamú feidhmíochta chóras fuinnimh foirgníochta. Cé go bhfuil maoiniú PhD faighte le haghaidh tionscadal a bhaineann go sonrach leis na réimsí seo, is iad an saineolas sonrach agus na scileanna atá á bhfeidhmiú laistigh de na tionscadail sin inniúlachtaí uathúla an ghrúpa. Is féidir achoimre leathan a dhéanamh ar chroí-shaineolas disciplín an ghrúpa mar:

- Lonsamhlú uimhiriúil, Dinimic Sreabháin Ríomhaireachtúil & Anailís ar Eilimintí Críochta
- Lonsamhlú agus Mionsamhlú Córais Feidhmíocht-Bhunaithe
- Mionsamhlú ar Chúlchéimniú, Mionsamhlú Meicníoch & Algartaim Optamaithe
- Dearadh Córas Rialaithe

Feidhmítear na croí-inniúlachtaí seo sna réimsí téamacha seo a leanas:

- Teicneolaíochtaí Muirí agus Fuinnimh in-athnuaite
- Rialú agus Optamú Próiseála Bainne
- Teicneolaíochtaí Foirgníochta, Foirgnimh Neodrach ó Thaobh Fuinnimh de, Foirgnimh Chliste, Córais Aerála
- Mionsamhlú Matamaiticiúil Bithchóras

2. Achoimre Taighde

Méadrach	Líon	Trácht
Maoiniú Tionscadal Taighde bronnta (gníomhaireacht náisiúnta maoinithe)	1	Comhpháirtíocht Nualaíochta EI le Teagasc, WIT, ICBF, Glanbia agus Dairygold
Tionscadail Taighde le bainteacht mhór thionsclaíoch bronnta	1	Comhpháirtíocht Nualaíochta EI le Teagasc, WIT, ICBF, Glanbia agus Dairygold
Scoláireachtaí PG (inmheánach)	6	Cláraithe i ndiaidh 1MF 2013 san áireamh
Scoláireachtaí PG (seachtrach náisiúnta – IRC, IT, etc.)	3	Walsh, IRCSET, IoTI
Gradaim/aitheantas (don lárionad nó do dhaoine aonair laistigh de)	1	Gradam don pháipéar is fearr – IMC30
Láithreireachtaí ar cuireadh	3	CERC13, SEAI IEA Sem, Marine Ren Energy pres UCC
Imeachtaí for-rochtana a raibh baint ag an bpobal leo	1	Seó bóthair
Cuairteanna Idirnáisiúnta Taighde	3	SFI India, Annex 62 An Aithin, agus Luassane

Ainm an Aonáin Taighde: SIGMA Software Innovation Group

1. Cur síos

Tá cuntas teiste leitheadach ag an ngrúpa taighde SIGMA de chuid CIT agus ard-bhogearraí agus teicnící ríomhaireachtúla á gcur i bhfeidhm ar fhíor-fhadhbanna domhanda. Rinne taighdeoirí SIGMA feidhmithe tráchtála a chumasú i réimsí éagsúla, amhail sláinte, bitheolaíocht, oideachas, agus fuinneamh. Bhí mar thoradh ar thaighde SIGMA cuid mhaith páipéar irise piara-léirmheasta, maoiniú taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta agus mac-chuideachta trachtála.

2. Achoimre Taighde

Méadrach	Líon	Trácht
Maoiniú Tionscadal Taighde bronnta (gníomhaireacht náisiúnta maoinithe)	5	
Maoiniú Tionscadal Taighde bronnta (gníomhaireacht maoinmithe AE/Idir)	2	
Tionscadail Taighde le bainteacht mhór thionsclaíoch bronnta	2	
Scoláireachtaí PG (inmheánach)	1	
Gradaim/aitheantas (don lárionad nó do dhaoine aonair laistigh de)	6	Cuid mhaith teistiméireachtaí agus gradam don pháipéar is fearr
Altanna nuachtáin, léirmheasanna leabhair	4	
Láithreoireachtaí ar cuireadh	12	
Seimineáir, colloquia óstaithe	8	
Cathaoirleacht ar chomhdhálacha/óstaithe	1	
Imeachtaí for-rochtana a raibh baint ag an bpobal leo	4	
Cuairteanna Taighde Idirnáisiúnta	8	

3. Buaicphointí Taighde

- Rinne an tionscadal CloudDx-1 a chomhordú (de facto) a roghnaíodh mar cheann an-rathúil ag Coimisiún na hEorpa
- D'fhoilsigh sraith de 6 pháipéar nuálacha Irise
- Bronnadh stadas IRC air mar cheannaire smaointe sa réimse atá ag teacht ar aghaidh, Ríomhaireacht Mhothaíoch, (tá Intel, Google agus Microsoft ag forbairt teicneolaíochtaí ceannródaíocha nua sa réimse seo)
- Chuir tús le 2 thionscadal SFI-mhaoinithe le Automsoft agus MyMic Ltd
- Ghnóthaigh conradh H2020 do mhac-chuideachta SIGMA NSilico
- Ghnóthaigh mórghradam do shábháilteacht bia le IBM agus lárionad sábháilteachta bia le WHO do Nsilico Ltd

Ainm an Aonáin Taighde: Sustainable Infrastructure Research Group (SIRG)

1. Cur síos

Is éard atá sa Ghrúpa Taighde Bonneagair Inbhuanaithe ná grúpa taighde a chuimsíonn Scoil na hInnealtóireachta Foirgníochta & Sibhialta. Tá naonúr ball acadúla gníomhacha taighde sa Ghrúpa, taighdeoir amháin lánaimseartha agus dáréag mac léinn iarchéime ag leibhéal Máistir agus PhD.

Tá an taighde dírithe ar an réimse Comhshaoil, Fuinnimh agus Inbhuanaitheachta i gcomhthéacs ginearálta na hInnealtóireachta Foirgníochta & Sibhialta. Tá téama seo an Fhuinnimh agus an Chomhshaoil Inbhuanaithe taighde comhsheasmhach le straitéisí Institiúideacha agus Náisiúnta taighde. Ar na réimsí gníomhacha taighde laistigh den téama taighde tá Fuinneamh Inbhuanaithe, Bainistíocht Dríodair Abhann & Inbhearraigh agus Innealtóireacht Struchtúir & Bonneagair. Ar na réimsí atá á bhforbairt tá Fuinneamh

Foirgníochta, Teicneolaíocht Ailtireachta, Innealtóireacht Gheoiteicniúil, Innealtóireacht Dóiteain agus Bainistíocht Luacha. Bíonn an obair taighde feidhmeach i gcoitinne agus dírithe agus ábhartha don tionsclaíocht agus do chleachtas gairmiúil. Tá naisc ghníomhacha taighde i bhfeidhm go himmheánach le taighdeoirí agus grúpaí taighde eile in CIT agus le raon d’institiúidí ardoideachais freisin, go háirithe UCC agus UCD.

2. Achoimre Taighde

Méadrach	Líon	Trácht
Maoiniú Tionscadal Taighde bronnta (gníomhaireacht maoinithe AE/Idir)	1	Tionscadal CEAMaS €4,139,500 ar fad; bronnadh CIT €167,140 AE Interreg
Tionscadail Taighde le bainteacht mhór thionsclaíoch bronnta	1	Cliaint: Byrne Looby PHMcCarthy/OPW
Scoláireachtaí PG (inmheánach)	2	Scoláireachtaí RÍSAM CIT
Láithreireachtaí ar cuireadh	2	

3. Buaicphointí Taighde

Is tionscadal mórskála é an Tionscadal Interreg AE CEAMaS a bhfuil ocht gcomhpháirtí ann, ar a n-áirítear institiúidí taighde agus eagraíochtaí tionscail i gceithre thír (Éire, An Ísiltír, An Bheilg agus An Fhrainc). Cuireadh tús leis an tionscadal seo i Meán Fómhair 2013 agus is é an dáta críochnaithe atá beartaithe ná Meán Fómhair 2015. Tá an tionscadal ag iniúchadh raon d’Fheidhmeanna Innealtóireachta Sibhialta do Dhríodair Mhuirí (CEAMaS), ar a n-áirítear mionanailís ar an Tionchar Eacnamaíochta agus Sóisialta. Cuirfear aschuir ón tionscadal i gcartlann sa Lárionad um Fhoinsé Eorpach do Dhríodair Dhreideáilte Mhuirí. Bhí baint ghníomhach ag CIT le taighde ar dhríodar dreideáilte in Éirinn ar feadh deich mbliana agus déanann ceann de na Pacáistí Tionscadail Oibre CEAMaS a threorú. Tá an tionscadal bunaithe ar thaighde leanúnach CIT i réimse an dríodair fhionnuisce agus saíle i gcórais abhann agus inbhir.

Is léir le fada tiomantas CIT don chaidreamh ardoideachais/fiontair le linn stair na hInstitiúide, a raibh mar thoradh air rannpháirtíocht i roinnt tionscadal idirnáisiúnta agus ceannaireacht ar roinnt tionscadal náisiúnta sa spás sin. Breathnaíonn Plean Straitéiseach CIT ar a rannpháirtíocht le fiontar agus leathnú an champais isteach sa phobal mór mar phríomhghné shainitheach. Tá an rannpháirtíocht leabaithe i gcuid mhaith de na spriocanna agus cinntíonn sé sin go mbíonn forbairt clár d'ardchaighdeán, ábhartha agus solúbtha agus fás gníomhaíochtaí taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta bunaithe faoi chomaoin ag a cuid comhpháirtíochtaí le gnólachtaí, comhlachtaí poiblí agus grúpaí pobail i gcomhthéacs na forbartha réigiúnaí, sóisialta agus eacnamaíochta.

Trí bhunú Champas Leathnaithe CIT, tá gníomhaireacht thiomanta curtha ar fáil ag CIT chun iarrachtaí a chomhordú go himheánach agus chun cuidiú le heagraíochtaí seachtracha (poiblí, príobháideach nó neamhbhrabúsach) ina gcuid idirghníomhaíochtaí le CIT agus chun eolas gnó faoin rannpháirtíocht a chomhordú le cur leis an straitéis áitiúil agus náisiúnta tuilleadh. Feidhmíonn Champas Leathnaithe CIT chun an rannpháirtíocht a fhorbairt agus chun tacú léi mar thiomantas ar fud na hInstitiúide, ag cuimsiú cúrsaí oideachais, taighde, nuálaíochta agus tacaíocht fiontair, agus lean sí den fhorás ar an mbunachar cuntais agus teagmhála chun fiosrúcháin agus treoracha a spreagadh. Cuimsíonn na hidirghníomhaíochtaí agus na fiosrúcháin sin iarratas i gcomhair mac léinn socrúcháin, earcaíocht, scileanna riachtanais oiliúna, dearbháin nuálaíochta, idirghníomhaíochtaí gearra taighde, agus rochtain ar threalamh agus saíneolas. Tá forbairt leathanach gréasáin nua atá níos cairdiúla d'fhiontar, agus gearrhóg ghearr bheoite chun an sainchúram agus obair Champas Leathnaithe CIT a mhíniú urtha i gcrích agus beidh an táirge críochnaithe ar fáil go luath.

Le linn 2013/14, d'oibrigh Champas Leathnaithe CIT i gcomhar le foireann CIT agus IT Thrá Lí chun raon na rannpháirtíochtaí le fiontar agus grúpaí pobail a rianú ar fud na n-institiúidí agus chun na próisis agus na gnáthaimh bhuntacúla a iniúchadh mar réiteach do phróisis níos ailínithe.

Idirghníomhaíochtaí agus Samhail Rannpháirtíochta CIT a Mhargú

Le cois a bheith go gníomhach ar Twitter, leantar d'fhoilsiú nuachtlitir Champas Leathnaithe CIT gach dara mí do bhreis is 1,200 teagmhálaí, rud a aibhsíonn idirghníomhaíochtaí áirithe idir aonaid acadúla nó taighde CIT agus grúpaí fiontair nó pobail. Tá tuilleadh mionchás-stáidéar forbartha i dtaca le hidirghníomhaíochtaí sonracha agus, le hais iad sin a bheith ar fáil trí leathanach gréasáin Champas Leathnaithe CIT, tá beartaithe go ndéanfaí iad a uaslódáil trí thaisclann Líonra Náisiúnta REAP <http://arrow.dit.ie/reap> mar eiseamláirí den dea-chleachtas sa rannpháirtíocht, de réir mar is iomchúí.

Lean na hionadaithe Dáimhe do Champas Leathnaithe CIT de bheith ag obair go dlúth le feidhmeannacht na Dáimhe chun a chinntiú go dtacaíonn na gníomhaíochtaí agus na heiseamláirí le cuspóirí agus spriocanna na dáimhe.

Glacadh le cás-stáidéar a léiríonn samhail Champas Leathnaithe CIT mar cheann de 20 eiseamláir idirnáisiúnta lena bheith curtha i láthair ag Daithí Fallon agus an Dr Irene Sheridan ag Imeacht an Dea-Chleachtais Idirnáisiúnta de chuid Líonra Nuálaíochta Ollscoile-Tionscail (UIIN) i Madrid ar 29 Meán Fómhair – 1 Deireadh Fómhair 2014.

Bhuail ionadaithe ó Fhiontar Éireann, (Polasaí agus Straitéis), le ceann Champas Leathnaithe CIT ar roinnt ócáidí chun iniúchadh a dhéanamh ar thacaíocht CIT don rannpháirtíocht agus ar an tsamhail spreagtha agus go mór mór ar chóras Bainistíochta an Chaidrimh leis an gCustaiméir i bhfianaise iad a bheith ag forbairt straitéise nuálaíochta don réigiún.

Foghlaim Obair-Bhunaithe agus Aitheantas ar Réamh-Fhoghlaim (RPL)

Agus cion dearfach á dhéanamh aici do shaol acaduil, eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha an réigiúin agus níos faide i gcéin, tá CIT tiomanta do chur chuige na comhpháirtíochta a aithníonn agus a leagann luach ar chruthú an eolais cibé áit ina dtarlaíonn sé, agus a bhreathnaíonn ar an ionad oibre mar lárionad foghlama atá bailí agus luachmhar. Aithnítear CIT mar cheannaire praiticiúil in aithint na réamhfoghlama ag an leibhéal náisiúnta agus go deimhin ag an leibhéal idirnáisiúnta. Buntacaíonn polasaí CIT le próiseas lánfhasta dea-fhorbartha a thagann le cáipéis HETAC 2009.

Iarratais RPL

Le linn 2013/14, tacaíodh le 386 iarratas ar RPL a raibh 122 meastóir agus 5 fhorbairt foirne i gceist leo agus tugadh 30 seisiún neamhfhoirmiúil tacaíochta. Rinneadh córas ceardlann am lóin agus tráthnóna le haghaidh mac léinn a thairiscint le linn na chéad 6 seachtainí de gach téarma lena chinntiú go raibh an próiseas bainistithe go héifeachtach agus rinneadh mionfheabhsuithe go leanúnach don bhunachar tosaíochta agus do na córais tuairisce.

Forbairtí Polasaí RPL

Le hais scothchleachtais, bhí CIT in ann leanúint de chion suntasach a dhéanamh d'fhorbairt polasaí RPL go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta trí phost Dheirdre Goggin mar ionadaí QQI na hÉireann ar Líonra agus Grúpa Stiúrtha RPL na hEorpa agus trína cion do thuarascáil Thír na hÉireann a foilsíodh ar http://cumulus.cedefop.europa.eu/files/vetelib/2014/87062_IE.pdf.

Seirbhís Chlinic Foghlama

Bhí éileamh leanúnach ar sheirbhís an Chlinic Foghlama ó fhóistóirí áitiúla agus d'fheidhmigh sí mar phointe tosaigh suntasach chun tacú le próisis le haghaidh ghníomhaíochtaí foghlama saincheaptha a bhí cuideachta-dhírithhe. Le linn 2013/14, reáchtáladh 8 gClinic i 4 cuideachta.

Teastas larchéime i gCleachtas Gairmiúil

Forbraíodh clár píolótach foghlama obair-bhunaithe a thacaíonn le foghlaim iarchéime ag Leibhéal 9 laistigh den ionad oibre agus faomhadh é le linn na bliana acadúla 2013/14. Is cuid de thionscnamh de chuid an ÚAO agus Cumann Tráchtála Mheiriceá é an clár píolótach agus thug foireann an Champais Leathnaithe tacaíocht d'fhorbairt agus do chur i bhfeidhm an chlár ar feadh an phróisis. Dírionn an Teastas larchéime i gCleachtas Gairmiúil de chuid CIT ar fheabhsúcháin phróisis san earnáil déantúsaíochta agus beidh sainmhodúl i Lean Six Sigma a d'fhorbair CAMMS mar chuid de.

Tionscnaimh Springboard agus Scileanna ICT

Le linn 2013/14, thacaigh Campas Leathnaithe CIT le Cúrsaí CIT a chur isteach ag an gcéim togra den Phróiseas Tionscnamh Springboard agus Scileanna ICT. Faoi thionscnamh Springboard ceadaíodh 242 áit ar 13 chúrsa ar luach iomlán de €1,258,775. Faomhadh dhá chúrsa faoi thionscnamh Scileanna ICT le 60 áit ar luach iomlán de €430,000.

Lean foireann Champas Leathnaithe CIT de bheith ag obair go dlúth leis an ÚAO, Aonad Margaíochta CIT agus leis na húinéirí éagsúla cúrsa chun tacú leis na cúrsaí Springboard agus Scileanna ICT agus chun tacú le Seó Bóthair an ÚAO i gCorcaigh, earcú foghlaimoírí agus riachtanais tuairiscithe an ÚAO.

Tionscadail Eile

Le linn 2013/14, lean an tionscadal REAP agus an Líonra Náisiúnta REAP, a bhí mar thoradh ai, don rannpháirtíocht le fiontar chun tacaíocht a mhealladh ón ÚAO. Leanann Grúpa LinkedIn REAP de bheith ag fás agus ag mealladh lucht déanta polasaí agus cleachtóirí atá gafa le rannpháirtíocht acadúil-fiontar.

Chuidigh an Dr Irene Sheridan, Ceann Champas Leathnaithe CIT, chun léirmhíniú a dhéanamh ar na torthaí sa tuairisc ar Stáid an Chomhoibríthe Ollscoile-Gnó in Éirinn mar chuid den Staidéar DG Oideachais agus Cultúir ar an gcomhoibriú idir Institiúidí Ardoideachais agus Eagraíochtaí Poiblí agus Príobháideacha sa Eoraip. Tá an tuarascáil ar Éirinn ar fáil ar: <http://www.ub-cooperation.eu/pdf/ireland.pdf>

4.5 Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta agus AE

Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

Ní raibh an gá céanna riamh cheana go nglacadh institiúidí tríú leibhéal leis an idirnáisiúnú. Inter alia, de réir roinnt tráchtairí tá an t-éileamh méadaitheach ar an oideachas idirnáisiúnta, an glacadh leis an mBéarla mar theanga dhomhanda d' oideachas chúrsaí gnó, infhaighteacht éasca teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, an brú ar institiúidí ardoideachais chun a bheith féinmhaoinithe níos mó agus níos mó agus acmhainn airgeadais roinnt ollchumhachtaí domhanda, atá ag fás, tar éis an t-idirnáisiúnú a shuíomh go lárnach i straitéis smaointeoireachta roinnt mhaith institiúidí.

Is fada CIT i mbun caidreamh idirnáisiúnta a fhorbairt ar mhaithe lena cuid mac léinn agus le páirtithe leasmhara eile. Le blianta fada, tá caidreamh tréan forbartha ag CIT le hinstitiúidí idirnáisiúnta (go mór mór san Eoraip), rud a chuir ar fáil deiseanna malartaíthe mac léinn, bealaí forbartha foirne agus asraonta taighde nach mbeadh ar fáil go háitiúil ar aon slí eile. Le blianta beaga, tá caidrimh straitéiseacha forbartha ag CIT san India, i gCeanada, sa Bhreasail, sa Malaeisia, sa tSín, agus sa Mheán-Oirthear.

Tá líon mór mac léinn idirnáisiúnta ag CIT agus léiríonn tuairiscí don bhliain acadúil 2013/14 go raibh 1,361 mac léinn a rugadh lasmuigh d'Éirinn as breis is 125 tír cláraithe ar chlair lánaimseartha céime:

Tír Stádas Breithe	Líon 2013/2014
Rugadh sa RA	419
Rugadh san Eoraip (seachas RA)	417
An Chuid Eile den Domhan	525

Ní léiríonn an figiúr don "Chuid Eile den Domhan" go díreach líon na mac léinn a íocann táillí neamh-AE, de bhrí go gcinntítear stádas na táille de réir na tíre baile, cioníocaíochtaí cánach don Stát, Stádas Dídeanaí, i measc cúinsí eile. Tar éis taighde a dhéanamh ar mhiondealú líon na mac léinn a bhí incháilithe don ráta neamh-AE, cinntíodh go raibh 115 mac léinn sa chatagóir sin in 2013/2014:

Náisiúntacht	Líon 2013/2014
An Albáin	1
An Bhainglaidéis	1
Belarus	1
An Bhreasail	40
Ceanada	5
An tSín	4
An Congó	1
An India	6
An tSeapáin	1
An Mhalaeisia	2
An Nigéir	5
Oman	7
An Phacastáin	2
An Rúis	3
An Afraic Theas	1
An tSúdáin	1
Aontas na nÉimíreachtaí Arabacha	28
Na Stáit Aontaithe	5
Usbeacastáin	1
Iomlán na Mac Léinn a d'íoc an Táille Neamh-AE	115

Ghlac Oifig Idirnáisiúnta CIT páirt sna himeachtaí promóisin seo a leanas ó Mheán Fómhair 2013:

Dáta	Imeacht	Láithreacha
Meán Fómhair 2013	Comhdháil Idirnáisiúnta an Chumainn Eorpaigh don Oideachas (EAIE)	Istanbul
Deireadh Fómhair 2013	Ceardlanna BMI na Breasaíle & Aontáí Oideachais	Sao Paulo; Curitiba
Samhain 2013	Aontáí Oideachais na hIndia & Ceardlanna Gníomhaireachta	Chennai, Bangalore, Mumbai, New Delhi
Nollaig 2013	Aonach STAR Oideachais na Malaeisia	Kuala Lumpur
Eanáir 2014	Lá Portfolio Iarchéime	Londain
Feabhra 2014	Misean Oideachais Cheanada & Láithreoirachtaí Scoile	Ontario
Feabhra 2014	Aontáí Oideachais na hIndia & Ceardlanna Gníomhaireachta	Chennai, Bangalore, Pune, New Delhi
Aibreán 2014	Seó Bóthair Aonach Oideachais na hÉireann-Malaeisia	Kuala Lumpur, Melaka, Johor Bahru, Penang
Aibreán 2014	Ceardlann FAUBAI na Breasaíle	Santa Catarina
Aibreán 2014	GHEDEX Oman	Muscat

Le linn an dá mhí dhéag seo caite tharla éachtaí suntasacha sa réimse idirnáisiúnta ar a n-áitítear:

- Chláraig 119 mac léinn nua neamh-AE in CIT i Meán Fómhair 2014 tar éis gníomhaíochtaí promóisin le linn na bliana acadúla 2013/14.
- Torthaí rathúla in earcaíocht mac léinn Breasaíleach tríd an gClár Scoláireachta “Eolaíocht gan Teorainneacha”. Chláraig 39 mac léinn in CIT i Meán Fómhair 2013 faoin gclár scoláireachta agus rinneadh é sin a mhéadú faoi dhó sa chéad ghlaio eile nuair a chláraig 83 mac léinn Breasaíleach san Institiúid i Meán Fómhair 2014.
- Tugadh Acadamh Gnó & Fiontraíochta CAMMS isteach i Meitheamh 2014, le 11 mhac léinn fiontraíochta. Dianchlár dhá mhí a bhí ann i Nuálaíocht & Fiontraíocht, Lean Sigma, agus Bainistíocht Tionscadail, d’fhonn mic léinn a chumhachtú chun a ngnólacht féin a chur ar bun nó tacar scileanna fiontraíochta a fhorbairt chun a n-infhostaitheacht fhoriomlán a mhéadú.
- Cuireadh CIT leis an liosta d’institiúidí faofa de chuid Aireacht Ardoideachais na hAraibe Sádaí i Meitheamh 2014. Ar an gcaoi sin cuireadh ar chumas CIT mic léinn lánchistithe Sádacha a earcú. Chláraig 10 mac léinn san Institiúid tríd an gclár seo i Meán Fómhair 2014.
- I Meitheamh 2014, faomhadh CIT mar rannpháirtí i gClár an “Federal Student Financial Aid” de chuid SAM.

Gníomhaíochtaí AE

Clár Foghlama ar Feadh an tSaoil/Clár Erasmus

Le linn na bliana 2013/2014, lean na gníomhaíochtaí faoin gclár LLP Erasmus de bheith ag forbairt. Bronnadh Cairt Ollscoile Leathnaithe Erasmus ar Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí don tréimhse 2014-2020, rud a chuireann ar chumas na hInstitiúide cur isteach ar mhaoiniú soghluaisteachta chun malartuithe agus socrúcháin mhic léinn a airgeadú agus a riar, chomh maith le malartuithe foirne acadúla agus cuairteanna forbartha foirne, ar bhonn bliantúil.

Fuarthas cistiú de **€116,453** ar fad ón ÚAO (Áisíneacht Náisiúnta Erasmus) le haghaidh gníomhaíochtaí soghluaisteachta le bheith ar siúl le linn na tréimhse ó 1 Meitheamh 2013 go 30 Meán Fómhair 2014.

Malartuithe agus Socrúcháin Staidéir Erasmus

I gcaitheamh na bliana 2013 go 2014, ghlac 20 mac léinn páirt sa chlár Malartuithe Staidéir Erasmus as na disciplíní seo a leanas: Ceol, Ealaín agus Dearadh, Ilmheáin, Staidéar Gnó, Innealtóireacht Leictreonach, Ríomhaireacht agus Ailtireacht. Rinne na mic léinn sin staidéar ag institiúidí páirtnéireachta Erasmus sna tíortha seo a leanas: Poblacht na Seice, An Spáinn, An Ostair, An Fhionlainn, An Ísiltír, An Iodáil, An Fhrainc, agus an RA.

Rinne 22 mac léinn ó na Scoileanna Gnó agus Daonnachtaí agus Eolaíochta agus Innealtóireachta socrúcháin a bhí maoinithe ag Erasmus i gcuideachtaí/eagraíochtaí sa Ghearmáin, san Fhrainc, sa Spáinn, sa Pholainn, agus sa RA.

Chuir an Institiúid fáilte freisin roimh 171 mac léinn Erasmus ar mhalartuithe staidéir sna disciplíní seo a leanas: Cuntasaíocht, Ailtireacht, Bitheolaíocht, Staidéar Gnó, Innealtóireacht Shibhialta, Foirgníocht, Ríomhaireacht, Innealtóireacht Leictreach, Innealtóireacht Leictreonach, Ilmheáin, Innealtóireacht Mheicniúil, Innealtóireacht Mhuirí, Ceol, Staidéar Loingseoireachta, Fisic, Fóillíocht & Áineas, agus Turasóireacht. Tháinig na mic léinn sin as na tíortha seo a leanas: an Fhrainc, an Ghearmáin, an Pholainn, an Fhionlainn, an Ísiltír, Poblacht na Seice, an Ostair, an Ghréig, an Iodáil, an Tuirc, an Spáinn, an Laitvia, agus an RA.

Soghluaisteacht Foirne Erasmus

Rinneadh 14 mhalartú léachtóireachta Erasmus le linn na bliana – go dtí an Ísiltír, an Iorua, an Ghearmáin, an Iodáil, an Fhrainc, an Fhionlainn, agus an Liotuáin. Bhain triúr ball foirne leas as cuairteanna oiliúna a bhí maoinithe ag Erasmus go dtí an Ghearmáin, an Rómáin agus an Ísiltír. Maoiníodh roinnt cuairteanna foirne freisin a bhain le socrúcháin Erasmus le linn 2013-2014.

Is iad seo a leanas na ranna/coláistí a raibh baint acu leis an gclár malartaithe le linn na bliana acadúla seo:

- Córais Chuntasaíochta & Faisnéise
- Ailtireacht
- Eolaíochtaí Bitheacha
- Ceolscoil Chorcaí CIT
- Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
- Innealtóireacht Shibhialta, Struchtúrtha & Imshaoil
- Ríomhaireacht
- Foirgníocht
- Eolaíochtaí Fisiceacha
- Innealtóireacht Phróisis, Fuinnimh & Iompair
- Innealtóireacht Leictreonach
- Bainistíocht & Margaíocht
- Innealtóireacht Mheicniúil, Bitheighis & Déantúsaíochta
- Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann
- Spóirt, Fóillíocht & Staidéar Luathóige
- Turasóireacht & Fáilteachas

Comhpháirtíochtaí Malartaithe

Faoi láthair tá comhaontuithe malartaithe Erasmus ag CIT le 115 institiúid páirtnéireachta Eorpach.

Dianchláir Erasmus

Tacaíodh le 59 mac léinn agus 16 bhall léachtóireachta ar fad ar an dianchlár Todhchaí Chruthaitheach Eorpach a bhí maoinithe ag Erasmus in 2013/14.

Scoláireacht Síochána George J. Mitchell

Lean CIT dá rannpháirtíocht sa chlár scoláireachta malartaithe seo, a bunaíodh le comóradh a dhéanamh ar Chomhaontú Aoine an Chéasta. Cuireann an Scoláireacht deis ar fáil le haghaidh malartuithe aon seimeastar do bheirt mhac léinn idir CIT agus na coláistí i gCóras na gColáistí Pobail in Maine.

4.6 Forbairt Campais

1. AIRÉANA CIT



Cur Síos:

Tá an foirgneamh ilchuspóireach Airéana CIT lena úsáid le haghaidh 3 phríomhfheidhm: spórt agus folláine; ealaín agus cultúr; acadúil/oideachas. Tá an foirgneamh atá beartaithe 3000m cr agus cuimsíonn sé halla 8 gcúirt iomlána spóirt; giom iomlán carda/meáchana; saoráidí athraithe éadaí; agus roinnt seomraí ilfheidhmeacha/tionscadail. Tá an tsaoráid atá beartaithe suite ar shuíomh cuid de na páirceanna imeartha uile-aimsire taobh theas den raon reatha lasmuigh.

Stádas an Tionscadail:

Cuireadh Céim 1 (réamhdhearadh) i gcrích i Lúnasa 2014. Tá tús le cur le Céim 2 (Dearadh Forbartha) i Meán Fómhair 2014.

2. FOIRGNEAMH CREATE (PRTLÍ)



Cur Síos:

Tugann an Lárionad Taighde in Ard-Innealtóireacht Theiripeach (CREATE) cóiríocht d'fhoireann idirdhisciplíneach taighdeoirí a chuimsíonn na grúpaí taighde CAPPA, BIO-EXPLORE agus MEDIC. Tá achar 1600m cr san fhoirgneamh CREATE agus cuirtear spás ar fáil ann do bhreis is 60 taighdeoir agus dá gcuid comhpháirtithe acadúla agus gnó. Is foirgneamh dhá stór neamhspleách é an foirgneamh atá suite gar do Bhloc C.

Stádas an Tionscadail:

Cuireadh críoch leis an tógáil i Samhain 2013, chun tosaigh ar an sceideal.

3. ATHCHÓIRIÚ AR ÁRAS MELBOURN (TYCO)) CÉIM 3 LÁRIONAD R-FHOGLAMA



Cur Síos:

Is éard atá san obair ná athchóiriú ar mezzanine Melbourne chun Lárionad R-fhoghlama a chur ar fáil, ar a n-áirítear 6 Sheomra Seachadta agus 3 sheomra Seimineáir chomh maith le cóiríocht oifige. Tá 700m cr sa Lárionad R-fhoghlama in Áras Melbourne.

Stádas an Tionscadail:

Cuireadh an tionscadal i gcrích i Samhain 2013.

4. TIONSCADAL UASGHRÁDAITHE GÁIS BLOC C PRÍOMHFHOIRGNEAMH (An Chéad Chéim)



Cur Síos:

Bhíodh na sorcóirí gáis suite laistigh de na saotharlanna. Mhol tuarascáil sábháilteachta go mbeadh siad sin suite lasmuigh i gcampún gáis agus píblíní ag rith go dtí an pointe úsáide sna saotharlanna. Tá gnéithe sábháilteachta ag an tionscadal e.g. córais bhraite, comhláí uathobreacha stoptha, aláraim etc. Bhí thart ar shé chineál sorcóirí gáis in úsáid sna saotharlanna. Suiteáladh córas gáis nádúrtha nuair a tógadh an coláiste in 1974 agus ní raibh córais nua-aimseartha sábháilteachta gáis feistithe i gcuid de na saotharlanna. Chuimsigh an tionscadal chóras braite agus profa gáis a shuiteáil freisin.

Stádas an Tionscadail:

Cuireadh an tionscadal i gcrích ag deireadh Eanáir 2014.

5. TIONSCADAL UASGHRÁDAITHE GÁIS BLOC A PRÍOMHFHOIRGNEAMH (An Chéim Dheiridh)



Cur Síos:

Shainnadh measúnú riosca a rinneadh de réir an Acht um Shláinte & Sábháilteacht do láithreacha oibre (i.e. atmaisféir inphléascacha) agus an anailís a rinneadh air go raibh rioscaí tromchúiseacha ann do shábháilteacht úsáideoirí i gceardlanna agus sna ceantair gar dóibh i mBloc A & B. D'aibhsigh an measúnú freisin easnamh gnéithe braite gáis agus rialaithe sábháilteachta dá dtarlódh sceitheadh gáis inlasta.

Stádas an Tionscadail:

Cuireadh tús le Céim 1 (Céad Dearadh) i Meitheamh 2014 agus tá tús le bheith curtha leis an tionscadal ar shuíomh i mBealtaine 2015.

6. OIBREACHA UASGHRÁDAITHE AR SHOLAS DÍN THOIR & CLÚDACH DÍN ATRIUM SA PHRÍOMHFHOIRGNEAMH




Cur Síos:

Chuimsigh an tionscadal seo córas ballarach cuirteán dhéghlointhe nua a chur in áit soilse dín a bhí san Atrium Thoir agus an clúdach dín a bhí ann a uasghrádú. D'fhéadfaí breathnú ar an tionscadal seo mar thionscadal píolótach chun an clúdach iomlán dín a uasghrádú sa seanfhoirgneamh atá ann ó 1974, a bhfuil a bheatha deartha sáraithe aige agus atá riachtanach chun rioscaí Sláinte & Sábháilteachta a mhaolú.

Stádas an Tionscadail:

Tá oibreacha Céim 1 le bheith curtha i gcrích i Meán Fómhair 2014. Ba éard a bhí ann na soilse dín sa Atrium Thoir a athsholáthar agus uasghrádú ar an díon go 1,800m². Tá an 10,000m² eile le bheith uasghrádaithe i gcéimeanna sa todhchaí.

7. OIBREACHA UASGHRÁDAITHE SÁBHÁILTEACHTA DÓITEÁIN AR AN bPRÍOMHFHOIRGNEAMH (Céim 1)



Cur Síos:

Beidh gá na doirse amach agus na doirse a fhoroinneann dorchlaí ar bhealaí éalaithe a uasghrádú/athsholáthar chun na caighdeáin sábháilteachta dóiteáin a chomhlíonadh. Is gá dorchlaí ceannchaocha a uasghrádú go dtí dorchlaí cosanta agus bealaí malartacha éalaithe a chur ar fáil go himheánach. Is gá staighre nua éalaithe i mBloic A & B chun déileáil le faid iomarcacha taistil.

Stádas an Tionscadail:

Tugadh faoi Oibreacha Céim 1 i samhradh 2014, ar a n-áirítear uasghráduithe urláir dóiteáin agus déileáil le dorchlaí ceannchaocha. Bainfidh Céimeanna sa toadhchái leis na dorchlaí ceannchaocha eile, bealaí éalaithe cothrománacha agus ceartingearacha agus staighre éalaithe nua a sholáthar.

8. OBAIR DHEISIÚCHÁIN AR DHÍON CRAWFORD



Cur Síos:

Tá an-drochbhail ar na chéad díonta agus damáiste mór ar adhmaid an dín agus ar na ballaí taca. Is cuid de chlár céimnithe oibreacha é an tionscadal deisiúcháin. Na díonta comhréidh asfailt atá ag sceitheadh a bhaint as agus deisiúcháin ar na díonta claonta scláitithe go nádúrtha. An scannán asfailt nua le bheith forluite ar inlúid ardfheidhmíochta nua.

Stádas an Tionscadail:

Cuireadh oibreacha Céim 1 i gcrích idir Iúil agus Meán Fómhair 2013 agus oibreacha Céim 2 i gcrích idir Iúil agus Meán Fómhair 2014. Tá na céimeanna eile le déanamh idir Iúil 2015 agus Meán Fómhair 2018.

9. SEID INNEALRA



Cur Síos:

Tá raon míreanna innealra cothabhála páirce imeartha ceannaithe ag CIT chun an acmhainn in-tí leis na páirceanna imeartha agus na sócmhainní spóirt coimhdeacha a forbraíodh le blianta beaga a choinneáil i gceart. Tá gá le foirgneamh tiomanta stórála chun an t-innealra seo a choinneáil. Tá gá freisin le fo-stáisiún tiomanta chun tuilsoilsiú páirce a sholáthar.

Stádas an Tionscadail:

Cuireadh an tionscadal i gcrích i mí na Nollag 2013.

10. OIBREACHA UASGHRÁDAITHE AR SHEOMRA FOIRNE



Cur Síos:

D'iarr Seirbhísí na Mac Léinn agus na ceardchumainn Foirne uasghradú ar an tsaoráid atá ann chun bia agus seirbhís níos fearr a chur ar fáil. Cuimsíonn na hoibreacha freisin feabhsúcháin ar chúrsaí sábháilteachta dóiteáin, leictreachais agus aerála ar an tsaoráid chun na rialacháin Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa ag an obair a chomhlíonadh.

Stádas an Tionscadail:

Tá na hoibreacha le bheith curtha i gcrích i Meán Fómhair 2014.

11. PÁIRC EOLAÍOCHTA AGUS NUÁLAÍOCHTA CHORCAÍ



Cur Síos:

Tá an Pháirc Eolaíochta agus Nuálaíochta le bunú ar imeall thiar theorainn na cathrach i gCurraichín. Táthar ag súil go ndíreoidh an Pháirc ar fhuinneamh glas agus ar chur chun cinn taighde a chomhlánóidh an obair atá á déanamh ag na hinstitiúidí éagsúla amhail Lárionad Rubicon.

Stádas an Tionscadail:

Tá grúpa cur i bhfeidhm bunaithe agus tá Máistirphlean agus Plean Forbartha Gnó.

12. SUITEÁIL CHÓRAS CHP A DEONADH SA PHRÍOMHFHOIRGNEAMH



Cur Síos:

Thairg an Chuideachta UTRC (comhpháirtithe taighde NIMBUS-bhunaithe) aonad CHP a bhí beagnach nua a dheonú do CIT lena úsáid ag an gCampas i mBaile an Easpaig. D'fhéadfadh a bheith mar thoradh air go suiteálfaí córas téimh ceantair ar an gcampas. Chuirfeadh an tionscadal comhcheangailte méadú suntasach ar éifeachtacht fuinnimh an champais. Éascóidh an t-aonad CHP seo athshuíomh an aonaid CHP atá ann cheana don fhoirgneamh Turasóireachta agus na coirí gáis adhainte neamhéifeachtacha a athsholathar ar an gcaoi sin.

Stádas an Tionscadail:

Seachadadh an CHP a deonadh chuig an RA i Meitheamh 2014 ionas go bhféadfaí é a athfheistiú agus a athchumrú go caighdeáin Eorpacha. Tá CIT ag súil go dtiocfaidh an CHP go CIT i bhFeabhra 2015.

13. LEABA TÁSTÁLA TÉIMH CEANTAIR UTRC/CIT



Cur Síos:

Déanfar an córas téimh atá ann cheana féin a uasghrádú go cineál bonneagair téimh ceantair chun leaba tástála bheo thurgnamhach a chur ar fáil chomh maith le téamh comhsheasmhach d'úsáideoirí an fhoirgnimh trí mheán rialtán cliste a mbeidh mar thoradh orthu éifeachtachtaí níos mó fuinnimh sa chóras. Tá conradh déanta ag CIT le UTRC trí mheán Chomhaontú Seirbhíse Teicniúla (TSA) chun an staidéar féidearthachta, coincheap, dearadh, tógáil, agus seachadadh an tionscadail a dhéanamh.

Stádas an Tionscadail:

Bíonn cruinnithe agus ceardlanna rialta ar siúl ag CIT agus UTRC chun an tionscadal taighde seo a phleanáil. Táthar ag súil go gcuirfead tús leis an tionscadal ar an suíomh i mBealtaine 2015.

14. OIBREACHA UASGHRÁDAITHE AR BHLOC G



Cur Síos:

Athmhúnlú ar leagan amach inmheánach na seomraí chun spás breise oifige foirne a chur ar fáil agus spás na seomraí ranga a réasúnú.

Stádas an Tionscadail:

Na hoibreacha le bheith curtha i gcrích idir Iúil agus Lúnasa 2014.

4.7 Bainistiú Sábháilteachta & Saoráidí

Le linn 2013/2014, leagadh an-bhéim ar roinnt réimsí laistigh de chórais bhainistíochta sábháilteachta na hInstitiúide. Leanadh den fhócas a choinneail ar mheasúnuithe riosca ar fud na hInstitiúide.

Cuireadh oiliúint ar mheasúnú riosca agus meantóireacht ar fáil do phearsanra a dhéanann measúnuithe riosca i Lárionad NIMBUS, an Mhonarcha Ailtireachta agus laistigh de na ceantair chothabhála i bhFoirgnimh agus Eastáit.

Rinneadh sainmheasúnuithe riosca sna saoráidí Spóirt (Cothabháil Tailte), sa réimse Gairmeacha agus Comhleoirleachta, ag Coláiste Talmhaíochta Chloch na Caoilte agus san Fhoirgneamh nua CREATE - Ceantar Eolaíochtaí Bitheacha.

Tionscnaíodh athbhreithniú ar stóráil agus úsáid ceimiceán ag CIT ag tosú leis an stór seachtrach ceimiceán atá ann cheana fein agus athbhreithniú ar stóráil agus úsáid ceimiceán i Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla, Leictrí agus Próisis. Tá an próiseas ar siúl i gcónaí.

Rinneadh Gnáthaimh Éigeandála CIT a athbhreithniú agus a athleasú.

Rinneadh athbhreithniú agus athcheartú ar ghnáthaimh bhainistíochta foirgníochta agus ar ghnáthaimh chothabhála oibreachta ag CIT le linn na tréimhse ar a n-áirítear Gnáthamh maidir le ceadúnas athbhreithnite chun oibre.

Oiliúint:

Cuireadh oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta ar fáil mar seo a leanas: Measúnú Riosca, Feasacht ar Shábháilteacht Cheimiceach, Obair os Ard, Ardán Oibre Ardaithe Soghluaiste (MEWP), Tiománaí Forc-Ardaitheora, Maor Múchtóra Dóiteáin agus Dóiteáin, Measúnóir Aonad Amharc-Thaispeántais, An Chéad Fhreagróir Cairdiach, Garchabhair Saothair, Céad Fhreagróir Éigeandála, Láimhseail Láimhe, Teagascóir Láimhseála Láimhe, Pas Sábháilteachta FÁS, Oibrí ar Shábh Slabhrach/Trealamh Beag, agus Oiliúint Ionadaí Sábháilteachta.

Tionscadail Sláinte agus Sábháilteachta

Leanadh den obair chun an gléasra gáis phíbeáilte a shuiteáil in ionad na sorcóirí inmheánacha gáis i saotharlanna agus ceardlanna. Tá sé sin curtha i gcrích i mBloc C agus ullmhaíodh dearadh den chóras do Bhloc A roimh oibreachta atá pleanáilte ar an suíomh in 2015.

Rinneadh tionscadal sonrath ar aghaidh Bhloc A chun roinnt de na painéil chumhdra a bhí díláithrithe agus a bhí ina nguais don tsábháilteacht a chobhsú. Rinneadh raon d'oibreachta deisiúcháin stoirme agus oibreachta cosanta ciumhaise freisin ar na ceantair dín le linn Thionscadal Oibreachta Samhraidh 2014.

Timpistí

Tuairiscíodh 105 timpiste ar fad ag CIT idir 1/09/2013 agus 31/08/2014. Bhí ocht gcinn de na teagmhais sin sách tromchúiseach le go mba ghá iad a iompar go dtí OOC in otharcharr.

Ta an leibhéal teagmhais seo i gcomhréir le hinstiúidí den chineál céanna in Éirinn (DIT – 152, LIT – 64, GMIT – 46, WIT – 28, LYIT – 20 agus ITT-12) agus aird ar na líonta difriúla foirne, líonta na mac léinn agus an raon gníomhaíochtaí i ngach instiúid.

Ba thragóideach an rud é gur gortaíodh fostaí conraitheora a bhí ag obair ag CIT go marfach tar éis timpiste ar an gCampas i Samhain 2013. Mar thoradh air sin rinne an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta imscrúdú cuimsitheach ar chúinsí na timpiste agus ar struchtúir bhainistíochta sábháilteachta tionscadail agus cinneadh iad a bheith i gcomhall le gach riachtanas reachtach ábhartha.

An Coiste Sábháilteachta

Tionóladh na cruinnithe den Choiste Sábháilteachta ar feadh na tréimhse faoi mar a sceidealaíodh iad.



Lárionad Taighde Nimbus

5. Tuairisc ar Acmhainní Daonna

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 5.1 Tuairisc ar Acmhainní Daonna
- 5.2 Líon na Foirne
- 5.3 Éachtaí na Foirne

5.1 Tuairisc ar Acmhainní Daonna

Líon na Foirne

Le linn na bliana acadúla 2013/14, ba é líon iomlán na Foirne ná 1,443 arbh ionann é sin agus 973.57 Cóibhíseach Lánaimseartha (CLA). Ba í an chatagóir foirne ba mó ná an Fhoireann Acadúil arbh ionann í sin agus 60% den líon iomlán, 59% CLA.

As Filleacháin Ráithiúla na hEarnála Poiblí a tógadh na figiúirí go léir a thaispeántar sa roinn seo mar a bhí ar 31 Nollaig 2013.

Imithe ar Scor

D'éirigh na baill foirne seo a leanas as oifig i rith na bliana:

An Dr Eamonn Cashell, Déan Staidéar Iarchéime
 Maud Coffey, Oifigeach Cléireachais, Roinn na Meán Cumarsáide
 John Cogan, Bainisteoir Airgeadais
 Bernice Cremin, Oifigeach Cléireachais, CSCh CIT
 Mary Crowley, Oifigeach Foirne Cúnta, Roinn Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil
 Patrick Crowley, Oifigeach Teicniúil, Scoil na hEolaíochta & na Faisnéisíochta
 Breda Dalton-Twomey, Léachtóir 1(T), CSCh CIT
 Michael Delaney, Leas-Uachtarán don Fhorbairt
 Carmel Devaney, Léachtóir, Roinn na Fisice Feidhmí & Ionstraimíochta
 Elaine Flannery, Léachtóir Pro-Rata, Páirtaimseartha, Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha
 Catherina Hearne, Léachtóir, Roinn na Míneolaíochta, CEDC CIT
 Thomas Kelly, Léachtóir, Roinn Turasóireachta & Fáilteachais
 Michelle Kiely, Oifigeach Cléireachais, CAMMS
 Derek Long, Léachtóir, Lárionad Staidéar Ceardaíochta
 John J. Murphy, Léachtóir, Roinn Margaíochta & Gnó Idirnáisiúnta
 Tom O'Connell, Oifigeach Cléireachais, CEDC CIT
 Jim O'Dwyer, Ceann na Roinne Ríomhaireachta
 Michael Randles, Léachtóir, Roinn Margaíochta & Gnó Idirnáisiúnta
 John Twohig, Ceann Lárionad Staidéar Ceardaíochta
 Pádraig Varian, Léachtóir, Lárionad Staidéar Ceardaíochta
 An Dr John Wood, Ceann Roinn na Ceimice

Chuaigh an Leas-Uachtarán don Fhorbairt agus an Bainisteoir Airgeadais de chuid na hInstitiúide ar scor le linn na bliana acadúla 2013/14

Nuair a chuaigh ár gcomhghleacaithe, a bhfuil an-mheas againn orthu, Michael Delaney Uas., Céad Cheann Forbartha na hInstitiúide, agus John Cogan, Bainisteoir Airgeadais, tugadh a gcomhghleacaithe agus a gcairde laistigh agus lasmuigh den Institiúid ar thuras síos bóithrín na smaointe. Chuir na smaointe sin i gcuimhne dúinn go léir an méid a d'athraigh agus a chuaigh an Institiúid chun cinn le linn na mblianta a chuaigh thart agus an méid a rinne na daoine iontacha seo ar mhaithe leis an Institiúid a thabhairt go dtí an staid ina bhfuil sí anois.

Téann Michael ar scor . . .

Bhí líon mór cairde agus comhghleacaithe CIT agus comhghleacaithe seachtracha i láthair ag an gCóisir agus an Bronnadh ar 28 Lúnasa 2014 chun obair agus éachtaí Michael Delaney Uas., an chéad Cheann Forbartha agus Leas-Uachtarán d'Fhorbairt CIT ina dhiaidh sin, a chomóradh agus a cheiliúradh.

Cé go gcuimhneofar ar Michael mar Leas-Uachtarán don Fhorbairt, chuaigh sé ar fhoireann Choláiste Teicniúil Réigiún Chorcaí mar léachtóir i mBithcheimic ar 22 Feabhra 1977. Ceapadh é ina Cheann ar Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha i Meán Fómhair 1983, agus rinneadh Ceann Forbartha/Leas-Uachtarán de i Nollaig 1995. Sa ról sin ba phríomhimeiréir é i seachadadh dhá mhórhionscadal Comhpháirtíochta Poiblí-Príobháideach, a raibh mar thoradh orthu píosaí suntasacha bonneagair don tír ar fad – CIT, CSCh, agus CNMÉ.

Dúirt an tUachtarán ina óráid *"ní hé amháin go raibh Michael ina shiocair le seachadadh Cheolscoil Chorcaí CIT agus CNMÉ, bhí baint ríthabachtach aige freisin le forbairt Lárionad NIMBUS, a thacaíonn leis an taighde, foghlaim agus tionsclaíocht, le CREATE, Lárionad CIT don Taighde in Ard-Innealtóireacht Theiripeach, agus lárionad goir leanúnaigh CIT, an Rubicon."* Ar son na hInstitiúide ghuigh an tUachtarán scor fada agus sona ar Michael agus ghlac buíochas leis as an tseirbhís dhílis shuntasach a thug sé do CIT, rud a chuirfidh ar a cumas a bheith ina hOllscoil Teicneolaíochta sna blianta atá le teacht.

Ina óráid dó, dúirt Ceann CNMÉ, Conor Mowlds Uas. *“I mbliana tá CNMÉ ag ceiliúradh 10 mbliana den oideachas agus den oiliúint mhuirí i gCorcaigh. Le linn na tréimhse sin, agus roimpi go deimhin le linn na céime soláthair agus tógála den Choláiste, ba fhórsa daingean agus dearfach é Michael Delaney i bhforás CNMÉ. Agus é ag feidhmiú mar Leas-Uachtarán don Fhorbairt agus mar Cheann gníomhach CNMÉ ina dhiaidh sin, bhí Michael rithábhachtach in an-chuid de na forbairtí ba shuntasá de chuid CNMÉ, ar a n-áirítear cruthú oibríochtaí tráchtála an Cholaiste – Seirbhísí CNMÉ – agus a comhfhiontair, Lárionad Taighde Halpin agus clár nua acadúla d’oifigigh loinge. Beidh sé an-deacair méid na taithí agus na fise a athsholáthar”.*

Tugadh bronnantas do Michael ar son a chomhghleacaithe den am atá caite agus den am i láthair, a chomhghleacaithe ar Bhord Feidhmeannach na hInstitiúide agus baill den Bhord Rialaithe den am atá caite agus den am i láthair as a dhílseacht agus a thiomantas don Institiúid.

Tugadh bronnantas do Michael freisin ar son a chomhghleacaithe ón am at caite agus ón am i láthair mar aitheantas ar a thiomantas don Choláiste.

Tá súil againn go mbeidh scor fada agus sona ag Michael in éineacht lena bhean Ann agus a chlann.

Téann John ar scor . . .

Tionóladh Cóisir agus Bronnadh chun imeacht ar scor do John Cogan, Bainisteoir Airgeadais, a cheiliúradh ar 22 Lúnasa 2014. Bhí líon mór cairde agus comhghleacaithe i láthair.

Chuaigh John, céad Bhainisteoir Airgeadais na hInstitiúide, i mbun dualgais ar 8 Meitheamh 1976 agus le linn na 38 bliain seirbhíse dó d’oibrigh sé in éineacht lenár bPríomhaí nach maireann, J.P. Roche, ar feadh 12 bhliain, lenár Stiúrthóir, an Dr Patrick Kelleher, ar feadh 16 bliana, agus lenár nUachtaran reatha ar feadh 10 mbliana.

Dúirt an tUachtarán ina óráid *“b’fhéidir go raibh an teideal Bainisteoir Airgeadais ag John, ach tá sé sin ró-theoranta ar fad le cur síos a dhéanamh ar a ndearna John do bhunú agus d’fhorbairt an aonáin a dtugaimid CIT air sa lá inniu. Le linn aimsir J.P. Roche, ba é cúram John ná cúrsaí airgeadais, dlí, déileáil leis an gCGO agus leis an Roinn Oideachais. Lean sé sa ról sin in éineacht le Pat Kelleher sna 90aidí chomh maith le foirgnimh nua taighde-mhaoinithe, saoráidí spóirt, cuideachta seirbhíse mic léinn, CSCh/ Óstán Moore, CNMÉ, RCD agus, le deireanas, iniúchtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, coistí airgeadais agus iniúchtaí an Bhord Rialaithe. I mbeagán focal, d’imir John ról rithábhachtach i ngach forbairt de chuid CIT. Is duine é John a réitíonn fadhbanna agus is foinse dea-chomhairle freisin é. Is féidir le gach aon Cheann Roinne agus Ceann Feidhme é sin a dhearbhu. In 1993, nuair a fuair an Institiúid féinriail, ba mhór an t-athrú é don Institiúid a raibh uirthi ansin dul i ngleic lena raibh mar fhreagracht uirthi. Ba é an duine a chuidigh go hollmhór leis sin ná John Cogan. Seasfaidh an caighdeán tacaíochta agus éascaíochta a rianaigh John agus is é sin an rud is tábhachtaí a fhágann sé againn. Inniu glacaimid buíochas le John as a sheirbhís dhílis do CIT.”*

Tugadh bronnantas do John freisin ar son a chomhghleacaithe ón am atá caite agus ón am i láthair mar aitheantas as a thiomantas don Choláiste.


Ta súil againn go mbeidh scor fada agus sona ag John in éineacht lena bhean Vera agus lena chlann.

5.2 Líon na Foirne

Líon Iomlán na Foirne

	CLA	Líon
Buan	801.83	868
Sealadach	171.74	575
IOMLÁN	973.57	1,443


Líon Iomlán na Foirne (CLA)



Foireann de réir Catagóire

	CLA	Líon
Bainistíocht	10.00	10
Acadúil	578.87	873
Riarachán & Leabharlann	152.15	152
Teicneoir	81.62	83
Tacaíocht	46.96	92
Seirbhísí Mic Léinn	30.22	140
Taighdeoirí	73.75	83
IOMLÁN	973.57	1,443


Foireann de réir Catagóire (CLA)



Treochtaí Foirne – Stair 4 Bliaana

	10/11	11/12	12/13	13/14
Bainistíocht	10.00	10.00	10.00	10.00
Acadúil	600.08	580.8	571.19	578.87
Riarachán & Leabharlann	138.46	145.56	150.10	152.15
Teicneoir	80.73	84.75	84.62	81.62
Tacaíocht	32.39	53.89	50.85	46.96
Seirbhísí Mic Léinn	57.77	34.80	31.68	30.22
Taighdeoirí	41.2	52.49	64.64	73.75
IOMLÁN	960.63	962.29	963.08	973.57

Treochtaí Foirne – Stair 4 Bliaana (CLA)



5.3 Éachtaí na Foirne

Rinneadh comhghairdeas leo seo a leanas:

- Niamh Lynes as a comhthoghadh ar Bhord Stiúrtóirí Chomhairle na Mac Léinn Idirnáisiúnta in Éirinn (ICOS). Is í Niamh an chéad ionadaí riamh de chuid CIT ar Bhord na heagraíochta seo.
- An Dr Geoffrey Spratt, Stiúrtóir Cheolscoil Chorcaí CIT, mar aon lena chomhghleacaithe ar an bhFoireann Shinsearach, a bhunaigh Conservatoires Ireland mar chomhlacht ionadaíoch do na trí conservatoire in Éirinn: CSCh CIT, Conservatoire Ceoil & Drámaíochta DIT agus Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann.
- Marc Ó Riain, Léachtóir, Roinn na hAiltireachta, as na gradaim seo a leanas a fuair an Mhonarcha Ailtireachta:
 - Na catagóirí is airde gradam in Oideachas, Intithe Tráchtála agus Athúsáid Inbhuanaithe ag Gradaim Institiúid na nDearthóirí
 - Grand Prix Dearadh na hÉireann, dara háit sa chraobhchomórtas i nGradaim na nAiltirí Idirnáisiúnta
 - Gradam Dearaidh “Design Platinum A” sa Chatagóir Spás Intí agus Dearadh Taispeántais 2013/14 ag Searmanas Gradaim Dearaidh de chuid Chumann Idirnáisiúnta na nDearthóirí ag Loch Como na hIodáile.
- Tim Horgan, Ceann Seachadadh Ar Líne, aa a aighneacht a bheith curtha ar an liosta gearr don Ghradam An tOideachas Ranga is Fearr de chuid Innealtóirí Éireann. Bhí a aighneacht “Education in the Clouds; Cloud Computing” ar cheann de na ceithre cinn a gearrliostaíodh.
- Adrian Gregan, Ceann na Roinne Turasóireachta & Fáilteachais, a toghadh mar Ionadaí nua Náisiúnta don Chumann Eorpach Óstáin agus Turasóireachta (AEHT).
- Seán F. O’Leary, Léachtóir Sinsearach 1 (T), Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla, Bitheighis & Déantúsaíochta, a ghlac le cuireadh ó Innealtóirí Éireann feidhmiú mar Ionadaí Idirchaidrimh Mic Léinn Tríú Leibhéal do CIT/Innealtóirí Éireann.
- Foireann agus mic léinn CSCh CIT mar aon le haoi-aonreádaí gairmiúil agus an fhoireann léirithe as na taibhithe breátha sa chéad mhórléiriú ceoldráma dá gcuid, “Pósadh Figaro”, ag CSCh CIT ar 10, 11 agus 12 Eanáir.
- Foireann na Roinne Innealtóireachta Próisis, Fuinnimh agus Iompair agus Lárionad CAPPa i gcomhar leis an Scoil Chógaslaine, UCC as “Enabling Continuous Processing Knowledge Day” a óstú ag an Institiúid ar 31 Eanáir.
- An Dr Brigid Lucey, Léachtóir agus an Dr Aidan Coffey, Léachtóir Sinsearach 1 (T), Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha, as deontas suntasach caipitil a fháil ó Fhunduireacht Eolaíochta na hÉireann ar baineadh úsáid as chun Mais-Speictriméadar MALDI-TOF (Matrix-assisted laser desorption/ionization time-of-flight) a cheannach. Feistíodh an gléas nua ag an tSaotharlann Bhaictéareolaíochta ag OOC agus buntacaíonn comhroinnt na teicneolaíochta seo i gCorcaigh leis an gcomhoibriú fada taighde tairbheach idir CIT agus OOC.
- An Dr Margaret Linehan, Ceann Scoil na nDaonnachtaí, a toghadh ina Cathaoirleach ar Acadamh Bainistíochta na hÉireann (IAM) in Aibreán. Ceapadh í ar Bhord Dress for Success, eagraíocht neamhbhrabúsach, a chuidíonn le mná atá ag athiontráil sa láthair oibre. Is comheagarthóir an Irish Business Journal í an Dr Linehan freisin.
- An Dr Martin Klepal agus an Dr Christian Beder, Taighdeoirí Lárionad NIMBUS, as bonn oír a ghnóthú don chóras saor bonneagair aimsithe suímh agus rianaithe raidió laistigh is cruinne ag comórtas a bhí urraithe ag Microsoft ag CPSWeek in Berlin. Is ceann de na comhdhálacha ar thaighde chóras leabaithe is mórchlúití ar domhan é sin.
- Róisín O’Grady agus Treasa Morgan, Seirbhís Ghairmeacha CIT, as an nGradam Airgid a ghnóthú sa chatagóir Gradam na hInfhostaitheachta as a gClár Oibre Infhostaitheachta” a rinneadh a fhorbairt agus a sheachadadh i gcomhar le Scoil na hInnealtóireachta agus Eolaíochta CIT.
- Olive O’Driscoll agus John Vaughan, Taighdeoirí CIT agus bunaitheoirí AventaMed as an gComórtas MedTech Idol a ghnóthú ag comhdháil 360^o Feistí Leighis Invest in Innovation (IN3). Mar bhuaiteoirí, rinne AventaMed ionadaíocht do CIT ag an 360^o Feistí Leighis (IN3) in San Francisco.
- Caroline O’Reilly, Ceann na Roinne Córas Cuntasaíochta & Faisnéise, a ndearnadh ball di den Tionscnamh Oideachais de chuid Chumann Chorcaí de na Cuntasóirí Cairte.
- Bernard Vallely, Léachtóir, Roinn Forbartha Eagraíochta & Gairmiúla, a d’fhorbair CAP 1 Management Accounting Examination Toolkit de chuid Chuntasóirí Cairte na hÉireann agus ar foilsíodh ocht n-alt leis ag Institiúid na gCuntasóirí Poiblí Deimhnithe (CPA).
- Daithí Fallon, Ionadaí Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta, Campas Leathnaithe CIT, a ceapadh ina Ionadaí Oideachais do Chumann Éireannach na bhFeistí Leighis (IMDA).
- An Dr Guillaume Huyet, Ceann Gníomhach na Roinne Fisice & Ionstraimíochta, a ceapadh ina Léachtóir Cuairte agus ina Chomh-Chathaoirleach ar an tSaotharlann Córas Léasair ag an Ollscoil Náisiúnta Taighde i dTeicneolaíochtaí Faisnéise, Meicníochta agus Optaice, Cathair Pheadair na Rúise.

- An Dr Breda Kenny, Ceann, Lárionad Hincks don tSármhaitheas i bhFiontraíocht, a toghadh ina Ball de Bhord na Comhairle Eorpaí do Ghnólachtaí Beaga agus Fiontraíochtaí (ECSB).
- An Roinn Forbartha Eagraíochta & Gairmiúla a ghnóthaigh Bonn Óir ACCA do Stádas Oideachasóra agus Stádas Faofa Oideachasóra Teicneora Cuntasáíochta ne hÉireann. D'athbhronn Institiúid na gCuntasóirí Poiblí Teastasaithe in Éirinn (CPA) faomhadh Goldstar ar an Roinn agus bhain creidiúnú CIPD amach don MA i mBainistíocht Acmhainní Daonna, rud a ligean do chéimithe Ardleibhéal Ballraíochta a bhaint amach san Institiúid Chairte Pearsanra agus Forbartha.
- An Dr Vanessa Murphy, Léachtóir, Roinn Spóirt, Fóillíochta & Staidéar Luathóige a ceapadh ina heagarthóir ar an Iris Náisiúnta Oideachais Luathóige, an Leanbh Óg.
- An Dr Tom O'Connor, Léachtóir, Roinn Staidéar Sóisialta Feidhmeach, a toghadh ina Chathaoirleach ar an Líonra Gníomhaíochta Oibre Sóisialta (SWAN).
- An Dr Judith Butler, Léachtóir Cúnta, Roinn Spóirt, Fóillíochta & Staidéar Luathóige, ar tugadh cuireadh di a bheith ina saineolaí ar ábhar do na sonraíochtaí comhábhair agus comhphárteanna do Chúram & Oideachas Luathóige (ECCE). Scríobh Judith na cúrsaí ag leibhéal 4-6 don ECCE atá a seachadadh faoi láthair.
- Marian Quinn, Léachtóir Cúnta, Roinn Spóirt, Fóillíochta & Staidéar Luathóige, a ceapadh ina Cathaoirleach ar an Association of Childhood Professionals. Is ball í Marian freisin den Early Years Advisory Board of Education Matters Journal.
- An Dr Irene Sheridan, Ceann Champas Leathnaithe CIT, a bhí ina ball ar cuireadh de Choiste na gCleachtóirí do Chomhdháil an Líonra Nuálaíochta Ollscoile-Tionsclaíochta in Barcelona. Bhí sí ina sainmheasúnóir freisin do ghníomh Erasmus+ Comhghuaillíocht Eolais Choimisiún na hEorpa ó Aibreán – Iúil 2014.
- An Dr Dirk Pesch, Ceann, Lárionad NIMBUS, ar bronnadh maoiniú air don tionscadal SURF: Service-centred networking for urban-scale feedback systems.
- GAC Training & Service Solutions (GTSS), comhfhiontar idir Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann agus soláthróir seirbhísí domhanda loinseoireachta, lóistíochta agus muirí GAC ar bronnadh conradh oiliúna ceithre bliana air le Chevron Shipping Company (CSC). Is é an conradh oiliúna muirí is mó riamh é i stair stát na hÉireann.
- Lárionad Hincks don tSármhaitheas san Fhiontraíocht a fuair maoiniú ó Chiste Taighde Institiúid na gCuntasóirí Poiblí Deimhnithe in Éirinn (CPA).
- An Dr Ann Wilson, Léachtóir, Roinn na Meán Cumarsáide, a d'fhoilsigh páipéir in 2013/14 sna hirísí piara-léirmheasta "Éire-Ireland" agus "New Hibernia Review" agus caibidil sa leabhar "Emotion, Design and Material Culture" (eag. Moran agus O'Brien), Bloomsbury). Chuir sí páipéir i láthair freisin in 2013 ag Comhdháil EFACIS in NUI Gaillimh., in NUI Maigh Nuad agus ag an Institute of Historical Research, Londain. In 2014, chuir sí páipéir i láthair ag Comhdháil Stair Eolaíoch Shóisialta na hEorpa in Wien, ag comhdháil NISC ag Ollscoil Aalborg sa Danmhairg, agus dhá pháipéar ag comhdháil American and Canadian Irish Studies in UCD.
- Daithí Fallon agus an Dr Irene Sheridan, Campas Leathnaithe CIT, i gcomhar le CAMMS agus Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla, Bithleigheis agus Déantúsaíochta a chuir chun cinn forbairt Chlár nua Leibhéal 9 foghlama obair-bhunaithe – teastas larchéime i gCleachtas Gairmiúil i gcomhar leis an ÚAO agus Cumann Tráchtála Mheiriceá.
- Phil O'Leary agus Deirdre Goggin, Campas Leathnaithe CIT, a rinne láithreoireacht ar "Recognition of Prior Learning, The CIT Model" do bhaill foirne de chuid Universidad Andrés Bello, Santiago, Chile, leis an Dr Marian McCarthy, Lárionad Múinteoireachta & Foghlama, UCC.
- Deirdre Goggin, rannpháirtí do "Irish Inventory Report on the Validation of Informal and Non-Formal Learning 2014" Cedefop ar son QQI.
- Elaine Boland, Campas Leathnaithe CIT, a thacaigh leis na 36 togra faoi Thionscnamh Springboard CIT a bhí maoinithe ag an ÚAO (an líon is mó go dtí seo) ar tháinig €1.2m i maoiniú as don Institiúid.

Ar na baill foirne a ceapadh ina Scrúdaitheoirí Seachtracha bhí:

- An Dr Daniel Cahill, Institiúid Teicneolaíochta Shligigh
- Gilian Carey, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh
- Joseph Croke, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Blainséir
- Don Crowley, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo
- An Dr Pio Fenton, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain agus Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh
- Michael Hourihan, WorldSkills na hÉireann i Suiteálacha Leictreacha
- Katherine Keane, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh
- Joseph Kehoe, Ollscoil Southampton Solent
- James Kilduff, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh
- Ray Looney, Ball de Choiste Náisiúnta Comórtais WorldSkills

- Niall Morris, Saineolaí WorldSkills na hÉireann i Meicitreonaic
- Tim O'Halloran, Saineolaí WorldSkills na hÉireann i bhFoirgníocht
- David O'Riordan, Saineolaí WorldSkills na hÉireann i gCuisniú & Aerchóiriúchán
- Pat O'Riordan, Saineolaí WorldSkills na hÉireann i bPluiméireacht & Téamh
- An Dr Helen O'Shea, Ollscoil Learphoill
- John Twohig, Toscaire Teicniúil na hÉireann do WorldSkills International
- Bernard Vallely, Institiúid Chuntasóirí Deimhnithe na hÉireann (CPA) agus Modhnóir Scrúdaithe do Chuntasóirí Cairte na hÉireann
- Des Walsh, Institiúid Teicneolaíochta Shligigh

Baill Foirne de chuid CEDC CIT ar léiríodh a gcuid saothair i dtaispeántais ceardlanna agus cónaitheachtaí le gairid ag leibhéal Náisiúnta agus Idirnáisiúnta:

- Debbie Dawson
- Mark Ewart
- Louise Foot
- Pamela Hardesty
- James L. Hayes
- Jesse Jones
- Roseanne Lynch
- An Dr Ailbhe Ní Bhriain
- Margaret O'Brien

Ar na baill foirne ar bronnadh céimeanna orthu bhí:

- Ciarán Scully, Máistir Ealaíon i mBainistíocht Ghairmiúil Fáilteachais agus Turasóireachta
- Laura Walsh, Máistir Ealaíon i mBainistíocht Ghairmiúil Fáilteachais agus Turasóireachta
- An Dr Olivia Brickley, Dochtúir Fealsúnachta
- Deirdre Creedon, Máistir Ealaíon i Múinteoireacht & Foghlaim in Ardoideachas
- Anne Crowley, Máistir Ealaíon i Múinteoireacht & Foghlaim in Ardoideachas
- Virginia Foley, Máistir Ealaíon i gCaidreamh Poiblí le Meáin Nua
- Deirdre Goggin, Máistir Ealaíon i Múinteoireacht & Foghlaim in Ardoideachas
- Gerardine Hayes, Máistir Gnó
- Linda Hayes, Máistir Eolaíochta
- Aisling O'Driscoll, Dochtúir Fealsúnachta
- Andrea O'Driscoll, Baitsiléir Gnó i mBainistíocht
- Albert Walsh, Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gComhairleoireacht & Sícteiripe

Ceapacháin Nua

Deimhníodh na baill foirne seo a leanas le haghaidh ceapacháin le linn na bliana acadúla 2013/14:

- Elaine Boland, Oifigeach Cléireachais, Campas Leathnaithe CIT
- James Cahill, Oifigeach Cléireachais, an Oifig Airgeadais
- Frances Clerkin, Léachtóir Cúnta, an Roinn Spóirt, Fóillíochta & Staidéar Luathóige
- Barry Coughlan, Oifigeach Dí
- Emma Fitton, Comhordaitheoir Nuálaíochta Córas Uisce, Lárionad NIMBUS

- Orla Flynn, Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Seachtracha
- Cormac Gebruers, Ceann Lárionad Halpin, CNMÉ
- Shirley Gleeson, Oifigeach Foirne, an Oifig Scrúduithe
- Deirdre Goggin, Oifigeach Sinsearach Foirne, Campas Leathnaithe CIT
- Vivion Gough, Oifigeach Cléireachais, Ceann na Roinne Staidéar Loingseoireachta, CNMÉ
- Nicola Griffin, Oifigeach Cléireachais, an Oifig Airgeadais
- Síle Hammond, an Oifig Airgeadais, Campas Leathnaithe CIT
- Michael Hourihan, Ceann Lárionad do Staidéar Ceardaíochta
- An Dr Guillaume Huyet, Ceann na Roinne Fisice Feidhmí & Ionstraimíochta
- Liam Lewis, Bainisteoir Lárionad Gateway, Lárionad CAPP
- Aidan McDonald, Léachtóir Sinsearach 1 (Múinteoireacht), Seirbhísí TF
- Michael McGrath, an Oifig Airgeadais, Campas Leathnaithe CIT
- Conor Mowlds, Ceann, CNMÉ
- Ruth Murphy, Oifigeach Foirne, an Oifig Rochtana
- Christine Nolan, Riarthóir Tacaíochta, an Oifig Rochtana
- Rosalind O'Brien, Oifigeach Foirne Cúnta, Campas Leathnaithe CIT
- Gerard O'Donovan, Ceann na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí
- An Dr Cian O'Neill, Ceann na Roinne Spóirt, Fóillíochta & Staidéar Luathóige
- Ellen O'Shea, Oifigeach Foirne Cúnta, Seirbhísí na Mac Léinn
- Christine O'Sullivan, Oifigeach Sinsearach Teicniúil, Seirbhísí TF
- Nuala Wall, Oifigeach Cléireachais, CEDC CIT

6. Tuarascáil Airgeadais

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 6.1 Tuarascáil Airgeadais 2013/14
- 6.2 Cuntais Iniúchta 2013/14

6.1 Tuarascáil Airgeadais 2013/14

Cuimsíonn an tuarascáil airgeadais seo an tréimhse ó 1 Meán Fómhair 2013 go dtí 31 Lúnasa 2014. Léiríonn na torthaí easnamh oibriúcháin de €126k agus laghdú ar na cúlchistí de €0.6m, rud a chuireann in iúl tréimhse leanúnach de shrianadh airgeadais. Tháinig méadú ar an ioncam de 2.5% sa tréimhse go €98.6m agus tháinig méadú ar an gcostas oibriúcháin de 4.2% go €98.7m i ngeall go príomha ar mhéadú ar an ngníomhaíocht Taighde & Forbartha.

Cuimsíonn na ráitis chomhdhlúite airgeadais an Institiúid agus roinnt fochuideachtaí. Léirigh na fochuideachtaí go léir brabús don tréimhse.

Ioncam

Tháinig méadú ar an ioncam de 2.5% ó €96.2m go €98.6m. Ba é ba mhó ba chúis leis sin ná deontais taighde agus conarthaí a chruthaigh go maith. Ach rinne an méadú ar na Táillí Teagaisc fritháireamh ar laghdú dá réir ar an gcroí-Dheontas Stáit de €2.5m. Thit an t-ioncam ó ús go suntasach, rud a léiríonn ladhdú ar airgead agus rátaí ísle ar thaisc.

Líon na Mac Léinn

Tháinig méadú imeallach ar líon na mac léinn cóibhéiseach lánaimseartha de 4.5% ó 8,871 go 9,278 le linn na tréimhse.

Caiteachas Reatha

Tháinig méadú ar ioncam reatha iomlán na hInstitiúide de 4.2% go €98.7m. Gan dímheas de €6.6m a chur san áireamh, ba iad costais dhíreacha na ranna acadúla agus na ngníomhaíochtaí taighde ná €68.1m (74%), bhí costais de €5.7m (6%) ar áitreabh agus bhain costais de €12.7m (14%) leis an riarachán agus na seirbhísí tacaíochta agus bhí costas de €5.5m (6%) ar sheirbhísí mic léinn.

Costais Foirne

Tháinig méadú go himeallach ar phábhille na hInstitiúide de €0.8m le linn 2013/14 agus anois seasann sé ag €64.2m i gcomparáid le €63.4m in 2013. Seasann na costais foirne do 65% den chaiteachas iomlán.

Taighde & Forbairt

Tháinig méadú maith ar an ioncam ó Dheontais Taighde agus Conarthaí, agus costais chaipitil san áireamh, ó €15.6m go €18.5m. D'fhan an t-aistriú go dtí an cuntas caipitil de €2.8m a bhaineann leis an maoiniú i leith tionscadal tógála agus trealamh taighde a bhain an Institiúid amach gan athrú, Tháinig méadú ar na costais oibriúcháin de €2.9m i gcomhréir leis an méadú ar ioncam agus ghníomhaíocht.

Cúlchistí

Don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2014, thit Cúlchistí na hInstitiúide (gan Deontais Chaipitil larchurtha san áireamh) ó €8m go €7.4m. Ba é ba mhó ba chúis leis sin ná laghdú ar an gCúlchiste Forbartha Caipitil do thionscadail caipitil fhaofa.

6.2 Cuntais Iniúchta 2013/14

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Ráiteas maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste – Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta

Cuntas Ioncaim & Caiteachais Comhdhlúite

Clár Comhardaithe Comhdhlúite na hInstitiúide

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Comhdhlúite

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

6.2.1 Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Admhaíonn an Bord Rialaithe freagracht as a chinntiú go gcoinnítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach inmheánach rialaithe airgeadais agus go gcuirtear próisis agus gnáthaimh ar bun chun a chinntiú go bhfuil an córas éifeachtach.

Ní féidir leis an gcóras ach ráthaíocht réasúnta agus ní glanráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, bearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachaí tábhachtacha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Príomhghnáthaimh Rialaithe

Tá cúram á dhéanamh ag an mBord Rialaithe chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- Freagrachtaí bainistíochta a shonrú go soiléir
- Gnáthaimh agus rialuithe a fhorbairt a dhéantar a athbhreithniú go rialta, atá doiciméadaithe, curtha i bhfeidhm agus cothrom le dáta
- Gnáthaimh fhoirmiúla a chur ar bun trí fheidhmeanna coistí éagsúla chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus sócmhainní na heagraíochta agus iad a chosaint (Coiste Iniúcháireachta/Coiste Airgeadais/Coiste Forbartha Straitéisí)
- Cáipéis Treoirínte Dea-Chleachtais a ghlacadh a chuimsíonn téarmaí soiléire tagartha le haghaidh Choistí an Bhord Rialaithe
- Cultúr láidir cuntasachta a fhorbairt thar gach leibhéal den eagraíocht

Tá próisis forbartha ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí chun rioscaí gnó a shainithint agus a mheasúnú. Déantar é sin ar bhealaí éagsúla ar a n-áirítear:

- Samhail Ghníomhaíochtaí Riachtanacha & Próisis a fhorbairt chun cuidiú leis an mbainistíocht agus leis an mBord Rialaithe na príomhghníomhaíochtaí agus na próisis atá ann a shainithint chun a gcuid oibríochtaí a bhainistiú go héifeachtach.
- Polasaí Bainistithe Riosca a ghlacadh.
- Príomhrioscaí, úinírí riosca agus na rialuithe chun na rioscaí sin a mhaolú.
- Spriocanna bliantúla agus fadtéarmacha a fhorbairt agus tuairiscí ar na torthaí a bhaintear amach.
- Cur i bhfeidhm Creata Rialaithe Inmheánaigh
- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a dhéanann an Bord Rialaithe a athbhreithniú agus a chomhaontú
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord Rialaithe agus a chuid coistí ar na tuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a chuireann in iúl an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- Spriocanna a leagan síos chun feidhmíochtaí airgeadais agus feidhmíochtaí eile a thomhas
- Treoirínte rialaithe infheistíochta caipitil atá sonraithe go soiléir.

Comhlíonann an Institiúid na treoirínte ábhartha go léir maidir le soláthar cés moite de líon beag cásanna sa bhliain atá faoi athbhreithniú.

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánach ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí atá foinisithe allamuigh, atá de réir Téarmaí Tagartha Iniúcháireachta Inmheánaigh agus atá faofa ag an mBord Rialaithe agus Cód Rialachais Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann.

Faomhann an Coiste Iniúcháireachta Plean Iniúcháireachta Inmheánaigh go bliantúil. Cuireann an plean san áireamh réimsí riosca féideartha a sainithníodh i gcleachtadh measúnaithe riosca a rinneadh leis an mbainistíocht i dtús an timthrialla pleanála reatha. Cuirtear tuairiscí ar fáil don Choiste Iniúcháireachta ar na sanntaí a rinneadh. Déanann na tuairiscí sin easnaimh nó laigí, más ann dóibh, sa chóras rialaithe inmheánaigh a aibhsiú agus na bearta ceartaitheacha a mholtar le déanamh áit is gá. Faigheann an Coiste Iniúcháireachta tuairiscí rialta ar stádas na saincheisteanna a ardaítear.

Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Bhord Rialaithe ar éifeachtacht an chórais inmheánaigh rialaithe airgeadais ag brath ar obair Fheidhmeannas agus Bhainistíocht na hInstitiúide a bhfuil freagracht orthu as forbairt agus coinneáil an chreata rialaithe, ar an gCoiste Iniúcháireachta, ar an Iniúcháir Inmheánach, agus ar na ráitis a dhéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistithe.

Deimhnímid go ndearna an Bord Rialaithe, de réir Alt 5.2.1 de théarmaí tagartha an Choiste Iniúcháireachta mar atá faofa ag an mBord Rialaithe, athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais inmheánaigh rialaithe airgeadais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2014 ag a gcruinniú ar 30 Deireadh Fómhair 2014, arna fhaomhadh ag an mBord Rialaithe in 4 Nollaig 2014.

Sínithe thar ceann an Bhord Rialaithe



Bob Savage
Cathaoirleach

4 Meitheamh 2015



Dr Brendan J. Murphy
Uachtarán

4 Meitheamh 2015

6.2.2 Ráiteas Maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide

Éilíonn na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006 ar an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú ar dhóigh a d'fhéadfadh faomhadh a fháil ón Údarás um Ard-Oideachais agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le haghaidh iniúchta. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar an Institiúid:

- polasaithe cuntasaiochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá ciallmhar agus críonna
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, mura mbeadh an bonn sin mí-oiriúnach
- aon athrú tábhachtach ar chaighdeán chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Institiúid freagrach as leabhair chearta chuntasaíochta a choinneáil a thabharfaidh le fios go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais na hInstitiúide agus a chuirfidh ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006. Tá an Institiúid freagrach freisin as sábháilteacht a cuid sócmhainní agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun caimiléireacht nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



Bob Savage
Cathaoirleach

4 Meitheamh 2015



Dr Brendan J. Murphy
Uachtarán

4 Meitheamh 2015

6.2.3 Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

Tá ráitis airgeadais chomhdhlúite Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (na ráitis airgeadais) don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2014 iniúchta agam faoi na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Is dlí infheidhme agus Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar leo go Coitianta in Éirinn é an creat tuairisceoireachta airgeadais atá curtha i bhfeidhm ina n-ullmhúchán.

Freagrachtaí na hInstitiúide

Tá an Institiúid freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas cruinn agus cóir ar ghnóthaí na hInstitiúide agus ar a hioncam agus caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu de réir na nAchtanna Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006.

Tá m'iniúchadh á dhéanamh agus aird agam ar na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí a fhaigheann maoiniú substaintiúil ón Stát i dtaca lena mbainistíocht agus oibriúchán.

Rinneadh m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (RA agus Éire) agus Caighdeáin Eiticíúla Bhord na gCleachtas Iniúcháireachta d'Iniúcháirí á gcomhlíonadh agam.

Scóip leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúcháireacht ná leordhóthain fianaise a aimsiú faoi na suimeanna agus na nochtáí atá sna ráitis airgeadais a d'fhágfadh cinnteacht réasúnta go bhfuil na ráitis sin saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó earráid is cúis leis sin. Cuimsíonn sé sin measúnú ar

- cibé acu an oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na hInstitiúide, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar nochtadh go leordhóthain iad
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis air á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a aimsiú maidir le rialtacht na mbeart airgeadais le linn an iniúchta.

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir cleachtas cuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn, léargas fíor agus cóir ar riocht ghnóthaí na hInstitiúide ag 31 Lúnasa 2014 agus ar ioncam agus ar caiteachas an Ghrúpa don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Institiúid. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Ábhair a dtugaim tuairisc orthu trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht

- mura bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a bhí riachtanach chun críocha m'iniúchta, nó
- má thug an t-iniúchadh faoi deara aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí ceaptha dóibh nó áit nach raibh na bearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad, nó
- mura léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach comhall na hInstitiúide leis an gCód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann, nó
- má aimsím go bhfuil ábhair ábhartha eile a bhaineann leis an dóigh inar riaradh gnó poiblí.

Níl aon cheo le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

16 Meitheamh 2015

6.2.4 Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2014

Is mar seo a leanas atá na polasaithe suntasacha cuntasaíochta a chuir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí i bhfeidhm:

1. Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glactha leo go coitianta in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe faoi choinbhinsiún an costais stairiúil (cés moite de shealúchais áirithe atá cuimsithe ag a luacháil) agus le ceanglais an Údaráis um Ard-Oideachas. Tá CIT Innovation Centre Limited agus Cosmos Education Limited, CIT Foundation Limited agus CIT Student Services Company Limited san áireamh sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite.

2. Aitheantas Ioncaim

Deontais Stáit:

Aithnítear deontais athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí eile sa tréimhse ina bhfaightear iad.

Déantar déileáil le deontais neamh-athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas nó ó chomhlachtaí eile a fhaightear i dtaca le fáil nó tógáil sócmhainní seasta mar dheontais chaipitil iarchurtha agus déantar iad a amúchadh i gcomhréir le dímheas thar saol na sócmhainní.

Mion-Oibreacha Caipitil:

Thug an tAire Oideachais agus Scileanna scéim isteach chun freagracht a dhéabhlóidiú don Institiúid as Oibreacha Samhraidh agus Oibreacha Caipitil eile. Áit nár caitheadh airgead déabhlóidithe, i dtaca leis an scéim seo, déantar déileáil leis mar ioncam iarchurtha, ar choinníoll gur faomhadh na tionscadail a bhfuil siad tiomanta dóibh ag an mBord Rialaithe, go bhfuil siad sonraithe go hiomlán, céimnithe ó thaobh ama de agus le meastacháin ar na costais.

I ngach cás eile aithnítear maoiniú mionoibreacha caipitil sa tréimhse ina bhfaightear iad.

Deontais Taighde agus Conarthaí:

Déantar ioncam ó Dheontais Taighde a mheaitseáil le caiteachas agus tá sé san áireamh in ioncam na bliana inar tabhaíodh an caiteachas gaolmhar.

Taispeántar gach ioncam agus caiteachas taighde faoin gceannteideal 'Taighde, Forbairt agus Féinchiú'.

Ioncam ó Tháillí:

Déantar déileáil le hioncam ó Tháillí ar bhonn fabhráithe.

Ioncam ó Ús:

Cuirtear gach ioncam ó thaiscí gearrthéarmacha chun sochair don chuntas ioncaim agus caiteachais sa tréimhse inar tuilleadh é.

3. Stoic

Breacair caiteachas ar leabhair agus ar stoic inchaite don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a thabhaítear é. Baineann an stoc a thaispeántar sa chlár comhardaithe le hearraí in Cosmos Education Limited agus stoc inchaite sa Student Services Company Limited ar 31 Lúnasa 2014.

4. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus Dímheas

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe, cés moite de thalamh, ar a gcostas stairiúil nó luacháil lúide dímheas carntha. Luaitear talamh ar a chostas stairiúil nó luacháil.

(a) Costas nó Luacháil

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe a bhí ann ó 1 Eanáir 1993 (dáta an ordaithe thosaigh) ar a luacháil. Tá bunús na luachála leagtha amach ag Nóta 14. Luaitear breiseanna ina dhiaidh sin ar a gcostas.

Tugtar cuntas ar fhoirgnimh i mbun tógála ar a gcostas bunaithe ar luach theastas an ailtire agus chostais dhíreacha eile a thabhaítear go dtí deireadh na bliana airgeadais. Ní dhéantar dímheas orthu go dtí go mbíonn siad in úsáid.

(b) Trealamh

Déantar gach trealamh a bhfuil luacháil de €3,000 nó níos mó ar an mír aonair a chaipitliú.

(c) Dímheas

Leanfar de chaitheamh leis na sócmhainní go léir a ceannaíodh roimh 1 Meán Fómhair 2009 agus a caipitliú mar shócmhainní seasta agus déantar dímheas orthu go dtí deireadh a saoil inúsáidte.

Déantar soláthar do dhímheas ar shócmhainní seasta inláimhsithe, seachas talamh, ar bhonn dronlíne chun a gcostas stairiúil nó a luachálacha a dhíscríobh thar an saol a meastar iad a bheith inúsáidte mar seo a leanas:

	Blianta
Foirgnimh	30-50
Daingneáin & Feistithe, Foirgnimh Réamhdhéanta san áireamh	5-10
Trealamh Ríomhaire	3
Gléasra & Innealra	10
Trealamh	5
Feithiclí Mótair	5

Leanfar de dhímheas a dhéanamh ar Threalamh Ríomhaire a ceannaíodh roimh 1 Meán Fómhair 2010 ar bhonn pholasaí dímheasa dronlíne ceithre bliana. Déanfar trealamh ríomhaire a ceannaíodh ina dhiaidh sin ar bhonn saol trí bliana.

Déanfar gach trealamh a maoiníodh ó Dheontais agus Chonarthaí Taighde a dhímheas thar saol na sócmhainne ag teacht leis an bpolasaí do na Sócmhainní Seasta go léir eile.

Déantar dímheas ar Thalamh agus ar Fhoirgnimh thar saol an léasa.

Déantar dímheas ar shócmhainní an Students Services Company Limited thar 2-5 bliana – dronlíne.

5. Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear bearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ina Euro de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dhátaí na mbeart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ina Euro de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an Chláir Chomhardaithe.

6. Pinsin

Is faoi scéim shannaithe sochair a thugtar gach teidlíocht pinsin foirne faoi Acht Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas) 1980 agus déanann an Státchiste freastal ar oibleagáidí pinsin de réir mar a tharlaíonn siad.

Oibrítear an scéim aoisliúntais ar bhonn Íoc Mar a Úsáidtear agus coinníonn an Institiúid asbhaintí aoisliúntais ó fhostaithe, mar chuid chomhaontaithe dá cistiú.

Ní thugann an Institiúid ranníocaíocht don scéim agus níl aon dualgas uirthi i leith teidlíochtaí.

7. Cuntas Caipitil Iarchurtha

Is éard atá sa Chuntas Caipitil Iarchurtha ná luach amúchta an ioncaim charntha atá cionroinnte do shócmhainní seasta.

8. Cúlchiste Caipitil Forbartha

Is éard atá sa Cúlchiste Caipitil Forbartha ná cistí atá curtha ar leataobh ag an Institiúid chun críocha sainithe caipitil forbartha. Eascraíonn cistí dá leithéid as táillí clárúcháin Mhic Léinn, bronnantais chaipitil neamhstáit, táillí saoráide bainc agus aistrithe ó Cúlchistí Ioncaim, a bhfuil réamhchead sa dara cás ón Údarás um Ard-Oideachas ina leith, maraon le hús bainc atá tuillte ar an airgead sin. Déanfar cistí dá leithéid a choinneáil sa Chuntas Cúlchiste Caipitil Forbartha ar choinníoll go bhfuil na tionscadail shainithe lena bhfuil siad tiomanta ag teacht le Plean Caipitil Forbartha na hInstitiúide, faofa ag an mBord Rialaithe, céimnithe ó thaobh ama de agus le meastachán ar na costais.

9. Cúlchiste Caipitil – Student Services Company Limited

Baineann an t-aistriú go Cúlchiste Caipitil leis na cistí a fuarthas ó lontaobhais a dhúnadh. Tá an Cúlchiste Caipitil sainithe d'fhorbairt chaipitil sa toadhcháir ar mhaithe le leas mic léinn.

10. Sócmhainní ar Léas

Déantar cíosanna faoi léasanna oibriúcháin a chur mar mhúirear leis an gcuntas loncaim agus Caiteachais sa tréimhse ina dtabhaítear an caiteachas.

6.2.5 Cuntas Ioncaim & Caiteachais Comhdhlúite don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2014

IONCAM	NÓTA	2014 €000	2013 €000
Deontas Stáit	1	37,120	39,690
Táillí Teagaisc	2	31,548	29,032
Amúchadh Deontas Caipitil Iarchurtha	17	6,630	6,303
Deontais agus Conarthaí Taighde	3	15,701	12,775
Ioncam Eile	5	6,804	7,341
Ioncam Aitheanta Tacaíochta Mic Léinn	4	574	552
Ioncam ó Ús		174	477
		98,551	96,170
CAITEACHAS			
Ranna Acadúla	6	51,750	51,073
Seirbhísí Acadúla	7	2,620	2,740
Costais Saoráidí	8	5,668	6,239
Príomhriarachán agus Seirbhísí	9	9,532	8,911
Costais Ghinearálta Oideachasúla	10	849	715
Seirbhísí Mic Léinn	11	5,525	5,535
Deontais agus Conarthaí Taighde	3	15,529	12,661
Ioncam Maoinithe Tacaíochta Mic Léinn curtha i bhfeidhm	4	574	552
Dímheas	14	6,630	6,298
	12	98,677	94,724
(Easnamh)/Barrachas Oibriúcháin		(126)	1,446
Cánachas	13	-	(3)
Aistriú go Cúlchiste Caipitil Forbartha	18	(154)	(1,737)
Aistriú ón gCúlchiste Caipitil Forbartha	18	281	37
Barrachas Carntha ar 1 Meán Fómhair		832	1,089
Barrachas Carntha ar 31 Lúnasa		833	832

Níl gnóthachan ná cailteanas ar bith seachas iad siúd a ndéantar déileáil leo sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-29.

Sínte thar ceann an Bhord Rialaithe



Bob Savage
Cathaoirleach

4 Meitheamh 2015



Dr Brendan J. Murphy
Uachtarán

4 Meitheamh 2015

6.2.6 Clár Comhardaithe Comhdhlúite mar a bhí ar 31 Lúnasa 2014

	NÓTA	Comhdhlúite		Institiúid	
		2014 €000	2013 €000	2014 €000	2013 €000
SÓCMHAINNÍ SEASTA INFHEISTÍOCHTAÍ	14 23	109,557 255	111,369 50	109,080 50	110,777 50
		109,812	111,419	109,130	110,827
SÓCMHAINNÍ REATHA					
Féichiúnaithe & Réamhíocaíochtaí Stoc	15	21,806 100	20,210 83	21,726 -	19,985 -
Airgead sa bhanc agus ar láimh		11,702	18,637	10,815	17,522
		33,608	38,930	32,541	37,507
DLITEANAIS REATHA					
Creidiúnaithe agus Costais Fhabhráithe - Suimeanna dlite laistigh d'aon bhliain	16	26,501	30,982	26,340	30,379
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		7,107	7,948	6,201	7,128
GLANSÓCMHAINNÍ		116,919	119,367	115,331	117,955
Dá seasann					
Deontais Chaipitil larchurtha	17	109,557	111,369	109,080	110,777
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		833	832	43	333
Cúlchiste Caipitil – Student Services Co Ltd		321	321	-	-
Cúlchiste Caipitil Forbartha	18	6,208	6,845	6,208	6,845
		116,919	119,367	115,331	117,955

Is cuid de na ráitis airgeadais é an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-29.

Sínte thar ceann an Bhord Rialaithe



Bob Savage
Cathaoirleach

4 Meitheamh 2015



Dr Brendan J. Murphy
Uachtarán

4 Meitheamh 2015

6.2.7 Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Comhdhlúite don bhliain darcríoch 31 Lúnasa 2014

	2014 €000	2013 €000
Barrachas / (easnamh) oibriúcháin á réiteach le sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Barrachas/(easnamh) Oibriúcháin	(126)	1,446
Ioncam ó Ús	(174)	(477)
Dímheas	6,630	6,298
Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainne	(6,630)	(6,303)
Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	-	5
Cánachas	-	(3)
Méadú ar infheistíochtaí	(205)	-
Méadú ar Stoc	(17)	(20)
Méadú ar Fhéichiúnaithe	(1,596)	(14,194)
(Laghdu)/Méadú ar Chreidiúnaithe gearrthéarmacha	(4,481)	11,746
Eis-sreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	(6,599)	(1,502)

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Eis-sreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	(6,599)	(1,502)
Ús faighte	174	477
Caiteachas Caipitil		
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a fháil	(4,818)	(8,586)
<i>Eis-sreabhadh glan airgid ar chaiteachas caipitil</i>	(4,818)	(8,586)
Cistiú		
Deontais Chaipitil Stáit caite ar Shócmhainní Seasta	344	1,515
Deontais Athfhillteacha Stáit caite ar Shócmhainní Seasta	935	2,422
Cistí eile caite ar Shócmhainní Seasta	3,029	2,877
<i>Glan-Insreabhadh Airgid ó Chistiú</i>	4,308	6,814
Laghdu ar Airgead	(6,935)	(2,797)

Glan-sreabhadh airgid á réiteach le gluaiseacht i nglan-chistí

Laghdu ar Airgead	(6,935)	(2,797)
Glanchistí ar dtús	18,637	21,434
Glanchistí ar 31 Lúnasa	11,702	18,637

Is cuid de na ráitis airgeadais é an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-29.

Sínithe thar ceann an Bhord Rialaithe



Bob Savage
Cathaoirleach

4 Meitheamh 2015



Dr Brendan J. Murphy
Uachtarán

4 Meitheamh 2015

6.2.8 Nótaí do na Ráitis Airgeadais

1. DEONTAIS STÁIT

	Cionroinnte do chaiteachas athfhillteach	Cionroinnte do chaiteachas caipitil	Iomlán 2014	Iomlán 2013
	€000	€000	€000	€000
Deontas stáit do chaiteachas athfhillteach - ÚAO	37,066	935	38,001	41,459
Deontas stáit do chaiteachas caipitil – RO&S	32	237	269	177
Deontas stáit do mhionoibreacha caipitil – RO&S	22	107	129	1,394
Iomlán – 2014	37,120	1,279	38,399	43,030
Iomlán – 2013	39,690	3,340	43,030	

Íocann an Ciste Sóisialta Eorpach (CSE) costas iomlán roinnt cúrsaí Ardteastais agus Gnáthchéime trí fhóirdheontas ag an leibhéal náisiúnta. Déantar Deontais Stáit do Chaiteachas Athfhillteach a pháirtmhaoiniú ón gcúnamh AE seo. D'íoc an tÚAO €780k breise agus €1.325m a aistríodh go dtí an IoTI agus an HEANet faoi seach.

2. TÁILLÍ TEAGAISC

	2014	2014	2013	2013
	Líon Mac Léinn (CLA)	€000	Líon Mac Léinn (CLA)	€000
Táillí íoctha ag an Stáit	6,313	6,234	6,258	7,689
Táillí Neamh-AE	144	864	146	428
Táillí íoctha ag mic léinn nó ar son mac léinn	1,060	2,061	838	1,475
Táillí d'Foghlaim ar Feadh an tSaoil & Táillí Eile	1,761	5,830	1,629	5,114
Cion na Mac Léinn		16,761		14,440
Cionroinnte go Caipiteal		(202)		(114)
	<u>9,278</u>	<u>31,548</u>	<u>8,871</u>	<u>29,032</u>

D'íoc an tÚAO táillí teagaisc sa bhliain de €4.954m le haghaidh cúrsaí céime lánaimseartha agus €1.280m le haghaidh cúrsaí ardteastais agus gnáthchéime agus €1.105m do Springboard, a bhfuil a gcostas iomlán páirtmhaoinithe ag an gCSE. D'íoc SUSI táillí sa bhliain de €6.258m in 2014 (€3.488m in 2013).

Luaitear líon na mac léinn mar chóibhéisí lánaimseartha, bunaithe ar chreidiúintí cláraithe.

3. DEONTAIS AGUS CONARTHAÍ TAIGHDE

	2014 €000	2013 €000
Ioncam		
Ioncam	18,515	15,644
Aistriú go Cuntas Caipitil	<u>2,814</u>	<u>(2,869)</u>
	<u>15,701</u>	<u>12,775</u>
Caiteachas		
Costais Lucht Foirne	6,818	6,182
Costais Neamhphá		
Ábhair & Tomhaltáin Eile	566	479
Costais Ríomhaire	206	198
Oideachas Ginearálta	1,370	1,217
Seirbhísí do Mhic Léinn	-	1
Costais Taighde	10	-
Comhpháirtithe Tionscadail	2,308	966
Trealamh	384	294
Costais Áitribh	972	535
Taisteal & Cothú	869	839
Costais Phearsanra	213	231
Táillí Gairmiúla	1,313	1,279
Cumarsáid	60	64
Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige	265	247
Fógraíocht Ghinearálta & Poiblíocht	101	94
Árachas	3	2
Costais Airgeadais	38	13
Eile	<u>33</u>	<u>20</u>
	<u>15,529</u>	<u>12,661</u>
Glantordh	<u>172</u>	<u>114</u>

San áireamh san Ioncam ó Dheontas Taighde agus Conartha tá suim de €630ki dtaca le haisghabháil fhorchostais. Seasann an fuilleach do chostais dhíreacha a fuarthas ar ais le haghaidh obair thaighde a rinneadh mar a bhfuil cuntas air faoi na ceannteidil do Chaiteachas thuas. D'íoc an tÚAO deontais i leith Taighde & Forbartha de €1.199m in 2014 (€1.592m in 2013).

4. CISTIÚ TACAÍOCHTA MIC LÉINN

	Míchumas	Cúnamh do Mhic Léinn	2014 €000	2013 €000
Iarmhéid mar a bhí 1 Meán Fómhair 2013				
	33	116	149	272
Fáltais				
An tÚdarás um Ard-Oideachas Cionroinnte do Chaipiteal	178 (13)	260 -	438 (13)	429 -
	<u>165</u>	<u>260</u>	<u>425</u>	<u>429</u>
Suimeanna curtha i bhfeidhm – Pá & Neamh-Phá	<u>198</u>	<u>376</u>	<u>574</u>	<u>552</u>
Iarmhéid ar 31 Lúnasa 2014	<u>-</u>	<u>-</u>	<u>-</u>	<u>149</u>

Cuireann an tÚdarás um Ard-Oideachas maoiniú ar fáil faoin bPlean Náisiúnta Forbartha agus tá sé páirtmhaoinithe ag an gCiste Sóisialta Eorpach.

5. IONCAM EILE

	2014 €000	2013 €000
Asbhaintí Aoisliúntais Coinnithe	3,509	3,562
Cíos Saoráidí	3	12
Deontas Stáit – ÚAO	23	448
CIT Student Services Company Limited	3,218	3,257
Ioncam Ilghnéitheach	<u>51</u>	<u>62</u>
	<u>6,804</u>	<u>7,341</u>

Gintear an t-ioncam ó CIT Student Services Company Limited trí mhionmhargadh, bistro, siopa agus seirbhísí ceantín a chur ar fáil do mhic léinn CIT.

	2014 €000	2013 €000
6. RANNA ACADÚLA		
Costais Foirne	46,010	45,880
Costais Neamh-Phá	5,740	5,193
<i>iomlán</i>	<u>51,750</u>	<u>51,073</u>
7. SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTAI ACADÚLA		
Costais Foirne	1,751	1,794
Costais Neamh-Phá	869	946
<i>iomlán</i>	<u>2,620</u>	<u>2,740</u>
8. COSTAIS SAORÁIDÍ		
Costais Foirne	1,357	1,460
Costais Neamh-Phá	4,311	4,779
<i>iomlán</i>	<u>5,668</u>	<u>6,239</u>
9. PRÍOMH-RIARACHÁN AGUS SEIRBHÍSÍ		
Costais Foirne	5,806	5,556
Costais Neamh-Phá	3,726	3,355
<i>iomlán</i>	<u>9,532</u>	<u>8,911</u>
10. COSTAIS OIDEACHAIS GHINEARÁLTA		
Costais Foirne	460	525
Costais Neamh-Phá	389	190
<i>iomlán</i>	<u>849</u>	<u>715</u>

11. SEIRBHÍSÍ DO MHC LÉINN

	2014	2013	
	€000	€000	€000
	Costais Foirne	Neamh-Phá	Iomlán
Fóirdheontas do Chlubanna, Chumainn agus Aontas na Mac Léinn	204	700	904
Seirbhísí do Mhic Léinn	201	395	596
Seirbhísí Comhairleacha Gairmeacha	167	226	393
Spórt & Áineas	31	290	321
Sláinte & Comhairleoireacht	131	131	262
Student Services Co Ltd	1,164	1,885	3,049
	<u>1,898</u>	<u>3,627</u>	<u>5,525</u>
			<u>5,535</u>

Is é atá sa chaiteachas a bhaineann le CIT Student Services Company Limited ná seirbhísí mionmhargaidh, bistro, siopa agus ceantín a sholáthar do mhic léinn CIT.

12. ANAILÍS AR CHAITEACHAS

	Costais Foirne	Dímheas	Costais Oibriúcháin Eile	2014	2013
	€000	€000	€000	€000	€000
Deontais agus Conarthaí Taighde	6,818	1,319	8,711	16,848	13,927
Ranna Acadúla	46,010	1,574	5,740	53,324	52,344
Seirbhísí Tacaíochta Acadúla	1,751	624	869	3,244	3,399
Costais Saoráidí	1,357	1,478	4,311	7,146	7,608
Príomhriarachán agus Seirbhísí	5,806	1,441	3,726	10,973	10,347
Costais Oideachais Ghinearálta	460	-	389	849	715
Cistiú Tacaíochta Mic Léinn	86	-	488	574	557
Seirbhísí & Saoráidí Mic Léinn	1,898	194	3,627	5,719	5,827
	<u>64,186</u>	<u>6,630</u>	<u>27,861</u>	<u>98,677</u>	<u>94,724</u>
Iomlán 2014					
	<u>63,353</u>	<u>6,298</u>	<u>25,073</u>		
Iomlán 2013					

Anailís ar Chaiteachas Oibriúcháin Eile

	2014	2013
	€000	€000
Ábhair & Tomhaltáin Eile	3,232	3,109
Ábhair Leabharlainne	191	212
Costais Ríomhaire	1,083	1,130
Oideachas Ginearálta	1,971	1,537
Seirbhísí do Mhic Léinn	1,268	1,302
Costais Taighde	1	301
Comhpháirtithe Tionscadail	2,433	1,069
Trealamh	1,036	1,037
Costais Áitribh	6,109	5,235
Taisteal & Cothú/Fáilteachas & Seimineáir	2,364	2,025
Costais Phearsanra	1,037	1,159
Táillí Gairmiúla	4,461	4,435
Luach Saothar Iniúcháin	33	34
Cumarsáid	271	280
Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige	1,015	1,000
Fógraíocht Ghinearálta & Poiblíocht	423	366
Árachas	323	314
Soláthar in aghaidh Drochfhiach	430	207
Costais Airgeadais	101	125
Cailteanas ar Dhiúscairt Sócmhainne	-	5
Eile	79	191
	<u>27,861</u>	<u>25,073</u>

13. CÁNACHAS

Níl gníomhaíocht ar bith de chuid na hInstitiúide, seachas an Lárionad Nuálaíochta, faoi réir ag Cánachas Corparáideach faoin Stádas Carthanachta a fuair an Roinn Oideachais in Eanáir 1993.

14. SÓCMHAINNÍ SEASTA

	Iomlán	Foirgnimh	Foirgnimh i mBun Tógála	Daingneáin & Feistithe Foirgnimh Réamhdhéanta san áireamh	Trealamh Ríomhaire	Gléasra & Innealra	Trealamh	Feithiclí Mótair
	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
COMHDHLÚITE								
Costas nó Luacháil								
Ar 1 Meán Fómhair 2013	188,404	138,850	2,734	10,188	12,600	4,728	18,903	401
Breiseanna	4,818	5,515	(2,734)	161	531	607	729	9
Diúscairtí	(1,114)	-	-	-	(540)	-	(553)	(21)
	192,108	144,365	-	10,349	12,591	5,335	19,079	389
Dímheas								
Ar 1 Meán Fómhair 2013	77,035	37,594	-	7,869	11,512	2,689	17,000	371
Muirear don bhliain	6,630	3,831	-	630	903	427	827	12
Diúscairtí	(1,114)	-	-	-	(540)	-	(553)	(21)
	82,551	41,425	-	8,499	11,875	3,116	17,274	362
Glanluach de Réir na Leabhar Ar 31 Lúnasa 2014	109,557	102,940	-	1,850	716	2,219	1,805	27
Glanluach de Réir na Leabhar Ar 31 Lúnasa 2013	111,369	101,256	2,734	2,319	1,088	2,039	1,903	30

Costas nó Luacháil:

Rinne an Oifig Luachála luacháil ar Thalamh agus ar Fhoirgnimh a bhí ann ar 1 Eanáir 1993. Rinne an Institiúid luacháil ar shócmhainní seasta eile a bhí ann ar an dáta sin ar bhonn luach ar an margadh oscailte d'úsáid faoi láthair. Luaitear breiseanna ina dhiaidh sin ar a gcostas.

Tá ceangaltais ar CIT i leith réadmhaoine atá ar léas d'úsáid acadúil a bhfuil suim de €455k (2013 - €705k) i gceist leo.

14. SÓCMHAINNÍ SEASTA – ar leanúint

	Iomlán	Foirgnimh	Foirgnimh i mBun Tógála	Daingneáin & Feistithe Foirgnimh Réamhdhéanta san áireamh	Trealamh Ríomhaire	Gléasra & Innealra	Trealamh	Feithiclí Mótair
INSTITIÚID AMHÁIN	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Costas nó Luacháil								
Ar 1 Meán Fómhair 2013	186,559	138,729	2,734	8,619	12,533	4,728	18,815	401
Breiseanna	4,731	5,515	(2,734)	116	529	606	689	10
Diúscairtí	(1,114)	-	-	-	(540)	-	(553)	(21)
	190,176	144,244	-	8,735	12,522	5,334	18,951	390
Dímheas								
Ar 1 Meán Fómhair 2013	75,782	37,544	-	6,768	11,457	2,689	16,953	371
Muirear don bhliain	6,428	3,806	-	485	895	427	802	13
Diúscairtí	(1,114)	-	-	-	(540)	-	(553)	(21)
	81,096	41,350	-	7,253	11,812	3,116	17,202	363
Glanluach de Réir na Leabhar ar 31 Lúnasa 2014	109,080	102,894	-	1,482	710	2,218	1,749	27
Glanluach de Réir na Leabhar ar 31 Lúnasa 2013	110,777	101,185	2,734	1,851	1,076	2,039	1,862	30

Costas nó Luacháil:

Rinne an Oifig Luachála luacháil ar Thalamh agus ar Fhoirgnimh a bhí ann ar 1 Eanáir 1993. Rinne an Institiúid luacháil ar shócmhainní seasta eile a bhí ann ar an dáta sin ar bhonn luach ar an margadh oscailte d'úsáid faoi láthair. Luaitear breiseanna ina dhiaidh sin ar a gcostas.

Tá ceangaltais ar CIT i leith réadmhaoine atá ar léas d'úsáid acadúil a bhfuil suim de €341k (2013 - €519k) i gceist leo.

	Comhdhlúite		Institiúid	
	2014 €000	2013 €000	2014 €000	2013 €000
15. FÉICHIÚNAITHE AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ				
Táillí Teagaisc	14,940	15,073	14,940	15,073
Deontas Stáit & Deontas Caipitil Eile	-	132	-	132
Deontais agus Conarthaí Taighde	5,151	3,614	5,119	3,500
Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhráithe	447	404	453	412
Féichiúnaithe eile	1,268	987	1,214	868
	<u>21,806</u>	<u>20,210</u>	<u>21,726</u>	<u>19,985</u>
lomlán	<u>21,806</u>	<u>20,210</u>	<u>21,726</u>	<u>19,985</u>
16. CREIDIÚNAITHE AGUS COSTAIS FHABHRAITHE				
SUIMEANNA DLITE LAISTIGH D'AON BHLIAIN Íocaíochtaí a Fuarthas Roimh Ré				
Deontais agus Conarthaí Taighde	5,329	8,093	5,202	7,919
Cistiú Tacaíochta Mic Léinn Iarchurtha	-	149	-	149
	<u>5,329</u>	<u>8,242</u>	<u>5,202</u>	<u>8,068</u>
Creidiúnaithe Trádála agus Fabhrúithe	140	579	75	409
Deontas Caipitil Stáit	-	130	-	130
ÍMAT	1,162	1,122	1,131	1,093
ÁSPC	567	553	557	529
Cáin Ioncaim Choinnithe	37	36	37	36
Creidiúnaithe Eile	184	388	141	370
Fabhrúithe agus Ioncam Iarchurtha	19,082	19,932	19,197	19,744
	<u>21,172</u>	<u>22,740</u>	<u>21,138</u>	<u>22,311</u>
	<u>26,501</u>	<u>30,982</u>	<u>26,340</u>	<u>30,379</u>
17. DEONTAIS CHAIPITIL IARCHURTHA				
Iarmhéid Tosaigh	111,369	109,569	110,777	109,204
Deontais Chaipitil Infhaighte				
Deontas Caipitil Stáit – RO&S	237	132	237	132
Cionroinnte ó Dheontas Athfhillteach Stáit – ÚAO	935	1,825	935	1,825
Táillí Teagaisc	202	114	202	114
Clárúchán	-	8	-	8
Deontais Taighde & Conarthaí	2,814	2,869	2,772	2,831
Deontas stáit do mhioníobreacha caipitil - RO&S	107	1,383	107	1,383
Tacaíocht do Mhic Léinn	13	-	13	-
Aistriú ón gCúlchiste Caipitil Forbartha Cúlchiste	510	1,772	465	1,414
	<u>116,187</u>	<u>117,672</u>	<u>115,508</u>	<u>116,911</u>
Scaoil d'Ioncam				
Amúchadh ag teacht le dímeas sócmhainní	(6,630)	(6,298)	(6,428)	(6,132)
Méid scaoilte ar dhiúscairt Sócmhainní				
Seasta	-	(5)	-	(2)
Iarmhéid Deiridh	<u>109,557</u>	<u>111,369</u>	<u>109,080</u>	<u>110,777</u>

2014	2013
€000	€000

18. CÚLCHISTE CAIPITIL FORBARTHA

larmhéid 1 Meán Fómhair	6,845	6,917
Aistriú ón gCuntas loncaim agus Caiteachais	154	1,737
Aistriú go Caiteachas – Féinmhaoiniú	(281)	(37)
Aistriú go Cuntas Caipitil	(510)	(1,772)
	<u>6,208</u>	<u>6,845</u>

Tá an t-aistriú go Cúlchiste de €154k comhdhéanta de €58k ó Tháillí Clárúcháin Mhic Léinn, €45k ó CIT Student Services Company Limited agus €51k ó ús tuillte. Tá an t-aistriú Caiteachais de €281k comhdhéanta de €184k do Shaoráidí Spóirt agus €97k d'oibreacha sláinte agus sábháilteachta

19. CEANGALTAIS CHAIPITIL A bhFUIL CONRADH DÉANTA INA LEITH ACH NACH bhFUIL SOLÁTHAR DÉANTA DÓIBH

Is é luach na gceangaltas caipitil a bhfuil conradh déanta ina leith agus atá gan íoc ar 31 Lúnasa 2014 ná €92k.

20. DEONTAIS CHOTHAITHE MIC LÉINN

Fáltais ón Roinn Oideachais agus Scileanna (Rannóg na gColáistí)	746	1,686
Íocaíochtaí le Mic Léinn	(584)	(1,329)
Íocaíochtaí le Mic Léinn (breisithe)	(162)	(357)
Insreabhadh Glan Airgid	<u>-</u>	<u>-</u>
	<u>-</u>	<u>-</u>
larmhéid Tosaigh	<u>-</u>	<u>-</u>
armhéid ag an Deireadh	<u>-</u>	<u>-</u>

Déanann an Institiúid íocaíochtaí le mic léinn a phróiseáil i dtaca le deontais chothaithe CSE a chuireann an CGC nó an tÚdarás Áitiúil ábhartha in iúl. Is í an Roinn Oideachais agus Scileanna a chuireann an cistiú ar fáil do na híocaíochtaí sin i dteannta cómhaoiniú a chuireann an Ciste Sóisialta Eorpach (CSE) ar fáil. Níl na bearta sin cuimsithe ar leithligh sa Chuntas loncaim agus Caiteachais. Tá deireadh á chur leis na híocaíochtaí sin de réir a chéile le teacht isteach SUSI in 2012/13.

21. FOSTAITHE

Ba é meánlíon an lucht foirne a bhí fostaithe ag an Institiúid don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2014 ná 1,220 (2013: 1,162).

22. FOCHUIDEACHTAÍ

Bhunaigh an Institiúid cuideachta, CIT Innovation Centre Limited, i Lúnasa 2004. Ar mhaithe le ráitis airgeadais CIT a ullmhú ba ghá gníomhaíochtaí CIT Innovation Centre Limited a chomhdhlúthú. Thaispeáin an chuideachta brabús don bhliain de €10,817 (2013 - €17,730) agus ba é luach na nglansócmhainní ná €35,223 (2013 - €31,650).

Bhunaigh an Institiúid cuideachta, Cosmos Education Limited, in Eanáir 2008. Ar mhaithe le ráitis airgeadais CIT a ullmhú ba ghá gníomhaíochtaí Cosmos Education Limited a chomhdhlúthú. Thaispeáin an chuideachta brabús don bhliain de €11,344 (2013 - cailliúint de €8,703) agus ba é luach na nglansócmhainní don bhliain ná €58,013 (2013 - €27,397) ann.

Rinne an Institiúid cuideachta, CIT Student Services Company Limited, a ionchorprú in 1994. Ar mhaithe le ráitis airgeadais CIT a ullmhú ba ghá gníomhaíochtaí CIT Student Services Company Limited a chomhdhlúthú ó Mheán Fómhair 2012. Thaispeáin an chuideachta brabús don bhliain de €25,313 (2013 - €81,189) agus bhí glansócmhainní don bhliain de €1,141,992 (2013 - €1,116,679) ann.

Bhunaigh an Institiúid cuideachta, CIT Foundation Limited, in Iúil 2007. Ar mhaithe le ráitis airgeadais CIT a ullmhú ba ghá gníomhaíochtaí CIT Foundation Limited a chomhdhlúthú. Thaispeáin an chuideachta brabús don bhliain de €138,818 (2013 - brabús de €46,722) agus bhí glansócmhainní don bhliain de €318,752 (2013 - €179,934) ann.

23. INFHEISTÍOCHTAÍ

Tá Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí tar éis dul i socrúithe comhfhiontair le GAC Training and Service Solutions Limited le héifeacht ó 11 Feabhra 2010 agus SEFtec NMCI Offshore Training Limited le héifeacht ó 31 Bealtaine 2010. Tá 25,000 scair ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí i ngach ceann de na cuideachtaí agus cuimsíonn sé sin scairshealbhóireacht de 50%.

I mBealtaine 2013, ghlac Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí scairsheilbh de 10% in nSilcio ar luach €0.01 an scair (15,384 scair) de réir Pholasáí Cuideachta Campais CIT. Is é is aidhm leis an bpolasaí seo ná struchtúir agus nósanna imeachta trédhearcacha a chur ar fáil i dtaca le caidreamh leanúnach a bhunú idir Cuideachtaí Campais agus an Institiúid.

Rinne CIT Student Services Co Ltd €220k a infheistiú i mBanna 8 Dearbhthoradh Taisce Scoilte BCP. Rinneadh an infheistiú ar 20 Márta 2014 d'fhonn an toradh ar chistí na cuideachta a uasmhéadú. Infheistíodh 25% de na cistí i gcuntas taisce ardtoradh 12 mhí agus 75% i mbanna dearbhthoradh 5 bliana 3 mhí. Tá gealltán caipitil 100% faighte. Ba é an ghluaiseacht ar luach margaidh na hinfeistiúchá ná €4,769 sa bhliain.

24. COLÁISTE NÁISIÚNTA MARA NA hÉIREANN & CEOLSCOIL CHORCAÍ

Is comhpháirtíocht é Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (CMNÉ) idir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí CIT, Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann, an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Roinn Cosanta. Is leis an Roinn Oideachais agus Scileanna an talamh ar a bhfuil CNMÉ tógtha.

Is comhpháirtíocht í Ceolscoil Chorcaí idir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus an Roinn Oideachais agus Scileanna. Is leis an Roinn Oideachais agus Scileanna an talamh ar a bhfuil Ceolscoil Chorcaí tógtha.

Fanann lucht acadúil, teicniúil, riaracháin agus tacaíochta CIT i gCeolscoil Chorcaí agus CNMÉ ina bhfostaithe de chuid CIT.

25. TEIDLÍOCHTAÍ INCRIMINTEACHA

Blianta ó shin rinneadh éileamh Ard-Chúirte in aghaidh Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT) ar theidlíochtaí incriminteacha líomhanta. Níor éirigh le hiarrachtaí idir-réitigh i ndiaidh na réamhéisteachta Ard-Chúirte agus dá bhrí sin mheas CIT gur gá achomharc a dhéanamh don Ard-Chúirt i gcoinne réamhrialú na hArd-Chúirte. Chuir oifig na Cúirte Achomhairc in iúl nár dhóchúil go bhfaigheadh an t-ábhar dáta go dtí 2016.

26. CUMASC ATÁ BEARTAITHE LE IT THRÁ LÍ

Faoi láthair tá CIT agus IT Thrá Lí i mbun próisis le chéile chun bheith ina nOllscoil Teicneolaíochta. Tá dhá sprioc againne, comhpháirtithe Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan: ar an gcéad dul síos, cumasc chun institiúid aontaithe aonar a dhéanamh le misean/fís soiléir agus idirdhealaithe agus, sa dara cás, a bheith ainmnithe mar Ollscoil Teicneolaíochta mar aon lena gcuireann an teideal sin in iúl i dtéarmaí a bheith nuálach, fiontraíoch agus sofhreagrach do riachtanais na bpáirtithe leasmhara earnálacha.

Tá Céim 3 den phróiseas ainmnithe mar Ollscoil Teicneolaíochta curtha i gcrích go rathúil. Chuimsigh sé sin cás gnó a fhorbairt a mhínigh na foshuíomhanna bunúsacha. San áireamh sna foshuíomhanna sin tá costais an chumaisc de €6.7m fortheilgthe thar 3 bliana chun íoc as costais aon uaire amhail táillí gairmiúla, córais TF agus cumarsáid.

Tá mar aidhm ag an tionscadal seo dáta cumasctha den 1 Meán Fómhair 2016 faoi réir ag achtú na reachtaíochta tacaíochta.

27. NOCHTADH IDIRBHEART – BAILL DEN BHORD RIALAITHE

Féadfaidh an Institiúid sa ghnáthchúrsa socrúithe conartha a dhéanamh le gnóthas ina bhfuil baill de Bhord Rialaithe na hInstitiúide fostaithe nó a bhfuil leas eile acu ann. Tá glactha ag an Institiúid le gnáthaimh de réir an Chód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann maidir le nochtadh leasanna ag baill an Bhoird agus tá na gnáthaimh sin comhlíonta ag an Institiúid le linn na bliana.

28. COIGEARTUITHE I dTACA LEIS AN mBLIAIN ROIMHE SEO

Tá figiúirí na bliana roimhe seo athluaite chun táillí gairmiúla de €483k a bhí aicmithe mar Fhoirgnimh roimhe seo a shainaitheint.

29. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh an Bord Rialaithe na ráitis airgeadais ar 4 Nollaig 2014.

NMCI

National Maritime College of Ireland
Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann



Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann

7. Faisnéis Eile

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 7.1 Nuacht & Imeachtaí
- 7.2 Cumann na gCéimithe
- 7.3 Pointí Teagmhála

7.1 Nuacht & Imeachtaí

1. Thairg CIT 13 chlár i Meán Fómhair faoi Thionscnamh Springboard agus áiteanna ann do 242 cuardaitheoir poist. Bhí na cláir sa raon ó Néal-Teicneolaíochtaí go dtí Innealtóireacht Chomhshaoil agus Fuinnimh. Cuireann Springboard deis ar fáil don dream dífhostaithe a bheith páirteach i gcúrsaí páirtaimseartha obair-dhírthe ag an tríú leibhéal saor in aisce, le linn dóibh a gcuid sochar a choinneáil. De réir athbhreithniú a rinneadh le déanaí ar an tionscnamh go náisiúnta bhí 30% fostaithe laistigh de 6 sheachtain tar éis dóibh cúrsa Springboard a chur i gcrích.
 2. Bhí Clár Tionscnaimh don Mhac Léinn Lánfhasta 2013 ar siúl san Institiúid ar 3 Meán Fómhair 2013. Cuireadh Dian-Chlár Tionscnaimh ar fáil do 120 mac léinn lánfhasta a bhí ag iontráil ar chúrsaí lánaimseartha fochéime in CIT chun cabhrú lena n-aistriú isteach san ardoideachas.
 3. Bhí an próiseas Clárúcháin agus Treoshuimh do mhic léinn na chéad bhliana ar siúl ó 9 go 13 Meán Fómhair 2013. Rinne siad clárú, ionduchtú TF agus turasanna ar an gcampas.
 4. Bhí Aonach Gairmeacha & Infhostaitheachta an-rathúil ar siúl in Halla Nexus i Lárionad na Mac Léinn ar 2 Deireadh Fómhair 2013. Cuimsíodh 65 seastán ar fad san imeacht, a raibh san áireamh iontu 59 eagraíocht seachtach chomh maith le seirbhísí agus ranna éagsúla de chuid CIT. D'éirigh go han-mhaith leis an Aonach agus fuarthas aischothú dearfach ón bhfoireann, eagraíochtaí agus mic léinn araon.
 5. D'óstaigh an Institiúid Searmanas Oscailte Sheachtain Reibiliúnach Chorcaí. Bhí sé ar siúl in Airéana Spóirt CIT ar 14 Deireadh Fómhair 2013. Comhimeacht a bhí ann idir Comhairlí Chathair Chorcaí agus Chontae Chorcaí agus d'oscail an tArdmhéara agus Méara Chontae Chorcaí é. Cuireadh tús leis na himeachtaí ar 12.00 nóin agus lean siad ar aghaidh go dtí 4.00pm. Ghlac cuid mhaith laochra spóirt de chuid Chorcaí, idir an am atá caite agus an am i láthair, páirt, ar a n-áirítear an seaimpín domhanda Rob Heffernan.
 6. D'óstaigh CIT an Chomhdháil Chomhoibritheach Taighde Eorpach (CERC) i CNMÉ ar 17 agus 18 Deireadh Fómhair 2013. Is comhdháil ildisciplíneach í CERC 2013 a chuir ar taispeántaigh taighde mhic léinn iarchéime ag gach staid dá gcuid taighde as an RA, an Ghearmáin, an Iorua, SAM agus as Éirinn. Le linn chomhdháil na bliana seo, chuir 21 taighdeoir céime agus iarchéime lánpháipéir i láthair agus chuir 8 taighdeoir sna luathstaidéanna páipéir atá beartaithe i láthair.
 7. Bronnadh Gradaim bhliantúla na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí ar 17 Deireadh Fómhair 2013. Bronnadh 43 gradam ar a n-áirítear Gradaim Fáilte Éireann, Gradaim Chúram Sóisialta na hÉireann agus Gradam Cuimhneacháin Des Roche ar an oíche.
 8. Thug an Dr David Brown, Príomhfheidhmeannach Institiúid na hInnealtóirí Ceimiceacha, caint san Institiúid ar 17 Deireadh Fómhair 2013. Labhair sé faoi straitéis IchemE chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin thar cheithre réimse sa tsochaí agus sa domhan sa lá inniu: fuinneamh, uisce, bia agus cothú, agus sláinte agus dea-bhail.
 9. Bronnadh Gradaim bhliantúla CSCh CIT ar 18 Deireadh Fómhair 2013 agus bronnadh 144 gradam/teastas atá aicmithe mar seo a leanas:
 - 34 Buaiteoir Gradaim
 - 34 Buaiteoir Comórtais
 - 76 Teastas a bronnadh ar gach duine a ghnóthaigh a scrúdú Grad 8 agus a gclár Ceoltóireachta Sinsearaí.
 10. Bronnadh Céimeanna agus Gradaim Eile de chuid na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí ar 18 Deireadh Fómhair 2013. Bhí ceithre sheisiún bronnta agus fuair 1,212 réamhchémí a gcuid páir.
 11. Bhí an tUachtarán i láthair agus thug an t-aitheasc oscailte ag an ócáid chun 30 bliain d'oidéachas Innealtóireachta Ceimicí in CIT a chomóradh ar 19 Deireadh Fómhair 2013. Ar na haíonna onóracha bhí céad chéimí riamh na hInstitiúide, Niall Condon. Is Leas-Uachtarán Oibríochtaí Déantúsaíochta Cógaisíochta é Niall anois i gCeanncheathrú Pfizer, Nua Eabhrac.
 12. Chuir an Institiúid fáilte roimh Ambasadóir na hIndia go hÉirinn, a Soilse Smt Radhika Lal Lokesh, ar 20 Deireadh Fómhair 2013 nuair a thug sí cuairt ar Dhánlann Ché Wandersford CIT. Ba é ba chúis lena cuairt ná bualadh leis an bpobal Indiach i gCorcaigh agus ba dheis é CIT a thaispeáint agus comhoibriú breise a chothú lena gcomhpháirtithe Indiacha.
 13. Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile do Dhámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta agus Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT ag Campas Bhaile an Easpaig ar 21 Deireadh Fómhair 2013. Bhí ceithre sheisiún bronnta ann. Fuair 1,022 réamhchémí ó Dhámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta agus 192 réamhchémí ó CEDC CIT a gcuid páir.
- Bronnadh dhá chomhdhámhachtain freisin:
- BA (Onóracha) in Ilmheáin – Hochschule Darmstadt/CIT
 - BSc (Onóracha) in Eolaíocht Bhithleigheis – CIT/UCC
14. Bhí Lá Oscailte CNMÉ ar siúl ar 22 Deireadh Fómhair 2013. D'éirigh go hiontach leis an lá agus rinne 700 cuairteoir freastal air agus thug 40 ionadaí cuideachta agus eagraíochta tacaíocht do 22 seastán sa Halla Spóirt. Thug léachtóirí agus mic léinn turasanna stiúrtha agus comhairle do mhúinteoirí gairmthreoiréacha agus do mhic léinn ionchasacha.
 15. Fuarthas dea-scéal maidir le jabanna dár gcuid mac léinn reatha Ardteastais i Néalríomhaireacht. Chuir VMware agallamh ar 20 mac léinn ón rang reatha agus déanfaidh conarthaí intéirneachta íochta leo. Na mic léinn seo a bhfuil a gclár le críochnú acu an seimeastar seo, bhí siad dífhostaithe nuair a chuaigh siad isteach in CIT. Fágfaidh siad CIT agus intéirneacht íochta 6 mhí ráthaithe acu (ní JobBridge) a chuimsíonn seans

an-mhaith go bhfaighidh siad conradh lánaimseartha nuair a thagann sé chun críche. Tugadh na jabanna seo go Corcaigh i ngeall ar an gcaidreamh dlúth oibre atá idir CIT agus an tionsclaíocht amhail VMware, EMC agus cuid mhaith eile.

16. Thaistil toiscaireacht de chuid CIT ar a raibh an Dr Roy Sleator, Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha, an Dr Bryan Kelleher, CAPP, agus Cliona Maher Uas., Oifig Idirnáisiúnta CIT, chuig Sao Paulo na Breasaile i nDeireadh Fómhair 2013 mar chuid de mhisean trádála Oideachas Éireann a bhí á threorú ag Ruairí Quinn TD, Aire Oideachais agus Scileanna.

Thug an toiscaireacht cuairt ar UNESP agus UNICAMP agus thug léachtaí. Is dhá cheann de na hollscoileanna is fearr sa Bhreasaíl iad sin. Léirigh an Dr Sleator agus an Dr Kelleher cláir cheannródaíocha CIT san Eolaíocht agus san Fhaisnéisíocht agus leag béim ar CIT mar chomhpháirtí acaduil agus mar cheann scríbe mealltach do mhic léinn as an mBreasaíl, ag leibhéal na fochéime agus na hiarchéime araon. Mar thoradh ar an turas, shínigh an toiscaireacht Meamram Tuisceana leis an dá ollscoil agus rinne réiteach le haghaidh chomhoibriú torthúil ionchasach sa todhcháí.

Faoi láthair óstaíonn CIT 40 mac léinn fochéime Brasaíleach ar an gclár Scoláireachta 'Eolaíocht gan Teorainn' de chuid Rialtas na Brasaíle, ar a n-áirítear mic léinn as UNICAMP agus UNESP araon, sna cláir éagsúla Innealtóireachta agus Eolaíochta atá á dtairiscint.

17. Bronnadh Céimeanna ar mhic léinn de chuid CSCh CIT agus CIT/UCC/CCA (Lárionad Chorcaí don Oideachas Ailtireachta) in CSCh CIT ar 24 Deireadh Fómhair 2013. Fuair 54 réamhchémí as CSCh CIT a gcuid pár agus fuair 41 réamhchémí as CEDC CIT a gcuid pár freisin do na comhdhámhachtainí mar
- Máistir Ailtireachta
 - Baitsleir Eolaíochta (Onóracha) in Ailtireacht
18. Reáchtáil an Institiúid Fáiltiú chun Buaitoírí Gradam Chraobhchomórtais Think Outside the Box de chuid Fiontar Éireann/Invest Ireland 2013 a onóru ar 7 Samhain 2013.
19. Comhgháirdeas le Tim Horgan, Ceann Seachadadh Ar Líne, ar cuireadh a aighneacht ar ghearrliosta le haghaidh Ghradam don Oideachas Ranga is Fearr de chuid Innealtóirí Éireann. Bhí a aighneacht dar teideal "Education in the Clouds; Cloud Computing" ar cheann de cheithre chinn a cuireadh ar ghearrliosta. Ba iad na hInstitiúidí rathúla eile ná IADT Dún Laoghaire, UL agus IT Shligigh.
20. Reachtáladh Aifreann Bliantúil CIT do bhaill foirne agus mic léinn ar cailleadh daoine geanúla leo le linn an dá mhí déag seo caite chomh maith le baill foirne agus mic léinn a fuair bás le linn na mblianta ar 8 Samhain 2013.
21. Ar 11 Samhain 2013, reachtáladh bronnadh na Brataí Ómra ar CIT. I láthair bhí Kathleen Lynch TD, Aire Míchumais, Comhionannais agus Sláinte Intinne, Patricia Behan Uas., Suicide Aware, agus an Dr Dan Collins, Bainisteoir Riaracháin & Gnóthaí Mac Léinn CIT. Is í CIT an chéad Institiúid Teicneolaíochta in Éirinn ar bronnadh

Gradam na Brataí Ómra de chuid Suicide Aware uirthi as sláinte intinne dhearfach a chur chun cinn.

22. Bhí tráthnóna faisnéise don Oibrí Deonach Thar Lear ar siúl ar 12 Samhain 2013. Labhair triúr mac léinn faoina dtaithí mar oibríthe deonacha le linn an tsamhraidh. Is í seo an ceathrú bliain ar reachtáladh an clár chun mic léinn a spreagadh chun páirt a ghlacadh i dtionscadail dhaonchairdiúla. Go dtí seo, thacaigh an clár le 42 mac léinn deonach i mbreis is 17 dtír. Is é líon iomlán na seachtainí deonacha a thug na mic léinn do thionscadail éagsúla ná 174 ar fad, nó beagnach trí bliana go leith.
23. Seoladh Sraith Seiminear CIT ar an Taighde Innealtóireachta agus Eolaíochta do 2013-2014 ar 14 Samhain 2013. Forbraíodh an tionscnamh chun fóram a chur ar fáil do thaighdeoirí Innealtóireachta agus Eolaíochta a gcuid smaointe, agus líonra a chomhroinnt agus teagmhail a dhéanamh le comhghleacaithe as gach réimse ar fud CIT.
24. Ar 14 Samhain 2013 i Sráid Vicar i mBaile Átha Cliath, reáchtáil Institiúid na nDearthóirí in Éirinn a gcuid gradam bliantúil chun an dearadh is fearr in Éirinn a cheiliúradh.
- Tháinig an spás oideachasúil is nua i gCorcaigh agus CIT, an Mhonarcha Ailtireachta, chun tosaigh gan choinne tar éis bheith taobh thiar de thionscadail ag an AE agus Google, chun na catagóirí gradaim is airde in Oideachas, Intithe Tráchtála agus Athúsáid Inbhuanaithe a ghnóthú.
- Ghnóthaigh Monarcha Ailtireachta CIT, as 21 catagóir dearaidh ó chúrsaí faisin go dearadh líonra, an Grand Prix as an méid is mó a thabhairt don dearadh in Éirinn in 2013.
25. Sheol Seán Sherlock TD, Aire Taighde agus Nuálaíochta, go hoifigiúil an Leaba Tastála Náisiúnta d'Fhuinneamh Foirgníochta i Lárionad NIMBUS ar 15 Samhain 2013. Bhí príomhimreoirí de chuid na hearnála Fuinnimh Foirgníochta i láthair freisin, ar a n-áirítear úsáideoir na leaba tástála faoi láthair, Exergyn, agus United Technologies Research Centre Ireland Ltd., a rinne an leaba Tastála a dhearadh agus a bhunú i gcomhar le CIT.
26. Bhí Lá Oscailte CIT ar siúl ag Campas Bhaile an Easpag agus CEDC CIT ar 22 Samhain 2013 agus ag CSCh CIT ar 23 Samhain 2013. Chuimsigh sé raon leathan imeachtaí a bhí tairbheach do mhic léinn agus iad ag roghnú cúrsaí agus ag pleanáil a ngairmeacha sa todhcháí. Rinneadh freastal maith ar an Lá Oscailte agus meastar gur thug idir 3,000 agus 4,000 mac léinn ionchasach cuairt ar CIT le linn an dá lá.
27. Bhí an tUachtarán i láthair ar 26 Samhain 2013 ag ceiliúradh chun 15 bliana de sheachadadh clár fiontraíochta sa réigiún a chomóradh. Ó 1998 i leith, d'imir CIT ról rithábhachtach agus í ag tacú agus ag seachadadh clár lánaimseartha tacaíochta frontair amhail an Clár Fiontair Céimí, Clár Fiontair Genesis, agus anois, faoin mbranda náisiúnta, an Clár New Frontiers. Rinne na Cláir éagsúla tairbhe ollmhór eacnamaíochta don réigiún i dtéarmaí jabanna a chruthú agus gníomhaíochta easpórtála.

28. Bhí Tráthnóna Faisnéise na Mac Léinn Lánfhasta ar siúl ar 26 Samhain 2013. Bhí mar aidhm ag an tráthnóna CIT a chur chun cinn mar cheann scríbe do mhic léinn lánfhasta lánaimseartha ionchasacha agus le faisnéis a thabhairt. Bhí líon na ndaoine a bhí i láthair mórán mar a bhí blianta eile agus thart ar 160 mac léinn lánfhasta ionchasach a raibh suim acu i gcúrsa fochéime lánaimseartha a dhéanamh in CIT.
29. Reáchtáil Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta a hócáid bhliantúil bronnta duaiseanna ar 28 Samhain 2013. Bronnadh breis is 50 duais ar mhic léinn de chuid na Dámhe os comhair breis is 300 duine. Comóradh an 10ú bliain de bhronnadh Sparánacht Clíona Magner agus bhí Muintir Magner agus faighteoirí an ghradaim roimhe seo i láthair.
30. Bhí comórtas náisiúnta IrelandSkills 2014 ar siúl in CIT ó 9 go 13 Nollaig 2013. Ócáid mhórchlúiteach a bhí ann do CIT agus go mór mór don Lárionad don Staidéar Ceardaíochta. Cé go gcomhroinntear na ceirdeanna éagsúla a bhíonn i gceist leis an gcomórtas náisiúnta IrelandSkills idir CIT agus DIT, ba chúis ríméid do CIT comórtais in aon cheird déag a óstú mar seo a leanas:
- Cearpantóireacht, Siúinéireacht, Suiteálacha Leictreacha, Rialú Tionsclaíoch, Monarú Miotail, Plástráil, Feistiú Gléasra Foirgníochta, Táthú, Cuisniú, Meicitreonaic agus Teicneolaíocht Ghluaisteáin
- Bronnadh trófaite ar bhuaiteoirí na scileanna éagsúla de chuid IrelandSkills 2014 ag Searmanas Bronnta ar 13 Nollaig 2013. Bhí an tArd-Mhéara, an Comh. Catherine Clancy, Seán Sherlock TD, Aire Taighde agus Nuálaíochta, agus an Comh. Noel O'Connor, Méara Chontae Chorcaí i láthair.
31. D'éirigh le Lárionad Taighde agus Nuálaíochta Halpin ag CNMÉ maoiniú a fháil ó sheoladh náisiúnta na hÉireann Horizon 2020, clár nua Taighde agus Nuálaíochta na hEorpa, ar 10 Nollaig 2013. Agus buiséad de beagnach €80bn aige, beidh Horizon 2020 ar siúl ar feadh na 7 mbliana seo chugainn agus maoinoidh sé gníomhaíochtaí chun tacú le Excellent Science, Competitive Industries agus a Better Society. Ba mhórcáid náisiúnta é an seoladh a rinneadh sa Lárionad Náisiúnta Comhdhála i mBaile Átha Cliath.
32. Bhí cur síos ar éachtaí CIT i ndearadh, nuálaíocht agus fiontraíocht ar an gClúdach Tosaigh agus Príomh-Alt Sé Leathanach dar teideal "Thinking Outside the Box" ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí in eagrán Eanáir 2014 den National Education Magazine. Dáiltear an iris seo ar gach scoil dara leibhéal, ar choláistí tríú leibhéal, agus eagraíochtaí eile.
33. Léirigh CSCh CIT ceoldráma le Mozart "Pósadh Figaro" ó 10 go 12 Eanáir 2014 in Halla Curtis. Ba é seo an chéad cheoldráma mór a léiríodh san áras íocónach seo riamh. Léiriú iontach a bhí ann agus bhain gach duine a bhí i láthair taitneamh as.
34. Tionóladh Seisiún Faisnéise LOI le haghaidh Mac Léinn Lánfhasta san Institiúid ar 15 Eanáir 2014. Rinne 115 mac léinn lánfhasta ionchasach freastal ar an seisiún a bhí eagraithe ag na Seirbhísí Rochtana in CIT.
35. Bhí Searmanas Taispeántais agus Gradaim an Chlár Forbartha Fiontraí New Frontiers ar siúl ar 27 Eanáir 2014. Is tionscnamh é an Clár New Frontiers atá maoinithe ag Fiontar Éireann agus déanann Rubicon de chuid CIT é a sheachadadh sa réigiún seo. Tugadh aitheantas do thionscnóirí 12 thionscadal dhifriúla ag an imeacht i ngeall ar an dul chun cinn mór atá déanta acu ó thosaigh siad leis an gClár in 2013. Is imeacht shuaitheanta é seo de chuid Lárionad Rubicon a reáchtálar ar bhonn bliantúil. Bhí Seán Sherlock TD, Aire Taighde agus Nuálaíochta, i láthair ag an ócáid agus ba é a bhronn a gcuid teastas faoi seach ar na rannpháirtithe.
36. Bhí Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile an Earraigh ar siúl i gColáiste Náisiúnta Mara na hÉireann ar 13 Feabhra 2014. Bronnadh céimeanna ar réamhchéimithe ó na disciplíní seo a leanas:
- Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann
 - An Roinn Innealtóireachta Meicniúla, Bithleigheis & Déantúsaíochta
 - An Roinn Turasoireachta & Fáilteachais
 - An Roinn Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil
 - An Roinn Fisce Feidhmí & Ionstraimíochta
 - An Roinn Ceimice
 - An Roinn Innealtóireachta Leichrí & Leictreonaigh
- Fuair 108 réamhchémí ar fad a gcuid pár a raibh san áireamh iontu Máistir Innealtóireachta amháin agus cúig PhD.
37. D'óstaigh an Roinn Eagraíochta & Forbartha Gairmiúla ag Scoil Ghnó CIT imeacht Chraobh an Deiscirt den Institiúid Chairte Pearsanra agus Forbartha (CIPD) le haghaidh mac léinn páirtaimseartha i mBainistíocht Acmhainní Daonna ag CIT. Is í CIT an soláthraí oideachas Acmhainní Daonna is mó i gCorcaigh, agus déantar Baitsiléir Ealaíon i mBainistíocht Acmhainní Daonna (Leibhéal 7, arna chreidiúnú ag CIPD), Baitsiléir Ealaíon i mBainistíocht Acmhainní Daonna (Leibhéal 8), agus Máistir Ealaíon i mBainistíocht Acmhainní Daonna (Leibhéal 9, arna chreidiúnú ag CIPD).
38. D'óstaigh Cumann na Mac Léinn Idirnáisiúnta, le tacaíocht ón Scoil Ghnó, an t-imeacht tionscnaimh de chuid an "Language Exchange Club" ar 17 Feabhra 2014. Tionscnamh piara-bhunaithe a bhí ann atá ceaptha chun deiseanna neamhfhoirmiúla agus sóisialta a chur ar fáil do mhic léinn teanga seachas a dteanga dhúchais a chleachtadh i dtimpeallacht chairdiúil agus tacúil. Thug na léachtóirí teanga sa Roinn Margaíochta agus Gnó Idirnáisiúnta tacaíocht don tionscnamh. Tar éis gur seoladh go rathúil é, bhí an imeacht ar siúl gach tráthnóna Luain an chuid eile den seimeastar.
39. Chuir an tUachtarán mar aon le Ceann CNMÉ, fáilte roimh thoscaireacht ón mBreasaíl a thug cuairt ar CNMÉ ar 18 Feabhra 2014. Ba é ba chúis lena gcuairt ná malartú eolais ó CNMÉ go dtí a gcuid institiúidí féin sa Bhreasail, chomh maith le hoiliúint fhéideartha

- a chuirfeadh lucht gairmiúil de chuid CNMÉ ar a dteagascóirí mar aon le hoiliúint ag CNMÉ i gCorcaigh.
40. Bhí Grúpa Stiúrtha “Working4Talent” i láthair i Lárionad Rubicon ar 25 Feabhra 2014. Is tionscadal AE é Working 4 Talent (W4T) faoin gClár INTERREG IVC chun feabhas a chur ar éifeachtacht pholasaithe réigiúnacha i réimsí na nuálaíochta agus an gheilleagair eolas-bhunaithe. Tá an tionscadal ag iniúchadh ach go háirithe cad iad na polasaithe nó na tionscnaimh is féidir a fhorbairt chun go mbeidh na réigiúin mealltach mar láithreacha cónaithe agus oibre do dhaoine a bhfuil ard-eolas acu – Tallann. Tá an tionscadal á threorú ag Comhairle Chathrach San Sebastian sa Spáinn agus is as na tíortha a leanas a thagann comhpháirtithe an tionscadail: Éire (CIT), An Iorua, An Iodáil (2), Poblacht na Seice, An Ungáir, An Laitvia, An Rómáin, agus An Liotuáin.
41. Bhí Aonach Iarchéime CIT ar siúl ar 25 Feabhra 2014 i Lárionad na Mac Léinn. Bhí an taispeántas dírithe go mór mór ar réamhchémithé na bliana deiridh agus ar iarcheimithé a raibh roghanna eile staidéir á n-iniúchadh acu. Chuir sé deis ar fáil freisin d’institiúidí ardoideachais agus comhlachtaí oiliúna lasmuigh de CIT a gcuid deiseanna iarchéime féin a chur chun cinn d’iarratasóirí ionchasacha laistigh de CIT agus i mór-réigiún na Mumhan freisin.
- Bhí 44 seastán ar fad san imeacht a chuimsigh 21 eagraíocht sheachtrach chomh maith le seirbhísí agus ranna éagsúla de chuid CIT. D’éirigh go han-mhaith leis an Aonach agus fuarthas aischothú an-dearfach freisin.
42. Reáchtáil Réadlann na Carraige Duibhe CIT i gcomhar le Fóram Comhshaoil Chorcaí seimineár ar fhuinneamh dar teideal “Your Energy, Your Options” ar 28 Feabhra 2014. I ngeall ar an bplé chomhchéime chuala siad siúd a bhí i láthair faoi chur i bhfeidhm praiticiúil an fhuinnimh in-athnuaite, an chabhair ar féidir leis an teicneolaíocht a thabhairt agus príomhról na héifeachtachta fuinnimh i gCorcaigh agus go náisiúnta.
43. Bhí áit shuntasach ag Clár Néalríomhaireachta CIT sa Ghníomh-Phlean nuafhoilsithe le hAghaidh Jabanna 2014 de chuid an Rialtais a luadh mar dhea-scéal i dtéarmaí freastal ar Riachtanais Scileanna ICT don Fhiontraíocht Ardleibhéil in Éirinn. Déanann an cás-staidéar a luaitear sa Phlean Gnímh le hAghaidh Jabanna tagairt do chuntas teiste CIT agus “clár solúbtha acadúil á fhorbairt chun uas-cileáil a dhéanamh orthu siúd atá ar thóir na fostaíochta”.
44. Baineadh úsáid as deontas suntasach caipitil a thug Fondúireacht Eolaíochta Éireann don Dr Brigid Lucey agus don Dr Aidan Coffey i Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha CIT lenar ceannaíodh Mais-Speictriméadar MALDI-TOF (Matrix-assisted laser desorption/ionization time-of-flight). Feistíodh an ionstraim nua ag an tSaotharlann Bhaictéareolaíochta chomhoibrítheach ag Ospidéal Ollscoile Chorcaí (OOC) faoi stiúir an Dr Brendan O’Reilly. Buntacaíonn comhroinnt na hardteicneolaíochta seo i gCorcaí leis an gcomhoibriú fada i dtaighde tairbheach idir CIT agus OOC. Cinntíonn sé go mbainfear uas-leas as an ionstraim chun faisnéis nua a ghiniúint a úsáideann mic Léinn PhD i mbithleigheis
- ag CIT agus chun cuidiú go bunúsach le cóir leighis othair ag OOC.
45. Thug a Soilse Ardmhéara Chorcaí, an Comh. Catherine Clancy, aitheasc ag an bhfáiltiú oscailte de “Things/ Daiktaí” leis an Ollamh Lesley Millar, MBE, Coimeádaí Idirnáisiúnta, Údar agus Oideachasóir, a bhí ar siúl ar 7 Márta 2014 ag Dánlann Ché Wandesford.
- Séard a bhí ann ná taispeántas de shaothair ealaíne teicstíle chomhaimseartha a rinneadh trí thionscadal malartach ealaíne idir 35 mac léinn as CEDC CIT agus Institiúid Ealaíne Kaunas ag Acadamh Ealaíon Vilnius na Lituáine Reáchtáladh an taispeántas i gcomhar leis an BA (Onór) nua in Ealaíona Feidhmeacha Comhaimseartha: Ceirmeacht/Gloine/Teicstílí de chuid CEDC CIT.
46. Tháinig beagnach 3,000 lúthchleasaí agus a lucht leanúna chuig CIT ar 8 Márta 2014 le haghaidh Chraobhchomórtais Trastíre Scoileanna agus Ollscoileanna na hÉireann. D’ainneoin cuid den aimsir ba fhliche riamh in Eanáir agus Feabhra, d’éirigh go maith leis an gcúrsa trastíre le linn na 10 rás a bhí ar an gclár. I gcomórtas na nOllscoileanna, d’éirigh go maith le mic léinn CIT agus bhain Mark O’Sullivan (Meáin Chumarsáide 2) amach an fheidhmíocht ab fhearr ar an lá nuair a ghnóthaigh sé an 9ú háit i gcomórtas na bhfear. Rangáíodh CIT sa 7ú háit ar an iomlán.
47. Agus í ar an bhfód le ceithre bliana, seoladh Seachtain Nuálaíochta CIT san Atrium Thiar ar 10 Márta 2014. Séard a bhí sa tseachtain seo ná teaglainn de ghníomhaíochtaí a raibh baint acu leis an bhfiontraíocht agus leis an nuálaíocht agus comórtais a bhí deartha, maoinithe agus eagraithe ag cuid mhaith ranna sna cúig champas, ar a n-áirítear RCD CIT.
48. Mar chuid de Sheachtain Nuálaíochta CIT, chuir Cumann na gCéimíthe CIT fáilte roimh chéimíthe a tháinig ar ais le haghaidh plé dar teideal “Working for Yourself – Going It Alone” sa Seomra Seimineár NIMBUS ar 10 Márta 2014. Tugadh cuireadh d’fhiontraíthe as raon disciplíní agus earnálacha, iad uile céimíthe de chuid CIT, chuig CIT chun páirt a ghlacadh sa phlé faoina dturais san fhiontraíocht.
49. Bhí Bronnadh Bliantúil Duaiseanna na hInstitiúide ar siúl i Seomra na Comhairle, san Fhoirgneamh Riaracháin ar 10 Márta 2014. Rinne an t-imeacht seo Sárchéimíthe 2013 a onóru. Fuair 19 mac léinn duaiseanna speisialta.
50. Ghnóthaigh foireann idirmheánach iománaíochta na hInstitiúide teideal Idirmheánach Uile-Éireannach ar 13 Márta 2014 i gCill Dara. Bhí orthu a lándícheall a dhéanamh chun an chuid ab fhearr a fháil ar DIT le cúlín amháin tar éis am breise ar scórlíne de 1-20 in aghaidh 0-22. B’fhearr fós an bua de bhrí go raibh CIT ag imirt an chuid ba mhó den ngnáth-am gan ach 14 imreoir acu.
51. D’eagraigh Oifig Idirnáisiúnta CIT “Lá Idirnáisiúnta” in CIT ar 19 Márta 2014 chun éagsúlacht raon na náisiúntachtaí atá ag staidéar i gceithre champas na hInstitiúide a cheiliúradh. Faoi láthair tá mic léinn as breis is 125 tír in CIT agus chuir an Lá Idirnáisiúnta

deis ar leith ar fáil do na mic léinn a gcuid cultúr agus traidisiún ar leith a léiriú agus níos mó a fhoghlaim faoi thraidisiúin dhúchasacha na hÉireann freisin. Le linn an lae bhain siad taitneamh as seisiúin bhlastóra CLG, céilí, taispeántas ealaíne agus cuairt ar RCS CIT.

D'éirigh go hiontach leis an Lá Idirnáisiúnta. Nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil breis is 1,100 mac léinn idirnáisiúnta as níos mó ná 125 tír ag déanamh staidéir in CIT, aibhsionn imeachtaí dá leithéid do chách chomh suntasach is atá an t-idirnáisiúntú atá déanta ag CIT le blianta beaga.

52. Thug toscaireacht ón Aireacht Ardoideachais de chuid Ríocht na hAraibe Sádaí cuairt ar CIT ar 21 Márta 2014 mar chuid dá dturas ar ocht gcinn d'Institiúidí Teicneolaíochta. Ba é ba aidhm lena dturas

- Bualadh le hUachtarán agus Leas-Uachtarán gach Institiúide
- Láithreoireacht a fháil a chuimsigh stair na hInstitiúide, na cúrsaí a bhí ar fáil, stair an idirnáisiúnachais agus rí
- Critéir riaracháin amhail riachtanais IELTS iontrála (Córas Tastála an Bhéarla) i mBonnchúrsaí
- Turas na seomraí ranga, saotharlanna agus ceardlanna a thabhairt, agus
- Bualadh le mic léinn Shádacha chun a n-eispéaras san Institiúid a chloisteáil.

Bhí an chéad aischothú ó na hionadaithe Sádacha an-dearfach. Tá an Institiúid ag súil le cloisteail uathu i dtaca lena hiarratas ar bheith ina 'soláthraí faoifa'.

53. Ar 21 Márta 2014, thug Ambasadóir nuacheaptha na Breasaíle, A Shoilse Alfonso José Sena Cardosa, cuairt ar an Institiúid. Bhí a bhean, Solange Cardosa Uas., in éineacht leis mar aon le Consal Onórach na Breasaíle do Chorcaigh, Brendan McAuliffe Uas. Tháinig siad chun bualadh le baill foirne CIT agus le mic léinn Breasaíleacha CIT. Bhain príomhaidhm na cuairte le bualadh le mic léinn ar an gclár Eolaíochta gan Teorainneacha (SWB), agus theastaigh ón Ambasadóir aischothú a fháil uathu maidir lena gcuid eispéaras in Éirinn, i gCorcaigh agus in CIT. Tugadh cuireadh don chohórt reatha de 39 mac léinn SWB atá cláraithe ar chlár CIT, chomh maith le 12 mac léinn SWB atá faoi oiliúint i mBéarla faoi láthair, páirt a ghlacadh sa chruinniú.

Bhí an tAmbasadóir an-sasta leis an bhfáilte a cuireadh roimhe agus leis an gcaoi a dtacaítear le mic léinn Bhreasaíleacha in CIT.

54. Tugadh ceannlíne do RCD CIT san Irish Examiner ar 2 Aibreán 2014 – “CoderDojo bright sparks to make cosmic history”. Rinne cúigear mac léinn as Corcaigh stair réalteolaíochta trí phictiúr de spás a dhéanamh le teileascóp rianrialaithe as eitilt go San Francisco. D'éiteall an cúigear mac léinn ar baill de CoderDojo Chorcaí iad ar an eitilt thionscnaimh ó Bhaile Átha Cliath go San Francisco de chuid Aer Lingus a d'fhág ar 2 Aibreán 2014. Bhí siad á dtreorú ag Adrian Collins, RCD CIT. Bhí beorochtain ag an gcúigear ar theileascóp róbatatacha i gCalifornia mar chuid de chomhpháirtíocht dé-oideachasúil chomhchathrach a d'fhorbair RCD CIT.

Go luath tar éis éirí san aer dóibh, bhain an cúigear mac léinn úsáid as Wi-Fi na haerlíne chun nasc a dhéanamh leis an teileascóp i nGleann Portola agus iomhánna de spás a ghlacadh roimh éirí na gréine ar an gCósta Thiar. Roghnaíodh na mic léinn chun ceacht i gcódú a thabhairt do Mhéara Ed Lee de chuid San Francisco mar chuid den turas cúig lá.

Bhí mar aidhm ag an turas naisc theicneolaíochta a fhorbairt idir San Francisco agus Corcaigh, an chathair inar bunaíodh CoderDojo. Thaispeáin na mic léinn a scileanna códaithe d'ionadaithe cuid de na gnólachtaí is mó atá bunaithe in Silicon Valley. Tugadh am dóibh freisin ar chlár príomhama ar 3 Aibreán nuair a rinne ABC scannán de chúigear déagóirí CoderDojo agus cód á mhúineadh acu do pháistí as San Francisco agus sonraí as Tionscadal Tara á n-úsáid acu. Craoladh an tuairisc ar chraoladh nuachta 4pm agus 8pm.

55. D'ostaigh Roinn na Turasóireachta & an Fháilteachais de chuid CIT THRIC i mbliana, an Chomhdháil Taighde ar an Turasóireacht agus ar an bhFáilteachas in Éirinn. Is imeacht bhliantuil í an chomhdháil agus í arna hóstú ag na hInstitiúidí Teicneolaíochta in Éirinn chun taighde reatha i réimsí na Turasóireachta agus an Fháilteachais in Éirinn a athbhreithniú agus a léiriú. Bhí an 10ú Comhdháil ar siúl ar Champas Bhaile an Easpaig ar 3 agus 4 Aibreán 2014. Chuir an tUachtarán fáilte roimh Seán Sherlock TD, Aire Taighde agus Nualaíochta, a d'oscail an Chomhdháil go hoifigiúil. Bhí seisear príomhchainteoirí ann agus cuireadh breis is 30 páipéar taighde i láthair. Rinneadh dea-thinreamh ar an gComhdháil a raibh siad siúd a leanas ina measc:

- Taighdeoirí agus luath-thaighdeoirí agus maoirseoirí taighde
- Mic Léinn Turasóireachta
- Ceanna Oideachas Turasóireachta agus Fáilteachais i ngach IT agus DIT
- Léachtóirí le Turasóireacht agus Fáilteachas as Institiúidí agus Ollscoileanna
- Ionadaí ó Chomhairle Chathair agus ó Chomhairle Chontae Chorcaí
- Ionadaithe ó Fháilte Éireann
- Ionadaithe ó ITIC (Cónaidhm Thionscal na Turasóireachta in Éirinn)
- Ionadaithe IHF (Cóshnaidhm Óstáin na hÉireann)
- Ionadaithe ó RAI (Cumann Bialanna na hÉireann)
- Léachtóirí Cuairte ó thar lear

56. D'oscail Seán Sherlock TD, Aire Taighde agus Nualaíochta, SciFest 2014 go hoifigiúil ag CIT ar 4 Aibreán 2014. Is féile náisiúnta eolaíochta í SciFest a eagraítear go réigiúnach i gcomhar le hInstitiúidí Teicneolaíochta agus í ar oscailt do gach mac léinn dara leibhéal. Cruthaíodh í chun fóram breise a chur ar fáil do mhic léinn torthaí a gcuid taighde san eolaíochta a chur i láthair agus a thaispeáint, tar éis gur éirigh chomh maith sin le taispeántas Eolaí Óg BT atá ar siúl go rathúil le breis is daichead bliain.

Chuir imeacht na bliana seo ag CIT 150 tionscadal ar taispeáint ó 320 mac léinn de chuid scoileanna dara leibhéal, ón 1ú bliain go 5ú bliain, agus as 25 scoil ó Chathair agus Chontae Chorcaí.

57. D'éagraigh Seirbhís Rochtana CIT i gcomhar le hOifig Ealaíon CIT tionscnamh Ealaíne nua do Scoileanna Rochtain-nasctha. Is é atá sa tionscnamh ná comórtas ealaíne inar tugadh cuireadh d'ealaíontóirí óga ionchasacha píosa ealaíne ar an téama "Mo Oideachas, Mo Dhán" a chur isteach. Tá mar aidhm ag an tionscnamh deis a thabhairt do mhic léinn i nasc-scoileanna dara leibhéal a mianaidhm don todhchaí a iniúchadh trí mheán na healaíne. Spreagann an clár ealaíontóirí atá ag teacht in innimhe a gcruthaitheacht a léiriú agus a gcruthúcháin a thaispeáint i spás gairmiúil tiomanta ealaíne.
- Taispeánadh saothar na mac léinn i Lárionad Taispeántais James Barry in CIT ó 8-29 Aibreán 2014. Rinneadh an Seoladh Foirmiúil am lóin ar 8 Aibreán agus ba é an Dr Barry O'Connor, Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla a rinne an oscailt.
- Seoladh an Tionscnamh Ealaíne go foirmiúil le linn 11ú Féile na Foghlama ar Feadh an tSaoil a bhí ar siúl ó 7 – 13 Aibreán 2014. Ar na scoileanna a raibh baint acu leis an tionscnamh seo bhí:
- Meánscoil na nUrsalach
 - Coláiste Pobail Naomh Aodáin
 - Colaiste Pobail Churrach an Eich Bhuí, an Cóbh
 - Coláiste Naomh Brógáin, Droichead na Bandan
 - CBS Páirc an Fhia
58. Ghnóthaigh na taighdeoirí CIT agus bunaitheoirí AventaMed, Olive O'Driscoll agus John Vaughan, Comórtas Idol MedTech ag comhdháil Feistí Leighis Invest in Innovation (IN3) 360^o a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath ar 9 Aibreán 2014. Thug chomhdháil IN3 grúpa éagsúil ceannairí príomhsmaointe MedTech i dtoll a chéile ar a n-áirítear feidhmeannaigh chorparáideacha forbartha gnó, infheisteoirí caipitil fhiontair agus aingil agus fiontrithe tosaithe gnó agus bhí clár suntasach painéal, seisiún líonraithe agus deiseanna bualadh le lucht tionsclaíochta ann.
- Chuimsigh an chomhdháil an comórtas Idol MedTech le haghaidh cuideachtaí MedTech sna luathchéimeanna agus tugadh deis do 4 chuideachta roghnaithe as iontráil thosaigh de 30+ cuideachta idirnáisiúnta a gcuid pleananna gnó agus a dtáirgí a chur faoi bhráid painéal d'infheisteoirí MedTech den scoth.
- Mar bhuaiteoirí, déanfaidh AventaMed ionadaíocht do CIT i gComhdháil Mhullaigh an IN3 Feisti Leighis 360^o ó 5 go 7 Samhain in San Francisco.
- Tá AventaMed ag tráchtáil feiste úr indiúscartha ENT (V-tiúb) a úsáidtear le tiúbanna groiméid a chur isteach i dtiompán na cluaise. Cuireann an fheiste groiméad réamhualaithe isteach i dtiompán na cluaise i níos lú ná 2 shoicind agus ligtear don ghnáthamh a bheith déanta i suíomh cliniciúil, gan ghá le hainéistíseach ghinearálta thraidisiúnta a úsáid in obrádlann. I ndlúthchomhairle le príomhshaineolaithe in óta-laraingeolaíochta, rinne CIT agus AventaMed ceannródaíocht ar an bhfeiste seo a laghdóidh na costais ghnáthaimh de bhreis is 50%. Léiríodh an-mheas in earnáil an leighis ar a dhearadh nuálach, na gnéithe sábháilteachta agus na buntáistí sábhála costais. D'fhorbair taighdeoirí i Lárionad Nuálaíochta agus Dearaidh Innealtóireachta Leighis de chuid CIT (MEDIC) trí thionscadal Chiste Tráchtáilte Fhiontar Éireann.
59. Fógraíodh Cumann Idirnáisiúnta na Mac Léinn de chuid na hInstitiúide agus an Cumann Ceoil ina mbuaiteoirí ar 10 Aibreán 2014 ag Gradaim na gCumann Náisiúnta BICCS a d'óstáigh Ollscoil na Banríona. Ghnóthaigh Cumann Idirnáisiúnta na Mac Léinn "Gradam don Chumann is Fear" sa réimse acaduil, cultúrtha agus sóisialta. Ghnóthaigh an Cumann Ceoil "an Cumann Is Mó Feabhas" as a gclaochlú dearfach le linn na bliana seo caite. Is éacht suntasach é don dá ghrúpa agus do CIT na gradaim a bhaint amach in onóracha an-iomaíochta a bhfuil an-tóir orthu.
60. Ar 14 Aibreán 2014, ghnóthaigh taighdeoirí NIMBUS, an Dr Martin Klepal agus an Dr Christian Beder, an bonn óir as an saorchóras raidió rianaithe suímh istigh ag comórtas a bhí urraithe ag Microsoft ag Seachtain CPS i mBerlin. Is ceann de na comhdhála is mórchlúití ar domhan í ar thaighde ar chórais leabaithe. Is iontach an t-éacht é seo de bhrí go raibh rannpháirtithe ann as institiúidí a bhfuil cáil dhomhanda orthu amhail MIT, Stanford agus Ollscoil Cambridge.
61. Ghnóthaigh an Mhonarcha Ailtireachta ag Campas Bhaile an Easpaign de chuid CIT an Gradam Intithe Idirnáisiúnta (Gradam Platinum) as breis is 12,000 iontráil ag an "A Design Awards and Competition" ar 16 Aibreán 2014. Is é an comórtas bliantúil seo an comórtas dearaidh is mó ar domhan agus déanann painéal tionsclaíoch moltóireacht air.
62. Ar iarratas ó Fiona Corcoran Uas., bunaitheoir an "Greater Chernobyl Cause", ar son Ambasadóir na Rúise, chuir an tUachtarán fáilte roimh Ambasadóir na Rúise, a Shoilse Maxim Peshkov agus Oifigigh de chuid na ambasáide chuig an Institiúid ar 25 Aibreán 2014. Bhí mar aidhm ag an gcuairt bualadh le mic léinn Rúiseacha atá ag freastal ar CIT. Tugadh iad ar thuras na hInstitiúide a raibh Lárionad Rubicon san áireamh ann.
63. Ar 30 Aibreán 2014, d'fhógair an tAire Jabanna, Fiontair agus Nuálaíochta, Richard Bruton TD, agus Seán Sherlock TD, Aire Taighde agus Nuálaíochta, €47m de mhaoiniú do thionscnaimh cheannródaíochta taighde, a dhéanann an Roinn Jabanna, Fiontair agus Nuálaíochta a sheachadadh trí mheán an Chlár Imscrúdaitheoirí de chuid Fhiontair Eolaíochta na hÉireann. Is clár an-iomaíoch é seo.
- Bhí an Dr Dirk Pesch, Ceann Lárionad NIMBUS do Thaighde ar chórais Leabaithe, ina chomhiarratasóir rathúil ar thogra dar teideal "SURF: Service-centric networking for urban-scale feedback systems". Tacaíonn an deontas go mór leis an taighde leanúnach in NIMBUS.
64. Ar 2 Bealtaine 2014, sheol an Roinn Spóirt, Fóillíochta & Staidéar Luathóige, go hoifigiúil "Tionscadal Spraoi: Straitéis chun cothú agus gníomhaíocht fhisiciúil a fheabhsú i leanaí scoile in Éirinn". Ba é Jimmy Deenihan TD, Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, a sheol an tionscadal. Mhol sé iarrachtaí na Foirne Taighde agus na leanaí scoile, príomhoíidí agus múinteoirí a bhí i láthair

Tá an tionscadal á chur i bhfeidhm ag triúr céimithe de chuid na Roinne a rinne an t-uafás oibre chun an tionscnamh seo a thabhairt isteach i mbunscoileanna i gCathair agus Contae Chorcaí. Is é an aidhm ná an tionscadal taighde a leathnú go dtí Mór-Réigiún Chorcaí agus i ndeireadh báire ar scála náisiúnta.

65. Bhí Athaontú Tionscnaimh Chéimithe Cuntasaíochta na Scoile Gnó CIT ar siúl ar 8 Bealtaine 2014 in Ostán Maryborough chun 30 bliain den Oideachas Cuntasaíochta sa réigiún a cheiliúradh. I láthair bhí an Leas-Ardmhéara, an Comh. Michael Aherne agus a bhean Eileen, baill den Bhord Rialaithe, an tUachtarán, baill den Bhord Feidhmeannachta, ionadaithe as na comhlachtaí Gairmiúla Cuntasaíochta, baill foirne reatha, baill foirne ar scor, agus líon mór Céimithe Cuntasaíochta CIT as cleachtais agus tionsclaíocht.
- Is í CIT an t-aon soláthraí atá ag gach clár de na comhlachtaí gairmiúla agus faoi láthair tá 470 mac léinn i Scoil Ghnó CIT ag déanamh staidéir ar an gcuntasaíocht, 210 díobh ag leibhéal fochéime/iarchéime agus 260 ar bhonn páirtaimseartha ag déanamh staidéir ar an gcuntasaíocht ghairmiúil.
66. In alt a foilsíodh san Irish Times ar 14 Bealtaine 2014, léirigh rangú nua AE-urraithe don ardoideachas gur ghnóthaigh CIT "A" don chomhfhoilsiú taighde le comhpháirtithe tionsclaíochta, an t-aon Institiúid Oideachais a bhain amach an grád sin. Bhí a bhformhór sa leath thuas den chóras U-Multirank, agus ba iad ab fhéarr a chruthaigh ná DCU, UCC, NUIG agus CIT.
67. Rinne mic léinn na hidirbhliana as Corcaigh, Luimneach agus Gaillimh freastal ar CIT chun páirt a ghlacadh sa chlár "Engineering Your Future" do mhic léinn na hidirbhliana. D'fhreastail 72 mac léinn as scoileanna dara leibhéal ar an gclár seachtaine ar cuireadh tús leis ar 19 Bealtaine 2014 – 12 chailín agus 60 buachaill.
68. Thug Kritlin Linklater, duine de na guthanna seamhnacha in Oilíúint Aisteora agus Gutha ar domhan, cuairt ar CSCh CIT ar 22 Bealtaine 2014 chun castáil le mic léinn de chuid an BA (Onór) i Staidéar Amharclainne agus Drámaíochta. Is múinteoir guth-tháirgthe í a bhfuil cáil dhomhanda uirthi agus a lean gairm acadúil agus amharclainne an-rathúil i SAM agus san Eoraip ar feadh na gcaoga bliain seo caite.
69. Bhí Ceardlann Réigiúnach CIT de na Cláir de chuid Acadamh IT VMware agus EMC Academic Alliance ar siúl ag Campas Bhaile an Easpaig ar 27 Bealtaine 2014. D'éirigh go maith leis an imeacht seo. Tháinig na daoine a bhí i lathair as trí Ollscoil (UCC, UL agus UU, Jordanstown) agus cúig IIT (WIT, IT Cheatharlach, IT Bhaile Blainséir, IT Thamhlachta agus IT Thrá Lí). Bhí Gerry Murphy, Idirchaidreamh Acaduile VMware agus Kate O'Keefe, Oilíúint & Forbairt VMware i láthair freisin agus luaigh siad arís a dtacaíocht d'fhorbairt Acadamh IT VMware go náisiúnta agus CIT mar Acadamh Réigiúnach na hÉireann. Bhí Bob Savage Uas. Leas-Uacht. EMC agus Cathaoirleach Bhord Rialaithe CIT i láthair ag seisiún an tráthnóna agus thug a thacaíocht don chlár agus ghlac

páirt i seisiún ceisteanna agus freagraí. Ba mhór le gach duine a bhí ann é sin agus léirigh an ról tábhachtach a imríonn an tAcadamh mar chainéal don rannpháirtíocht idir earnáil an tríú leibhéal agus príomhdhioltóirí teicneolaíochta amhail EMC agus VMware.

70. Bhí searmanas ar siúl chun athnuachan an Mheamram Tuisceana ar an gComhoibriú Taighde idir CIT agus Institiúid Náisiúnta Tyndall ar siúl ar 27 Bealtaine in Institiúid Náisiúnta Tyndall. Bhí Seán Sherlock TD, Aire Taighde agus Nuálaíochta, i láthair ag an searmanas.
71. Osclaíodh foirgneamh CREATE (Lárionad don Taighde ar Ard-Innealtóireacht Theiripeach) go foirmiúil ar 6 Meitheamh 2014 agus bhí Seán Sherlock TD, Aire Taighde agus Nuálaíochta i gceannas.

Den chéad uair, tabharfaidh CREATE (Lárionad don Taighde ar Ardinnealtóireacht Theiripeach) le chéile taighdeoirí ildisciplíneacha ó na heolaíochtaí beatha, an fhótónaic agus bithinnealtóireacht i saoráid shaintógtha a chuirfidh le líon chomhoibríthe CIT (atá ag dul i méid) go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Maoiníodh foirgneamh CREATE faoi Chlár an Údarás um Ard-Oideachas don Taighde in Institiúid tríú leibhéal agus ceapadh BAM Contractors mar an phríomhchonraitheoir.

72. Mar bhuaiteoirí na bliana seo caite, d'óstaigh an Institiúid Gradaim na bhFiontraíthe Mic Léinn Uile-Oileáin de chuid Fhiontar Éireann ó 10 go 12 Meitheamh 2014 ag Campas Bhaile an Easpaig. Thug an Leas-Uachtarán don Fhorbairt, Michael Delaney, an t-aitheasc oscailte ag bronnadh na ngradam ar 12 Meitheamh 2014.

I mbliana fuarthas 450 iarratas ó institiúidí tríú leibhéal ar fud na tíre. As an líon sin, roghnaíodh 10 iomaitheoir don bhabhta ceannais chun a gcuid smaointe gnó a chur i láthair agus a thaispeáint. Tá Gradaim na bhFiontraíthe Mic Léinn oscailte do gach mac léinn lánaimseartha tríú leibhéal in Éirinn. Is cuid d'arracht mhór é an comórtas chun leas a bhaint as acmhainn na mac léinn tríú leibhéal agus gnólachtaí tráchtála a dhéanamh dá gcuid smaointe fiontraíochta.

73. Seoladh go hoifigiúil an Continuing Education Handbook 2014/15 ar 16 Meitheamh 2014. Rinne Liam Linehan Uas., Bainisteoir Acmhainní Daonna, Irish Examiner agus Evening Echo agus Cathaoirleach CIPD Réigiún an Deiscirt, an seoladh.
74. Reachtáil Roinn na Matamaitice seimineár in CIT dar teideal "Data Analytics Cork – Reason, Rigour, Fin Barre and Boole" ar 18 Meitheamh 2014. Bhí cuid mhaith daoine i láthair idir bhaill foirne agus mhic léinn agus ionadaíocht shuntasach ó phobal taighde CIT. Bhí léachtóirí ó UCC agus páirtithe leasmhara ón tionsclaíocht, ó na hearnálacha poiblí agus príobháideach araon i láthair. Agus imeachtaí an tráthnóna á n-oscailt aige, labhair Aengus Daly, Léachtóir i Roinn na Matamaitice, faoin tábhacht a bhaineann le téama taighde ar Olltíomsú Sonraí in CIT agus faoin obair le déanaí a rinne mic léinn

de chuid an Ard-Diplóma in Eolaíocht & Anailiseacht Sonraí i dtaca le modúl an tionscadail mhullaigh. Ba léir gurbh é an clár seo a spreag rannpháirtíocht mhéadaithe go mór idir Roinn na Matamaitice agus an tionsclaíocht le linn na bliana seo caite. Chuir ceathrar mac léinn a dtionscadail i láthair ar an lá agus thuill siad cáil dóibh féin agus d'fhoireann an chláir.

75. Bhí Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile ar siúl ar 19 Meitheamh 2014 i gColáiste Náisiúnta Mara na hÉireann agus fuair 64 réamhchémí a gcuid pár.
76. D'ostaigh Tec Gateway i Lárionad NIMBUS Lá Oscailte Tionsclaíochta ar 20 Meitheamh 2014 agus an chéad duais de mhaoiniú taighde de €5,000. Bhí cainteoirí an imeachta ann as an Tionsclaíocht, ó Fhiontar Éireann agus ó CIT agus iad ag cur síos ar nuálaíocht teicneolaíoch agus ar na seirbhísí maoinithe a bhí le fáil ag Gnólachtaí Tosaithe, ag SMEanna agus ag fiontair mhóra ar fud na hÉireann. Ar chlár an lae oscailte freisin bhí láithreoireacht ó Fhiontar Éireann maidir le meicníochtaí maoinithe ar a n-áirítear conas leas a bhaint as na scéimeanna maoinithe do thionscadail nuálacha, mar aon le láithreoireachtaí ó chliant tionsclaíochta a d'oibrigh go rathúil le Tec Gateway san am atá caite.
77. D'ostaigh CIT Campa Fiontair ar 18 Lúnasa 2014 i Lárionad Rubicon, Campas Bhaile an Easpaig. Bhí sé dírithe ar mhic léinn dara leibhéal i dtimthriall an Teastais Shóisearaigh. Rinne siad iniúchadh ar an bhfiontraíocht agus ar a ngnólacht féin a thosú mar ghairm sa todhchaí sa champa a sheas ar feadh seachtaine. Roghnaíodh 25 mac léinn go randamach as scoileanna i gCathair agus Contae Chorcaí de bhrí go raibh an-éileamh ar an gclár.

Bhuail na mic léinn le fiontraíthe ó Lárionad Rubicon, le Fiontraí Cónaitheach CIT, Kieran Moynihan, le léachtóirí CIT agus le haoichainteoirí ón tionsclaíocht ar a n-áirítear Gregory O'Gorman Uas., Kilkenny Group. Is é an Kilkenny Group an t-ollmhargadh is mó do tháirgí a dearadh in Éirinn. Chuaigh siad ar suíomh chun cuairt a thabhairt ar Johnson & Johnson, Rinn an Scidigh. Tugadh deis do na mic léinn freisin a bheith cruthaitheach, obair i bhfoirne a dhéanamh, deiseanna a iniúchadh, agus eispéaras dearfach a bheith acu i dtimpeallacht fhiontraíoch anseo in CIT. Fuair siad deis freisin smaointe gnó a ghiniúint, foghlaim conas taighde a dhéanamh ar an margadh agus é a thuiscint agus conas a imríonn na meáin shóisialta tionchar ar chúrsaí gnó an lae inniu. Bhí sraith de cheardlanna praiticiúla ag an gcampa do na mic léinn a d'éascaigh baill foirne. Mar chríoch leis an tseachtain, chuir na mic léinn a gcuid smaointe féin i láthair phainéil agus rinne machnamh ar an tseachtain agus ar na féidearthachtaí a bhí ar fáil dóibh sa todhchaí.

7.2 Cumann na gCéimithe CIT (CITAA)

Cuireann an Oifig um Chaidreamh le Céimithe CIT ar chumas Céimithe CIT dlúth-theagmháil a choinneáil leis an alma mater agus lena gcomhchéimithe agus leas a bhaint as raon leathan buntáistí agus seirbhísí. Tá dílseacht, tacaíocht agus bainteacht chéimithe leis an Institiúid ríthábhachtach chun rath CIT sa todhchaí a chinntiú agus geilleagar eolasbhunaithe na hÉireann á sheachadadh aici. Tá thart ar 17,500 ball ag an gCumann. Coinníonn an bunachar sonraí eolas faoi chéimithe as gach campas, ag gach leibhéal agus as gach disciplín.

Cuireann CIT ballraíocht ar fáil saor in aisce do gach céimí i gCumann Céimithe CIT. Tá raon leathan buntáistí, seirbhísí agus imeachtaí ar fáil ag baill chláráithe.

Tá Coiste Chumann na gCéimithe ar bun agus cuimsíonn sé céimithe agus baill foirne a chuireann comhairle ar an gCumann agus ar an Institiúid maidir le conas is fearr caidreamh a dhéanamh lenár gcéimithe agus an Cumann a fhorbairt tuilleadh.

Moltar do na céimithe a gcuid sonraí teagmhála a choinneáil cothrom le dáta trí rphost, láithreán gréasáin, suíomhanna líonraithe sóisialta nó trí theagmháil dhíreach leis an Oifig um Chaidreamh le Céimithe.

Clár Intéirneachta Chéimithe CIT

Cuireadh tús le Clár Intéirneachta Chéimithe CIT ar 2 Meán Fómhair 2013 agus é mar sprioc aige feasacht ar Oifig Chéimithe CIT a mhéadú i measc na mac léinn fochéime. Beidh an intéirneacht dírithe go háirithe ar Chumann na gCéimithe CIT a chur in iúl do mhic léinn na céime. Tá ról an Intéirneach larchéime ríthábhachtach chun caidreamh a chruthú le mic léinn sula mbainfidh siad a gcéim amach.

Agus é ag tuairisciú don Oifigeach um Chaidreamh le hIarchéimithe, beidh an tIntéirneach larchéime gníomhach mar thaca chun gníomhaíocht chaidrimh iarchéime ag CIT a chur chun cinn agus a fhorbairt. Beidh cur i ngníomh raon tionscnamh nua agus gníomhaíochtaí i gceist a thacóidh leis an sprioc sin i measc mic léinn CIT (ar a n-áirítear na comh-choláistí).

Comhchlár Meantóireachta na gCéimithe agus na Seirbhíse Gairme

Tá Comhchlár Meantóireachta forbartha ag Oifig na gCéimithe CIT agus an tSeirbhís Gairmeacha CIT le haghaidh mac léinn na bliana deiridh reatha agus mac léinn iarchéime. Is gníomhaíocht dheonach seachchuraclaim a mbeidh mar aidhm aige mic léinn a mheaitseáil le daoine gairmiúla ó raon leathan earnálacha d'fhonn taithe ar ghnó, eolas, saineolas agus comhairle ghairme a mhalartú.

Cuireadh tús leis an gclár i Samhain 2013 le himeacht ionductaithe agus le linn na sé mhí bhuaile meantóirí agus daltaí le chéile chun saincheisteanna éagsúla a phlé. Rinneadh rath an chlár a cheiliúradh in Aibreán 2014 le himeacht clabhsúir.

Suirbhé ar na Chéad Cheann Scríbe

Rinne Cumann na gCéimithe agus an tSeirbhís Gairmeacha agus Comhairleoireachta in CIT Suirbhé i mí an Mhárta 2014 ar Chéad Cheann Scríbe chéimithe CIT na bliana 2013. Bailíonn an suirbhé sonraí ó chéimithe úrnua chun a fháil amach an líon atá fostaithe, an líon atá ag lorg fostaíochta agus iad siúd atá rannpháirteach i mbreis staidéir nó oiliúna. Rachaidh an t-eolas chun leasa do mhic léinn, chéimithe, bhainistíocht na hInstitiúide, d'fhostóirí, lucht déanta polasaí agus do gach duine ar spéis leo cúrsaí ardoideachais.

Bailíodh sonraí ó 54% de chéimithe na bliana 2013. Déanfar suirbhé ar chéimithe na bliana 2014 in earrach 2015.

Imeachtaí (Meán Fómhair 2013 – Lúnasa 2014)

- Good Start –Ócáid Fresher to Ferrari (Deireadh Fómhair 2013)
- Aonach Gairmeacha (Deireadh Fómhair 2013)
- Athaontú Iarchéimithe Innealtóireachta Ceimicí (Deireadh Fómhair 2013)
- Seoladh Chomh-Chlár Meantóireachta (Samhain 2013)
- Imeacht Chlabhsúir na Comh-mheantóireachta (Márta 2014)
- Imeacht Fiontraíochta Iarchéimithe "Working For Yourself, Going It Alone" (Márta 2014)
- Athaontú Cuntasaíochta (Bealtaine 2014)

Cumarsáid

- Seoladh an Alumni E-News mar seo a leanas:
 - » 10,486 duine in Iúil 2013
 - » 12,346 duine mí na Nollag 2013
 - » 12,276 duine in Aibreán 2014
 - » 12,292 duine i Lúnasa 2014

7.3 Pointí Teagmhála

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA CHORCAÍ

Gréasán: www.cit.ie

CAMPAS BHAILE AN EASPAIG

Seoladh

Baile an Easpaig, Corcaigh

Teileafón

+353 21 432 6100

CEOLSCOIL CHORCAÍ CIT

Seoladh

Cé an hAontachta, Corcaigh

Teileafón

+353 21 480 7300/310

Facs

+353 21 454 7617

Gréasán

www.cit.ie/csm

COLÁISTE EALAÍNE & DEARTHA CRAWFORD CIT

Seoladh

Sráid Sharman Crawford, Corcaigh

Teileafón

+353 21 433 5200

Facs

+ 353 21 433 5201

Gréasán

www.cit.ie/ccad

COLÁISTE NÁISIÚNTA MARA NA HÉIREANN

Seoladh

Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí

Teileafón

+353 21 497 0600

Facs

+353 21 497 0601

Gréasán

www.nmci.ie



Arna fhoilsiú ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí,
Baile an Easpaig, Corcaigh, Éire.
©Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí Márta 2016

Tiomsaithe ag Lucht Foirne Oifig an Uachtaráin

Tabhair faoi deara:

Rinneadh gach iarracht a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis atá
anseo cruinn. Ní ghlacann an Institiúid freagracht
as aon dliteanas i ngeall ar earráid ar bith atá ann.

E&OE

Dearadh agus Leagan Amach

Raven Design, Corcaigh

Aistritheoir

Niall Ó Murchadha, Gallimh

